# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL FORFÁS 2009


Forfás

## Don Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta

De bhun an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1993, cuireann Forfás, leis seo, a thuarascáil agus a chuntais i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.



Eoin O'Driscoll
Cathaoirleach



Jane Williams
Príomhfheidhmeannach

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Maidir le Forfás | 5 |
| Baill Bhord Forfás | 10 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 14 |
| Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh | 16 |
| Gníomhaíochtaí Beartais | 19 |
| Discover Science & Engineering | 99 |
| Seirbhísí Corparáideacha Roinnte | 103 |
| Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) | 107 |
| Rialachas Corparáideach | 113 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais | 118 |
| Ráiteas Airgeadais | 121 |
| Aguisín: Comhairlí Comhairleacha | 146 |

# Maidir le Forfás

# Maidir Linne

Bunaíodh Forfás in 1994 mar ghníomhaireacht den Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, i gcomhthéacs timpeallacht gheilleagrach a bhí an-difriúil ón gcaoi a bhfeidhmíonn fiontair na hÉireann anois. Tá ról Forfás chomh hábharthach céanna i margadh domhanda iomaíoch agus athraitheach an lae inniu is a bhí sé nuair a bunaíodh é.

Tá réimse feidhmeanna ag Forfás a mbristear síos mar seo a leanas iad:

- Comhairle agus anailís ar bheartais; agus
- Gníomhaíochtaí eile, lena n-áirítear feasacht, creidiúnú agus seirbhísí corparáideacha roinnte

a chuireann le forbairt na timpeallachta ina bhfeidhmíonn fiontair in Éirinn.




## Comhairle agus Anailís ar Bheartais

I measc fheidhmeanna beartais Forfás tá:

- Taighde, comhairle agus tacaíocht neamhspleách agus beacht a chur ar fáil. Tugann an obair seo eolas don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus do ranna eile an Rialtais maidir lena bhfreagairtí i leith riachtanais na timpeallachta gnó domhanda atá ag athrú go síoraí. Thug comhairle beartais Forfás in 2009 faoi chúig mhór-réimse beartais atá ríthábhachtach do rathúlacht fhiontar in Éirinn:

| | |
|---|---|
| **Fiontar** | Tacú le forbairt fhiontar inbhuanaithe |
| **Eolas & Nuálaíocht** | Taighde agus teicneolaíocht a chur ag obair do ghnó agus d'Éirinn |
| **Iomaíochas** | A chinntiú gur dea-áit atá in Éirinn le cónaí ann agus le dul i mbun gnó ann |
| **Daoine** | Oideachas agus oiliúint den scoth a fhorbairt chun rathúlacht na hÉireann a chothú agus a fhorbairt |
| **Inbhuanaitheacht** | Cur le hinbhuanaitheacht an chomhshaoil agus deiseanna fiontraíochta a aithint |

- Comhtháthú beartas i measc na ngníomhaireachtaí forbartha a thacaíonn le fiontair a chinntiú.
- Idirghabhálacha faoi bheartais fiontraíochta a mheasúnú.
- Forfheidhmiú ár gcomhairle a chur chun cinn agus tionchar a imirt air.
- Cuireann Forfás tacaíocht taighde agus anailíseach ar fáil do ghrúpaí comhairleacha neamhspleácha, agus bhí na grúpaí seo a leanas ina measc siúd in 2009:
  - **Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil**
  - **An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí**
  - **An Chomhairle Forbartha Bainistíochta**
  - **An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais**

## Feasacht, Creidiúnú agus Seirbhísí Roinnte

### Feasacht

Bainistíonn Forfás an clár náisiúnta feasachta, Discover Science and Engineering (DSE). Déanann an clár seo feachtas dírithe, straitéiseach agus inchainníochtúil a sheachadadh, a bhfuil sé d'aidhm aige:

- An líon daltaí agus mac léinn a dhéanann staidéar ar na heolaíochtaí fisiceacha agus matamaitic - scileanna agus eolas atá riachtanach chun Éire a fhorbairt mar Gheilleagar Stuama - a mhéadú;
- Dearcadh dearfach a chur chun cinn maidir le slí beatha sna heolaíochtaí, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic; agus
- Tuiscint phoiblí níos fearr a bhaint amach maidir leis na heolaíochtaí fisiceacha, innealtóireacht agus matamaitic agus an luach atá acu i sochaí na hÉireann.

### Creidiúnú

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú an comhlacht náisiúnta atá freagrach as comhlachtaí cigireachta, comhlachtaí creidiúnaithe agus saotharlanna a chreidiúnú, agus is rannóg de Forfás atá ann. Is é an t-aon sínitheoir in Éirinn do na comhaontuithe iltaobhacha don Eoraip trí Chomhoibriú Creidiúnaithe na hEorpa (EA) agus ar fud an domhain trí Chomhoibriú Creidiúnaithe Saotharlainne Idirnáisiúnta (ILAC) agus an Fóram Creidiúnaithe Idirnáisiúnta (IAF).

Cuireann sé creidiúnú ar fáil de réir na sraithe caighdeán agus treoracha ISO 17000 ábhartha ó Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán agus de réir shraith na gcaighdeán Eorpach comhchuibhithe EN 45000.

### Seirbhísí Roinnte

Cuireann Forfás seirbhísí corparáideacha roinnte áirithe ar fáil do IDA Ireland, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Oifig Phríomh-Chomhairleoir Eolaíochta an Rialtais. Cuirtear na seirbhísí roinnte seo ar fáil i réimsí inar féidir le Forfás éifeachtacht agus éifeachtúlacht na seirbhísí seo a fheabhsú nó sa chás go bhfuil oibleagáidí ag Forfás mar fhostóir dlíthiúil foirne sna gníomhaireachtaí. Cuimsíonn na seirbhísí seo gnéithe de sheirbhísí airgeadais agus cuntasaíochta, acmhainní daonna, pinsin, bainistíocht áiseanna agus maoine agus bainistíocht líonra Saorála Faisnéise do na gníomhaireachtaí fiontraíochta agus do roinnt comhlachtaí poiblí eile.

# Baill Bhord Forfás



**Eoin O'Driscoll**
Cathaoirleach,
Stiúrthóir Bainistíochta,
Aderra



**Jane Williams**
Príomhfheidhmeannach,
Forfás



**Simon Barry**
Príomheacnamaí
Phoblacht na hÉireann,
Margaí Caipitiúla Bhanc
Uladh



**Bob Brannock**
Uachtarán, Oibríochtaí
na hEorpa,
Genworth Financial



**Timothy Dullea**
Iar-Phríomhoifigeach
Feidhmiúcháin,
Comharchumann
Thiobraid Árann



**An tOllamh Frank Gannon**
Ard-Stiúrthóir,
Fondúireacht Eolaíochta
Éireann



**Sean Gorman**
Ard-Rúnaí, an Roinn
Fiontar, Trádála agus
Fostaíochta



**Miriam Magner Flynn**
Stiúrthóir Bainistíochta,
Career Decisions



**William O'Brien**
Príomhfheidhmeannach,
Wm O'Brien Plant Hire
Ltd



**Barry O'Leary**
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin, IDA
Ireland



**Paul O'Toole**
Ard-Stiúrthóir,
FÁS



**Frank Ryan**
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin,
Fiontraíocht Éireann



**An Dr Don Thornhill**
Comhairleoir Gnó
Stiúrthóir Cuideachtaí



**Michael O'Leary**
Rúnaí an Bhoird

D'éirigh Anne Heraty as an mBord i bhFeabhra 2009.

D'imigh Martin Cronin, iar-Phríomhfheidhmeannach Forfás, ar scor ón mBord i Lúnasa 2009.

Tháinig Jane Williams ar an mBord nuair a ceapadh í mar Phríomhfheidhmeannach i Meán Fómhair 2009.

D'éirigh Pat Barry as an mBord ar bhunús róta i mí na Nollag 2009.

D'éirigh William O'Brien as an mBord ar bhunús róta i mí na Nollag 2009 agus athcheapadh é i Márta 2010.

Ceapadh Simon Barry, Bob Brannock, Miriam Magner Flynn agus Timothy Dullea chuig an mBord i Márta 2010.

## Coiste Iniúchóireachta Forfás

William O'Brien

Eoin O'Driscoll

Sean Gorman

Tá ceapachán amháin ar feitheamh

## Coiste Forbartha Bainistíochta Forfás

Eoin O'Driscoll

An Dr Don Thornhill

Tá ceapachán amháin ar feitheamh

# Bainistíocht Forfás

## Príomhfheidhmeannach



**Jane Williams**[1]

## An Rannán Iomaíochais



**Declan Hughes**
Bainisteoir Rannáin



**Martin Craig**
Airgeadas



**Adrian Devitt**
Iomaíochas Náisiúnta, Inbhuanaitheacht & Bonneagar



**Eoin Gahan**
Rialáil, Trádáil & Réamhfhéachaint Beartais



**Eamonn Kearney**
Córais & Áiseanna

## Oifig an Rúnaí



**Michael O'Leary**
Rúnaí & Acmhainní Daonna

1 D'imigh Martin Cronin ar scor mar Phríomhfheidhmeannach Forfás i mí Lúnasa 2009

### An Rannán Fiontraíochta agus Beartas Réigiúnach



**Helena Acheson**
Bainisteoir Rannáin



**Peter Brabazon**
Discover Science & Engineering



**Maria Ginnity**
Beartas Fiontraíochta & Cumarsáid



**Andrew Stockman**
Beartas Cánach/Airgeadais & Suirbhéanna Fiontraíochta

### An Rannán Eolaíochta, Teicneolaíochta, Nuálaíochta agus Caipitil Dhaonna



**Martin Shanahan**
Bainisteoir Rannáin



**Marie Bourke**
Caipiteal Daonna agus Beartas an Mhargaidh Saothair



**John Dooley**
Beartas Eolaíochta & Teicneolaíochta



**Karen Hynes**
Beartas Nuálaíochta

### Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú



**Adrienne Duff**

# Ráiteas an Chathaoirligh



**Eoin O'Driscoll, Cathaoirleach**

Ba bhliain an-dúshlánach a bhí in 2009 do gheilleagar na hÉireann agus ba bhliain dheacair í do na cuideachtaí a fheidhmíonn anseo. Léiríonn na chéad mheastacháin gur tháinig laghdú de 7.1 faoin gcéad ar Olltáirgeacht Intíre in Éirinn, mar thoradh ar an titim i muinín na dtomhaltóirí chomh maith le cúngú leanúnach i ngníomhaíocht san earnáil tógála. Is é seo an laghdú is mó a tháinig riamh ar aschur in aon bhliain amháin. Tháinig laghdú náisiúnta de 8.1 faoin gcéad ar fhostaíocht go náisiúnta freisin.

I rith 2009 bhí feabhas le feiceáil ar iomaíochas costais na hÉireann, le laghdú ag teacht ar chostais fuinnimh, maoine agus saothair, chomh maith le tuiscint bhreise nach mór costais a laghdú chun teacht le leibhéil ár bpríomhpháirtithe trádála le haghaidh fás inbhuanaithe agus fadtéarmach. Tá laige choibhneasta an euro tar éis cur le hiomaíocht costais feabhsaithe freisin. Tá bearna suntasach fós in iomaíochas costais agus tá gá le tuilleadh oibre, go háirithe i réimsí na bhfóntas agus na seirbhísí gairmiúla. In ainneoin fás lag ó Mheán Fómhair 2008 i leith, tá leibhéil na praghsanna do thomhaltóirí in Éirinn i measc na leibhéal is airde i limistéar an euro. Tá réimse costais fóntais in Éirinn fós daor áfach, lena n-áirítear seirbhísí leathanbhanda, diúscairt dramhaíola agus fóin phóca. Thóg sé níos faide ar chostais na seirbhísí gairmiúla freagairt don chúlú eacnamaíoch, agus níl ach laghdú beag sna praghsanna tagtha ar roinnt earnálacha. Tá an-imní ann freisin faoi chostais an árachais in Éirinn. Beidh fás geilleagrach suntasach sa todhchaí ag brath ar na coinníollacha cearta a bheith cruthaithe againn go náisiúnta chun tacú le hearnáil onnmhairithe bhríomhar agus ní mór dúinn cur le feabhsúcháin in iomaíochas chun é seo a bhaint amach.

Is ardán atá i mbunús costais feabhsaithe ónar féidir linn dul in iomaíocht agus ioncam a ghineadh i margaí idirnáisiúnta. Cuirfidh táirgiúlacht fheabhsaithe agus cur chun cinn fáis inbhuanaithe trí nuálaíocht ar ár gcumas chur leis an ardán sin agus dul in iomaíocht ar bhealach níos éifeachtúla. De bhua tháirgí agus sheirbhísí nuálacha a chuireann luach níos fearr ar fáil sa mhargadh agus a bhaineann úsáid as torthaí ár n-infheistíochta in eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht, bainfimid an buntáiste iomaíoch sin amach. Tá gluaiseacht na hÉireann i dtreo Geilleagar Stuama agus coincheap Nuálaíocht Éireann á gcothú go náisiúnta chun creat a chur ar fáil d'fhás onnmhairithe fadtéarmach. Tá Forfás ag obair i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus IDA Ireland chun tacú le forbairt agus leathnú cuideachtaí onnmhairithe nuálacha. Léiríonn sonraí go bhfuil 45% de ghnólachtaí na hÉireann gníomhach ó thaobh na nuálaíochta de. Caitheadh timpeall €2.6 billiún, sin 1.68 faoin gcéad den Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) ar Thaighde agus Forbairt in Éirinn in 2008 agus rinneadh €1.68 milliún den taighde agus fhorbairt sin i dtionscail. Léiríonn seo an chaoi ina bhfuil an taighde

den scoth atá ar siúl in Éirinn ag nascadh le tionscail chun réimsí gnó nideoige láidre agus iomaíocha a chruthú.

Tá gníomhaíocht chinntitheach an rialtais agus iad ag tabhairt faoin airgeadas poiblí agus faoi athchaipitliú bhainc na hÉireann ag tabhairt na muiníne ar ais i ngeilleagar na hÉireann. De réir mar a fheabhsaíonn trádáil dhomhanda agus a bhunaítear margaí láidre ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil an mhuinín, na daoine agus an maoiniú ag ár mbunús fiontraíochta le gur féidir leis fás. Ní mór dúinn leanúint leis an infheistíocht in oideachas agus i mbreisoiliúint agus ní mór dúinn réitigh airgeadais fhónta a sholáthar do chuideachtaí a bhfuil cumas láidir acu.

Tá sé níos tábhachtaí ná a bhí sé riamh go n-oibrímid le chéile chun bearta soiléire agus straitéisí tráthúla a fhorbairt. Chun a chinntiú go bhfuilimid ábalta buntáiste a bhaint as an bhfeabhas geilleagrach a bhfuiltear ag súil leis, beidh gá le comhardú cúramach idir thabhairt faoi shaincheisteanna gearrthéarmacha go rathúil, agus ghníomhú chun torthaí a sheachadadh sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Thar ceann an Bhoird, tá áthas orm tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar thorthaí shaothar Forfás i rith na bliana seo caite. Chuir an eagraíocht comhairle beartais agus anailís bheartais ar fáil chun tacú leis an Rialtas agus le fiontair tabhairt faoi réimsí buarthaí práinneacha ar theastaigh réitigh láithreacha ina leith. Choimeád an eagraíocht súil ghéar freisin ar an bhfadtéarma chun réiteach do riachtanais na fiontraíochta amach anseo. Ba mhaith liom buíochas speisialta a ghlacadh le Jane Williams, a tháinig isteach ar an mBord i Meán Fómhair tar éis do Martin Cronin, a bhí ina Phríomhfheidhmeannach roimhe sin, imeacht ar scor. Ag bogadh di óna ról mar Stiúrthóir Bainistíochta an Sia Group, chuir Jane go mór le saothar na heagraíochta, agus threoraigh sí foireann oibre Forfás trí thréimhse rídheacair le naoi mí anuas. Glacaim buíochas léi as ucht a tiomantais agus guím gach rath uirthi agus í ag filleadh ar an earnáil phríobháideach.

Cé gur bliain dhúshlánach a bhí ann, d'fhreagair foireann oibre Forfás don dúshlán seo agus tháirg siad saothar oibre suntasach a bhfuil tionchar suntasach imeartha aige d'fhonn cur ar chumas na hÉireann dul ar aghaidh agus dul chun cinn a dhéanamh i rith na tréimhse gan fasach seo.

# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh



**Jane Williams,**
**Príomhfheidhmeannach**

Ba bhliain an-dúshlánach agus rathúil a bhí sa bhliain seo do Forfás. Tá aschur beartais suntasach seachadta ag an eagraíocht i dtimpeallacht atá athraithe go mór. Tá an-éileamh ar chomhairle beartais atá bunaithe ar fhianaise anois agus iarracht á déanamh ag lucht déanta beartas agus ag daoine gnó a mbealach a aimsiú tríd an éiginnteacht gheilleagrach agus airgeadais atá ann faoi láthair. Tá an-éileamh freisin ar ghníomhaíochtaí Forfás i seirbhísí creidiúnaithe, cláir feasachta agus seirbhísí roinnte - creidiúnú a chumasú, feabhas a chur ar rannpháirtíocht dhaltaí agus mhic léinn le heolaíocht, matamaitic agus innealtóireacht, agus rialachas a chur ar fáil.

Mar dhuine gnó, a bhog isteach san earnáil phoiblí ar feadh tréimhse ghairid naoi mí, chuaigh castacht ár gcórais riaracháin phoiblí i bhfeidhm go mór orm, agus tá an-mheas agam ar scil agus ar fhoighne na ndaoine a fheidhmíonn taobh istigh de. Feidhmíonn grúpa tiomanta agus cumasach de státseirbhísigh, de pholaiteoirí agus d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí taobh istigh den chóras seo. Tá súil agam go ndéanfaidh na hiarrachtaí reatha ar athchóiriú na hearnála poiblí éascú ar scaoileadh éifeachtachtaí agus éifeachtúlachtaí i gcultúr, struchtúir agus timpeallacht oibre na hearnála poiblí, ionas gur féidir na scileanna go léir atá ann a úsáid chun tacú le téarnamh agus chun cur le rathúnas geilleagrach agus sóisialta na hÉireann sna deich mbliana seo amach romhainn.

Tá Forfás tar éis anailís agus comhairle a chur ar fáil ar shaincheisteanna don fhiontraíocht, chun tabhairt faoi shaincheisteanna práinneacha agus chun an ceann is fearr a fháil ar dhúshláin le linn téarnaimh. I measc na bpríomhréimsí inar thug Forfás comhairle i leith gníomhartha práinneacha chun cabhrú leis an Rialtas agus earnáil na fiontraíochta maidir leis an ngéarchéim, bhí:

- rochtain ar airgeadas agus chreidmheas do ghnólachtaí a fheabhsú;
- bearta fioscacha a chur i bhfeidhm chun infheistíocht tháirgiúil san earnáil agus poist a chothú, i gCáinaisnéis Fhorlíontach 2009 agus i gCáinaisnéis 2010;
- tosaíochtaí nua a shocrú maidir le hinfheistíocht i mbonneagar chun na riachtanais fiontraíochta a chomhlíonadh i gcomhthéacs airgeadais phoiblí níos géire;
- costais gnó in Éirinn a laghdú, na costais a bhaineann le fuinneamh, bainistíocht dramhaíola agus seirbhísí gnó go háirithe;

- éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gclár gníomhachtaithe don mhargaidh saothair a fheabhsú; agus
- ár dtáirgiúlacht agus ár bhfeidhmíocht nuálaíochta a fheabhsú.

Bhí fócas na comhairle beartais dírithe ar an todhchaí in 2009 bunaithe ar na gníomhartha a bhí ag teastáil chun filleadh inbhuanaithe ar tháirgiúlacht agus fás bunaithe ar onnmhairiú, lena n-áirítear:

- infheistíocht i líonraí leathanbhanda den chéad ghlúin eile a bhrostú chun fás i bhfiontair an lae inniu agus in earnálacha fáis don todhchaí a bhrú chun cinn;
- luacháil ar chláir an mhargaidh saothair;
- measúnú ar thosaíochtaí agus ar thorthaí ó infheistíocht san eolaíocht agus i dteicneolaíocht;
- ár mealltacht mar áit chun dul i mbun gnó a chothú agus a fhás d'earnálacha lárnacha fáis, mar shampla na heolaíochtaí beatha agus an geilleagar glas, agus tabhairt faoi riachtanais scileanna agus forbartha bainistíochta don todhchaí;
- toradh cuí a chinntiú ón infheistíocht i dtaighde agus ardoideachas trí iarrachtaí tráchtálaithe a chothú agus trí shreabhadh céimithe chuig an bhfiontraíocht a spreagadh;
- iomaíochas ár réigiúin agus ár gcathracha a fheabhsú chun a chinntiú go bhfuil gach ceantar ag cur lenár dtéarnamh an oiread agus is féidir leo;
- tabhairt faoi na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide in idirbheartaíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar bhealach a fheabhsaíonn inbhuanaitheacht agus iomaíochas na bhfiontar in Éirinn chomh maith leis na deiseanna geilleagracha a thapú de réir mar a thagann siad chun cinn; agus
- freagairt do na glaonna láidre ón tionsclaíocht i gcomhair líon níos mó mac léinn san eolaíocht agus san innealtóireacht, agus caighdeán na mac léinn seo á láidriú ag feidhmíocht fheabhsaithe sa mhatamaitic ag an dara leibhéal tríd an gclár feasachta Discover Science and Engineering.

In 2010, tabharfaidh obair Forfás faoi na nithe seo a leanas:

- Réimsí i gcomhair cruthú poist a aithint
- Cinntiú go bhfuil daoine dífhostaithe gar don mhargadh saothair chun buntáiste a bhaint as cruthú poist sa todhchaí de réir mar a tharlóidh sé.
- Tacú le fiontair d'fhonn cur ar a gcumas cobhsú agus filleadh ar fhás inbhuanaithe.
- Cinntiú go bhfuil a ndóthain creidmheasa ar fáil do ghnólachtaí.
- Fiontraíocht dhúchasach a fhorbairt agus infheistíocht dhíreach eachtrach a chothú.
- Leanúint leis an iomaíochas costais a fheabhsú.
- Táirgiúlacht a fheabhsú agus nuálaíocht a bhrú chun cinn lena n-áirítear infheistíocht i mbonneagar agus líonraí den chéad ghlúin eile go háirithe.
- Dea-thoradh a chinntiú ónár n-infheistíocht i dTaighde agus i bhForbairt.

Tá Forfás tar éis tabhairt faoi roinnt dúshláin straitéiseacha le bliain anuas chun a ról a chomhlíonadh:

- **Tá an domhan athraithe agus níl an tírdhreach nua soiléir fós.** Tá fiontair ag feidhmiú i dtimpeallacht atá athraithe go mór le dhá bhliain anuas. Ní obair fhurasta atá ann comhairle beartais a chur ar fáil i dtimpeallacht éiginnte atá ag athrú go tapa, ina bhfuil na heacnamaithe ag athbhreithniú a múnlaí agus a dtuairimí. Tá dea-chomhairle níos tábhachtaí ná a bhí sé riamh chun a chinntiú go mbíonn cinntí ar idirghabhálacha bunaithe ar réadúlacht agus go n-oibríonn siad.
- **Riachtanais ghearrthéarmacha agus freagairt mheántéarmach a chomhardú.** Díríonn géarchéim aird ar an am i láthair. Teastaíonn straitéisí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha chun rathúlacht a bhaint amach. Tá tobar domhain saineolais agus anailíse ag Forfás. I rith éigeandálaí na bliana seo, táthar tar éis a bheith ag brath air seo chun comhairle agus freagraí dea-bhunaithe agus tapa a chur ar fáil. Má táthar chun leanúint ag seachadadh san fhadtéarma, ní mór cur leis an tobar anailíse agus léargais sin. Tá sé riachtanach go gcoinneofaí an chothromaíocht chéanna idir an fhreagrúlacht agus an ghlúin saothair nua.
- **Cosúil le fiontair, tá Forfás tar éis níos mó a sheachadadh, agus níos lú acmhainní aige, le bliain nó 18 mí anuas.** Díreach mar ghnólachtaí na hÉireann, tá Forfás tar éis a tháirgiúlacht agus a aschur a mhéadú in ainneoin níos lú acmhainní. Tá an méid seo ag tarlú ag am ina bhfuil méadú suntasach ag teacht ar éileamh ar anailís bheartais, seirbhísí creidiúnaithe agus caighdeáin rialachais.

Tá seasamh an-láidir ag Forfás ag dul isteach in 2010. Neartaíodh an seasamh seo ceapachán cúigear nua a bhfuil cúlra gnó acu chun folúntais ar an mBord a líonadh agus cead ón Aire Airgeadais Príomhfheidhmeannach buan a cheapadh. Cinnteoidh na ceapacháin seo gur féidir le Forfás leanúint ag soláthar sainchomhairle agus anailís shaineolach a thagann ó chúlra na fiontraíochta agus an bheartais phoiblí araon.

Ba iad an fhoireann shainoilte de bhainisteoirí agus bhaill foirne Forfás a d'fhorbair agus a rinne seachadadh ar an gclár oibre a achoimrítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo, faoi threoir Bord tiomnaithe daoine le saineolas i bhfiontraíocht agus i bhforbairt fiontar, le tacaíocht ó chomhghleacaithe sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus i ranna rialtais eile; agus na gníomhaireachtaí eile, IDA Ireland, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don obair thábhachtach a rinne baill na gComhairlí Comhairleacha, go háirithe;

- An Dr Tom McCarthy, Cathaoirleach ar an gComhairle Eolaíochta
- Una Halligan, Cathaoirleach ar an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí
- An tOllamh Frank Roche, Cathaoirleach ar an gComhairle Forbartha Bainistíochta
- An Dr Don Thornhill, Cathaoirleach ar an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais.

Tá tacaíocht faighte agam uathu siúd thuasluaite ón uair a ghlac mé leis an bpost mar Phríomhfheidhmeannach, ar bhunús eatramhach, an 7 Meán Fómhair 2009. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhéid oibre a rinne mo réamhtheachtaí, Martin Cronin, a bhí i gceannas ar shaothar Forfás ar feadh seacht mbliana roimhe sin. Glacaim buíochas ar leith le Cathaoirleach Forfás, Eoin O Driscoll; le hArd-Rúnaí na Roinne, Sean Gorman; agus leis an bhfoireann daoine a bhainistíonn na Rannáin agus na Ranna i Forfás. Ba mhór an phribhléid dom a bheith i gceannas ar eagraíocht den chineál seo le linn na tréimhse dúshlánaí seo. Taispeánann staidéir go bhfuil rathúnas a chailliúint ina fhachtóir láidir maidir le spreagadh a thabhairt chun rathúnas a bhaint amach sa todhchaí agus maidir lena bhaint amach iarbhír freisin. Bhain Éire rathúnas amach cheana féin, agus leis an eolas atá faighte againn le dhá bhliain anuas, féadaimis oibriú i dtreo rathúnas a bhaint amach arís.

# Gníomhaíochtaí Beartais

| Fiontraíocht | 24 |
|---|---|
| Rochtain ar Airgeadas | 25 |
| Aighneachtaí Cáinaisnéise Forfás | 25 |
| An tUalach Riaracháin ar Ghnólachtaí a Laghdú | 26 |
| Measúnú Eacnamaíochta ar Thacaíocht Stáit do Thionscadail Fiontraíochta | 27 |
| Táirgiúlacht | 27 |
| Grúpa Aiseolas Fiontraíochta na Straitéise um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (SSTI) | 28 |
| Health Life Sciences in Ireland – An Enterprise Outlook | 30 |
| Tuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil um an bhFiontraíocht Ghlas | 32 |
| Earraí agus Seirbhísí a bhaineann le Fuinneamh | 32 |
| Anailís ar Idirghabhálacha Gníomhaireachtaí | 33 |
| Comhoibriú Níos Fearr idir Ghníomhaireachtaí | 34 |
| Suirbhéanna Fiontraíochta | 35 |

| Eolas & Nuálaíocht | 43 |
|---|---|
| Research Strengths in Ireland: A Bibliometric Study of the Public Research Base | 44 |
| Naisc Idirnáisiúnta na hÉireann san Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht | 45 |
| Ionadaíocht na hÉireann ar CREST | 45 |
| An Fóram Straitéiseach um Chomhoibriú Idirnáisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta (SFIC) | 46 |
| Cláir Taighde san Eoraip | 47 |
| An Fóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Taighde | 47 |
| Measúnú ar Rannpháirtíocht na hÉireann i gCreatchlár 6 an AE | 48 |
| Barrfheabhsú Rannpháirtíocht na hÉireann i gCreatchlár 7 an AE | 49 |
| Athbhreithniú ar Thacaí do Shaothrú Maoine Intleachtúla ó Thaighde Ardoideachais | 49 |
| Straitéis Tráchtálaithe don Nanaitheicneolaíocht in Éirinn | 51 |
| Tascfhórsa Nuálaíochta | 52 |
| Suirbhéanna maidir le Taighde agus Forbairt agus Nuálaíocht | 52 |

| | |
|---|---|
| Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil | 56 |
| Infheistíocht i dTaighde agus i bhForbairt a Chothú | 56 |
| The Role of PhDs in the Smart Economy | 57 |
| Ceardlann *Taighde go hIoncam (Research to Revenue)* | 58 |
| An Timpeallacht is Fearr a Chruthú i gcomhair T&F i gCuideachtaí | 59 |

| Iomaíochas | 61 |
|---|---|
| Sharing Our Future: Ireland 2025 | 62 |
| Iomaíochas na hÉireann a Athbheochan | 63 |
| Cláir Oibre Réigiúnacha um Iomaíochas | 63 |
| Líonraí na Chéad Ghlúine Eile: Gníomhartha Feidhmíochta agus Beartais | 64 |
| *Infrastructure Priorities, Coordination and Delivery* | 66 |
| Iomaíochas maidir le Costais Fuinnimh | 67 |
| Beartas Trádála agus Infheistíochta na hÉireann | 67 |
| Tacaíochta Idirbheartaíochta Trádála | 67 |
| Éascú Trádála | 68 |
| Tionchar Dhíluachadh Steirling ar Éirinn | 68 |
| Anailís agus Sonraí Trádála | 69 |
| Straitéis Nua Trádála, Infheistíochta agus Turasóireachta_Toc257381372 | 69 |
| Eoraip 2020 | 69 |
| An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais | 71 |
| Annual Competitiveness Report 2009; Benchmarking Ireland's Performance (*Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochais 2009; Feidhmíocht na hÉireann a Thagarmharcáil*)<br>Annual Competitiveness Report 2009; Ireland's Competitiveness Challenge (*Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochais 2009; Dúshlán Iomaíochais na hÉireann*) | 71 |
| Getting Fit Again: The Short Term Priorities to Restore Competitiveness (A Bheith Folláin Arís: Na Tosaíochtaí Gearrthéarmacha chun Iomaíochas a Athbhunú) | 73 |
| Driving Export Growth: Statement on Sectoral Competitiveness (Ag Cur Borradh faoin bhFás ar Easpórtáil: Ráiteas ar Iomaíochas Earnála) | 73 |
| *Cost of Doing Business in Ireland* (tuarascáil) | 74 |
| Our Cities: Drivers of National Competitiveness (Ár gCathracha: Ag Brú Iomaíochas Náisiúnta Chun Cinn) | 75 |
| Ráiteas ar Fhuinneamh | 76 |
| Ráiteas ar Oideachas agus Oiliúint | 77 |

| Daoine | 79 |
|---|---|
| Athbhreithniú ar Chláir an Mhargaidh Saothair | 80 |
| Próifíl Fostaíochta agus Dífhostaíochta | 81 |
| Beartas Imirce Geilleagraí | 82 |
| An Straitéis Náisiúnta Ardoideachais | 82 |
| An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí | 83 |
| Riachtanais Scileanna sa Todhchaí don Earnáil Bia agus Deochanna (*Future Skills Requirements of the Food and Beverage Sector*) | 83 |
| Riachtanais Scileanna sa Todhchaí don Earnáil Mhórdhíola agus Mhiondíola | 84 |
| Scileanna Cruthaitheachta, Deartha agus Nuálaíochta (*Skills in Creativity, Design and Innovation*) | 85 |
| Aighneacht don Ghrúpa Ardoideachais um Fhreagairt do Ghníomhachtú an Mhargaidh Saothair | 86 |
| Aighneacht ar Scileanna don Ghrúpa Ardleibhéil um an bhFiontraíocht Ghlas | 87 |
| Ráiteas ar Mhaoiniú d'Oiliúint Inchuideachta ón gCiste Náisiúnta Oiliúna | 87 |
| Comhoibriú le hAonad Taighde an Mhargaidh Saothair agus Scileanna FÁS | 87 |
| An Chomhairle Forbartha Bainistíochta | 89 |

| Inbhuanaitheacht | 91 |
|---|---|
| Creat Fuinnimh Fadtéarmach | 92 |
| Toradh Idirbheartaíocht Chomhairle an AE ar Chomhaontú Athrú Aeráide Iar-Kyoto | 92 |
| I dTreo Chóbanhávan: Saincheisteanna don Fhiontraíocht | 93 |
| Tagarmharcáil Bhainistíochta Dramhaíola | 94 |
| Comhairle Taighde agus Beartais Leanúnach d'Aonad Comhshaoil na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | 95 |

# Fiontraíochta

Ba bhliain an-dúshlánach a bhí in 2009 d'fhiontair in Éirinn. Tharla titim shuntasach in éileamh ar mhargaí idirnáisiúnta agus sa bhaile, tháinig an-laghdú ar obair thógála agus bhí sé deacair creidmheas a fháil. Ina theannta sin go léir, bhí gá le comhdhlúthú sna cistí poiblí, rud a d'fhág gur díríodh isteach ar ghníomhartha beartais chun cabhrú le fiontair inbhuanaithe teacht tríd agus réiteach don chor chun feabhais eacnamaíoch.

I rith na bliana, thug Forfás faoi thaighde agus anailís ar réimse saincheisteanna chun tabhairt faoin ngéarchéim atá os comhair gnólachtaí i láthair nua huaire, agus é d'aidhm aige a chinntiú go bhfuil tacaí fiontraíochta ag comhlíonadh riachtanais gnó don todhchaí. Bhí gach cineál oibre i gceist leis seo, idir mheasúnú na sainroghanna chun rochtain ar airgeadas do ghnólachtaí a fheabhsú, tosaíochtaí cánach agus caiteachais don dá cháinaisnéis in 2009, measúnú eacnamaíoch ar thacaí ó na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta agus bearta chun táirgiúlacht a mhéadú agus maorlathas a laghdú. Ina theannta sin, bhí Forfás i mbun mhór-athbhreithnithe ar na deiseanna fáis a bheidh i réimsí na n eolaíochta beatha agus an gheilleagair ghlas.

## Rochtain ar Airgeadas

Tá ról tábhachtach ag árachas creidmheasa i soláthar cosanta do cheannaitheoirí i gcoinne chuid den bhaol nó an bhaoil go léir go dteipfeadh ar cheannaitheoir an aisíoc a dhéanamh. I rith 2009, tharraing lucht árachais creidmheasa gearrthéarmacha siar agus laghdaigh siad an t-árachas creidmheasa gearrthéarmach ag clúdach tréimhse níos lú ná dhá bhliain, rud a chruthaigh fadhb shuntasach chasta. Tá tionchar aige seo ar dhíoltóirí, ar mian leo a chinntiú go bhfaighidh siad íocaíocht, agus ar cheannaitheoirí, maidir lena gcumas ionchur ó cheannaitheoirí a fháil agus a mhaoiniú. Is fadhb nua atá sna fadhbanna árachais creidmheasa seo atá ceangailte go géar le tosca eacnamaíocha baile agus domhanda atá an-éiginnte, agus tá lucht árachais creidmheasa phríobháidigh ag laghdú an bhaoil atá i gceist dóibh.

Mar thoradh ar iarratas a rinne an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus tar éis chomhairliúchán forleathan, d’aithin Forfás agus Fiontraíocht Éireann réimse roghanna beartais chun na fadhbanna a bhaineann le hárachas creidmheasa a laghdú, agus rinne siad measúnú orthu. Léirigh an measúnú go mbeadh tionchar teoranta ag scéim árachais creidmheasa onnmhairithe lenar thacaigh an stát, ós rud é gur dóigh go mbainfeadh costas ard leis don Stát, an méadú suntasach a chreidtear a thiocfaidh ar rátaí teipthe agus an costas préimhe laghdaithe do chuideachtaí.

Tá rochtain ar airgeadas ríthábhachtach d’fhiontair. Tá cinntiú an tsoláthair maoinithe leordhóthanaigh d’fhiontair na hÉireann, fiontair beaga agus ar mheánmhéid san áireamh, ina réamhriachtanas do théarnamh. Cuireann na sonraí oifigiúla reatha atá foilsithe teorainn ar an leibhéal anailíse is féidir a dhéanamh ar infhaighteacht creidmheasa, go háirithe tomhas chreidmheas “nua”. Mhol Forfás feabhsuithe i gcainníochtú sonraí agus anailís ar na sonraí de sholáthar agus éileamh creidmheasa:

- Tá Forfás tar éis a bheith ina bhall gníomhach de Ghrúpa Imréitigh an Rialtais maidir le Soláthar Creidmheasa, ina bhfuil cumainn ionadaíocha tionscal agus na bainc páirteach, ón uair a bunaíodh é i mBealtaine 2009.
- Sheol Forfás togra isteach agus chuaigh sé i mbun cainteanna le Mazars ar conas gur féidir sonraí oifigiúla ar sholáthar agus éileamh creidmheasa a fheabhsú don tuarascáil Review of Lending to SMEs, a foilsíodh i mí Iúil 2009. Bhí seo le feiceáil i moladh thuarascáil Mazars feabhas a chur ar sholáthar creidmheasa amach anseo agus bailiú sonraí a éileamh.
- Ar iarratas ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, tá Forfás tar éis tosú ag oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara chun tuiscint a fháil agus monatóireacht a dhéanamh ar iasachtaí d’fhiontar san am i láthair agus sa todhchaí. Tá obair leanúnach ar siúl ina leith seo, agus beidh sé tábhachtach d’fhonn an bealach is fearr a aimsiú chun a chinntiú go bhfuil dóthain creidmheasa ag fiontair chun infheistíocht, trádáil agus fostaíocht a éascú.

## Aighneachtaí Cáinaisnéise Forfás

### Cáinaisnéis Fhorlíontach 2009

Sheol Forfás a thosaíochtaí cánachais agus caiteachais isteach roimh an gCáinaisnéis Fhorlíontach in Aibreán 2009 chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, tar éis dul i gcomhairle le IDA Ireland, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Dhírigh an aighneacht ar:

- Iomaíochas a chothú, agus cinntiú nach méadóidh an costas foriomlán a bhaineann le bheith i mbun gnó in Éirinn, lena n-áirítear feabhsúcháin ar an gcaoi a gcaitear le sócmhainní doláimhsithe; agus
- Leanúint leis an infheistíocht don todhchaí agus le tógáil an gheilleagair eolasbhunaithe.

Chuir Forfás fáilte roimh an bhfógra sa cháinaisnéis fhorlíontach maidir le tabhairt isteach scéim nua faoisimh cánach do chaiteachas caipitiúil a thabhaíonn cuideachtaí maidir le sócmhainní doláimhsithe.

### Cáinaisnéis 2010

Thug Aighneacht Réamh-Cháinaisnéise 2010 de chuid Forfás tús áite d'ábhair cánachais agus caiteachais, tar éis dul i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontar, IDA Ireland, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Forbairt Shionainne agus Údarás na Gaeltachta, agus comhlachtaí ionadaíocha tionscal seachtracha. Mhol an aighneacht bearta cánachais faoi cheithre cheannteideal:

- Deiseanna chun an margadh a fhorbairt agus an geilleagar eolasbhunaithe a fheabhsú, lena n-áirítear an faoiseamh aontaobhach creidmheasa ar cháin a choinneáil siar ar ioncam ríchíosa ó thíortha nach bhfuil sa chonradh a leathnú amach go dtí gach cuideachta atá i mbun trádála.
- Baic ar fhorbairt margaidh.
- Gníomhachtú margaidh saothair, lena n-áirítear tionscnamh a bhaineann le díolúine ÁSPC d'fhostóirí.
- Forbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear prionsabail maidir le cáin charbóin a thabhairt isteach chun an drochthionchar ar fhiontair a laghdú.

Thug an aighneacht tús áite do chaiteachas a chothódh éiceachóras taighde beoga agus a chuirfeadh le hiomaíochas na hÉireann, i réimsí bonneagair na teileachumarsáide, an iompair, an uisce agus an fhuinnimh.

Cuireann Forfás fáilte roimh leathnú amach an fhaoisimh creidmheasa aontaobhaigh ar cháin a choinneáil siar ar ioncam ríchíosa ó thíortha nach bhfuil sa chonradh go dtí gach cuideachta atá i mbun trádála. Fógraíodh an beart seo sa Bhille Airgeadais 2010. Fáiltíonn Forfás freisin roimh an bhfógra in aitheasc cáinaisnéise an Aire Airgeadais go bhfuil Scéim Dreasachta Poist d'Fhostóirí le tabhairt isteach. Tabharfaidh an scéim seo díolúine ó ÁSPC d'fhostóirí chun fostaithe nua a fhostú ón mBeochlár. Aithnítear gur glacadh le go leor de na prionsabail a moladh in Aighneacht Réamh-Cháinaisnéise Forfás chun tionchar cáin charbóin ar fhiontair a laghdú.

## An tUalach Riaracháin ar Ghnólachtaí a Laghdú

Léirigh tuarascáil 2007 an Fhóraim um Rialáil Gnó go bhfeictear go bhfuil an t-ualach riaracháin agus rialacháin ar ghnó in Éirinn iomarcach agus go bhfuil sé ag cur isteach ar iomaíochas na hÉireann sa gheilleagar idirnáisiúnta. D'aontaigh an Rialtas gníomhú chun an t-ualach riaracháin a chuireann reachtaíocht na tíre ar ghnólachtaí a laghdú de 25 faoin gcéad roimh 2012.

Ar iarratas ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, rinne Forfás monatóireacht agus tuairisciú ar na céimeanna tosaigh den tionscadal seo, inar aithin ranna rialtais reachtaíocht

ábhartha agus inar thosaigh siad ag tabhairt tosaíochta do na rialacháin is mó a mbíonn tionchar acu ar ghnó. Ina theannta sin, réitigh Forfás páipéar don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar acmhainn chur chuige bunaithe ar riosca maidir le cur i bhfeidhm rialacháin chun cur le laghdú an ualaigh riaracháin tríd an líon cigireachtaí ar ghnólachtaí géilliúla a laghdú. D'aithin an páipéar roinnt réimsí ina bhféadfadh comhoibriú níos láidre cabhrú leis an acmhainn seo a bhaint amach i leith roinnt sonraí, ríomhRialtas, aontú ar mheabhráin tuisceana, aitheantóir gnó leithleach a fhorbairt, saincheisteanna cosanta sonraí a shoiléiriú agus treoirlínte coiteanna a bhunú maidir le forfheidhmiú bunaithe ar riosca a úsáid.

Tá staidéar á dhéanamh ar na saincheisteanna seo faoi láthair ag an bPléghrúpa ar Fhorfheidhmiú Bunaithe ar Riosca, ar a bhfuil an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Forfás agus gníomhaireachtaí cigireachta agus forfheidhmithe ábhartha.

## Measúnú Eacnamaíochta ar Thacaíocht Stáit do Thionscadail Fiontraíochta

Úsáideann na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta múnla measúnaithe geilleagrach le cabhrú leo cinneadh a dhéanamh tacaíocht a thabhairt do thionscadail forbartha fiontraíochta in Éirinn. Cabhraíonn an múnla measúnaithe geilleagrach chun idirdhealú a dhéanamh idir thionscadail fiontraíochta a bhfuil tréithe difriúla ag baint leo sa chaoi gur féidir acmhainní a úsáid le cabhrú leis na tionscadail sin is fearr a shásaíonn na critéir atá leagtha síos sa reachtaíocht agus sa bheartas tionsclaíoch. Is éard atá ann i ndáiríre ná anailís costais is tairbhe a leagadh amach chun measúnú a dhéanamh ar na tairbhí ar dhócha iad a bheith ann go príomha de thoradh tionscadail cruthaithe fostaíochta a fhaigheann tacaíocht ó na gníomhaireachtaí forbartha.

Ós rud é go bhfuil cúrsaí geilleagair mar atá faoi láthair, rinne Forfás athbhreithniú ar chuid de na príomhpharaiméadair a bhfuil tionchar acu ar thorthaí na measúnuithe a dhéantar ex-ante ar thionscadail. Ba iad na paraiméadair a ndearnadh athbhreithniú orthu ná scáthphraghas saothair, imirce agus dífhostaíocht, rátaí tagartha maidir le pá réigiúnach, agus rátaí lascaine. Tá coigeartaithe le sonrú anois sna múnlaí a úsáideann na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta chun go léireoidh siad níos cruinne na hathruithe struchtúracha atá tagtha ar an ngeilleagar.

## Táirgiúlacht

Gné thábhachtach maidir le hiomaíochas idirnáisiúnta agus inbhuanaitheacht na tíre a chur chun cinn is ea leibhéil níos airde táirgiúlachta a bheith againn, go mór mór nuair a bhíonn ar lucht gnó an lae inniu déileáil le breis iomaíochais ó dhreamanna eile, agus bíonn brú orthu costais a laghdú. D'oibrigh Forfás i gcomhar le gníomhaireachtaí fiontraíochta agus le dreamanna eile chun dhá fhoilseachán a fhorbairt le cabhrú chun táirgiúlacht na ngnóthas in Éirinn a uasmhéadú. Foilsíodh an chéad cheann in 2009. Treoir ghearr is ea é atá dírithe ar bhainisteoirí gnóthais agus is é Boost Your Company's Productivity: Simple Steps, an teideal atá air. Leagann sé béim ar mhodhanna a cruthaíodh gur éirigh go maith leo chun táirgiúlacht a fheabhsú. Mínítear ann an chaoi chun leibhéil táirgiúlachta reatha a mheas agus iad a rianú thar thréimhse ama chun ciall a bhaint astu. Ba é Boost Your Company's Productivity: a Guide for Managers and Employees an dara ceann. Tá sé tógtha ar bhunsraith an chéad chinn agus cuireann sé breis eolais ar fáil faoi na pointí ndearnadh plé orthu ann.

Lean Forfás air in 2009 ag soláthar sparánachtaí iarchéime do dhaoine lena spreagadh chun taighde maoirsithe a dhéanamh ar chúrsaí táirgiúlachta ar dhócha go gcabhródh siad chun roghanna beartas a aithint. Tugadh sparánachtaí do cheathrar mac léinn iarchéime atá i mbun taighde ar na nithe seo a leanas:

- Tionchar na nuálaíochta ar tháirgiúlacht i ngnóthais Éireannacha;
- Na cainéil aistrithe teicneolaíochta is éifeachtúla chun táirgiúlacht a fheabhsú;
- An chaoi ar féidir le heaspórtáil feabhas a chur ar tháirgiúlacht gnóthais; agus
- An nasc idir infheistiú poiblí agus táirgiúlacht fiontar.

## Grúpa Aiseolas Fiontraíochta na Straitéise um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (SSTI)

Ba í an Tánaiste agus Iar-Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Mary Coughlan, TD, a bhunaigh Grúpa Aiseolas Fiontraíochta (EFG) na Straitéise um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht i mí na Nollag 2008 chun comhairle a thabhairt don Rialtas faoi conas a chinntiú i gcás infheistíochtaí a dhéantar faoin straitéis go mbeadh torthaí eacnamaíochta díreacha acu maidir le cruthú agus coimeád post, gníomhaíochtaí breisluacha níos luachmhaire agus breis easpórtálacha, agus chun go mbeadh líon níos mó fiontar ag tosú agus níos mó seachthairbhí ann dá mbarr. Tá an Grúpa seo ina chuid den chreat a bunaíodh leis an Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (SSTI) 2006-2013 de chuid an Rialtais a chur i bhfeidhm. Tá 14 bhall ar an nGrúpa Aiseolas Fiontraíochta agus An tUasal Lionel Alexander ó Hewlett Packard ina chathaoirleach ar an ngrúpa. Bíonn na baill gníomhach ag plé le cúrsaí fiontraíochta ar an leibhéal sinsearach agus tríd is tríd déanann siad ionadaíocht ar chuideachtaí de mhéideanna éagsúla, agus ar earnálacha agus ar réigiúin éagsúla. Bainfear leas as aiseolas ón EFG nuair atá cláir agus beartais á bhforbairt chun spriocanna SSTI a bhaint amach. Cuireann Forfás an tacaíocht taighde ar fáil don Ghrúpa.

Chuir an EFG a chéad aighneacht ar fáil don Tánaiste i Meitheamh 2009. Mar gheall ar an gcaoi ina bhfuil cúrsaí geilleagracha faoi láthair, bheartaigh an Grúpa go ndíreoidís ar thosaíochtaí dhá bhliain agus cúig bliana don SSTI. Thug an EFG aitheantas do na hinfheistithe suntasacha ó thaobh cumas Taighde agus Forbartha (T&F) a rinne an Rialtas sna hinstitiúidí ardoideachais tríd an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas agus trí chláir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), agus leag siad béim ar an gcaoi gur chóir tosaíocht a thabhairt, ó thaobh téarnamh geilleagrach de, do cumas luamháin a bhaint as an infheistíocht sin.

Thug an EFG tús áite, mar chuid den SSTI, do na bearta seo a leanas ó thaobh beartas fiontraíochta sa ghearrthéarma:

- Go ndéanfaí breis comhtháite ar comhordú na ngníomhaireachtaí fiontraíochta sa mhéid is a bhíonn siad ag plé le cliaint, agus go roinnfí méadracht maidir le fostaíocht, díolacháin agus easpórtálacha chun go mbeifear in ann éifeacht an chórais in iomláine a mheas.
- An caiteachas a bhaineann leis an SSTI a dhíriú ar thacaíocht a thabhairt do thaighde gar do chúrsaí margaidh agus ar chumas níos treise taighde (a bheidh á stiúradh ag lucht tionscail) a fhorbairt laistigh de na hInstitiúidí Ard-Oideachais le chinntiú go gcuirfear bealaí ar fáil chun tráchtálú a dhéanamh ar thorthaí taighde agus forbartha.

- Taighde a gcuirtear maoiniú poiblí ar fáil dó a ailíniú níos fearr le lucht tionscail chun go mbeidh sé bainteach ó thaobh tráchtála de.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe atá ann maidir le maoin intleachtúil i gcás obair thaighde agus fhorbartha a dtugtar maoiniú poiblí di.
- Tacú le méadú na bhfiontar atá i mbun gnó in Éirinn cheana féin agus é sin a dhéanamh trí thionscadail Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta ar féidir leo toradh a sholáthar go luath ar infheistíochtaí i dTaighde agus Forbairt agus/nó fostaíocht reatha a chosaint.
- Ceadú go gcuirfí creidiúintí cánach Taighde agus Forbartha in aghaidh costais phárolla, mar shampla ÁSPC.
- Cur i bhfeidhm na dtreoirlínte maidir le soláthar poiblí a d'fhorbair an Ghrúpa um Nuálaíocht agus Soláthar.

Creideann an Grúpa gur gné ríthábhachtach de chumas na hÉireann teacht aniar agus forbairt a dhéanamh arís is ea céimithe eolaíochta agus innealtóireachta ar ardchaighdeán a bheith ar fáil. D'aithin an Grúpa go gcaithfear tús áite a thabhairt do scileanna agus d'oideachas le haghaidh taighde, forbartha agus nuálaíochta in Éirinn, agus go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeidh céimithe eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice ar fáil. Ábhar imní don EFG ab ea caighdeán na gcéimithe eolaíochta agus innealtóireachta agus gan go leor céimithe innealtóireachta a bheith ar fáil.

Creideann an EFG go n-eascraíonn na fadhbanna sin ón oideachas dara leibhéal de bharr na nithe seo a leanas:

- An líon beag mac léinn Ardteistiméireachta atá ag déanamh staidéir ar mhatamaitic ardleibhéil.
- Cáilíocht na múinteoireachta maidir le heolaíocht agus matamaitic i scoileanna dara leibhéal; agus
- A laghad spéise a chuireann mic léinn dara leibhéal sna heolaíochtaí agus i matamaitic i gcomparáid le hábhair eile.

Rinne an EFG na moltaí seo a leanas chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin:

- Go leanfar ar aghaidh ag tabhairt tús áite do chur i bhfeidhm Thionscadal Mata chun feabhas a chur ar chumas matamaitice na ndaoine a fhágann an scoil.
- Go dtabharfar tús áite d'oiliúint agus forbairt gairme leanúnach a sholáthar do gach múinteoir eolaíochta fisicí agus matamaitice.
- Go dtabharfar pointí bónais breise san Ardteistiméireacht i gcás na matamaitice ardleibhéil.
- Ba chóir don Roinn Oideachais agus Eolaíochta féachaint an bhféadfaí leagan amach eile a chur ar churaclam matamaitice na hArdteistiméireachta sa chaoi go mbeadh an cúrsa gnáthleibhéil ina fhochuid den chúrsa ardleibhéil agus go ndéanfaí scrúdú air ag deireadh na 5ú bliana. Chuirfeadh sé sin ar chumas daltaí pas a fháil sa mhatamaitic gnáthleibhéil agus leanúint ar aghaidh agus an páipéar ardleibhéil a dhéanamh sa 6ú bliain gan baol ar bith go dteipfeadh orthu an máithreánach a ghnóthú dá dteipfeadh orthu sa pháipéar ardleibhéil.

- Ba chóir níos mó deiseanna maidir le taithí oibre i bhfiontair a chur ar fáil do dhaltaí idirbhliana chun go mbeadh níos mó ar eolas acu faoi ghairmeacha san eolaíocht agus san innealtóireacht.

Thug an Tánaiste freagra ar an EFG in Iúil 2009 agus ghlac sí go hiomlán le príomhtheachtaireacht an Ghrúpa chun freastal cruinn a dhéanamh ar riachtanais na fiontraíochta. Gheall sí don EFG go n-oibreodh a Roinn agus na gníomhaireachtaí chun an cuspóir sin a bhaint amach. D'aontaigh an Tánaiste freisin gur ghá an fócas dhá bhliain a athrú chun giaráil a dhéanamh ar infheistithe a rinneadh go dtí seo d'fhonn infheistíocht a dhéanamh i jabanna agus in easpórtálacha agus d'fhonn a bhfuil tógtha a dhaingniú agus fás fadtéarmach a chinntiú. Tá sí tiomnaithe do nuashonraithe a sholáthar go rialta ar na tionscnaimh sin de réir mar a rachaidh siad chun cinn.

## Health Life Sciences in Ireland – An Enterprise Outlook

Tá ról suntasach ag earnáil na n-eolaíochtaí beatha i bhforbairt gheilleagrach na hÉireann le breis agus scór bliain anuas, agus tá sé ríthábhachtach go mbeidh ról láidir aici le fás bunaithe ar easpórtálacha a chur chun cinn amach anseo. D'oibrigh Forfás i gcomhar leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta chun staidéar a dhéanamh le féachaint conas a d'fhéadfadh an earnáil dul chun cinn a dhéanamh ós rud é go bhfuil straitéisí ionsaitheacha glactha ag a lán tíortha le tacú lena n-earnálacha dúchasacha agus chun infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh chucu féin.

Is í conclúid *Health Life Sciences in Ireland – An Enterprise Outlook* ná go bhfuil sé ar chumas na hÉireann an deis sna treochtaí domhanda a thapú óir tá an earnáil ag tiontú níos mó i gcónaí i dtreo cúram sláinte pearsanaithe. Leagann sé béim ar an bpoitéinseal a bhaineann le táirgí agus gléasanna coinbhéirseachta, bianna feidhme, ciandiagnóisic agus soláthar cúraim sláinte, agus atá sa déantúsaíocht úrscothach agus sa taighde aistritheach. Táimid ag gluaiseacht i dtreo gníomhaíochtaí atá ag éirí níos nuálaí agus a éilíonn níos mó taighde i gcónaí, agus ó tá cúrsaí amhlaidh, leanfaimid orainn ag baint leasa as na hinfheistithe a rinneadh i réimsí taighde agus forbartha a bhaineann leis an earnáil sin agus as an gcumas atá againn ó thaobh TFC agus innealtóireachta.

Díríonn an tuarascáil ar chúig phríomhréimse gníomhaíochta:

1. Leas a bhaint as an gcomhpháirteachas réamhghníomhach atá déanta ag a lán daoine agus dreamanna agus é a úsáid i gcomhair comhoibriú feabhsaithe. Áirítear leis seo Comhghuaillíocht na nEolaíochtaí Beatha a bhunú mar aon le socruithe a dhéanamh chun faisnéis a mhalartú.
2. An bonneagar agus an tacaíocht riachtanach a chur ar fáil maidir le míochaine aistritheach a chuirfidh ar ár gcumas táirgí a fhorbairt agus seirbhísí agus réitigh a sholáthar de thoradh taighde a dhéanfar sa tsaotharlann.
3. Tógáil ar an mbunsraith atá againn ó thaobh na cáile idirnáisiúnta atá bainte amach againn maidir le feabhas tionsclaíochta agus ár bpróiseas Taighde agus Forbartha. Áirítear leis seo oiliúint dhírithe ar réimsí próiseas na teicneolaíochta anailísí; cáilíocht de thoradh deartha; déantúsaíocht bharainneach; agus straitéis bainistithe gnó na sé shigme.



Seoladh *Health Life Sciences in Ireland: An Enterprise Outlook*
Grianghraf a tógadh ag seoladh na tuarascála (ó chlé go deas) Jane Williams, Príomhfheidhmeannach, Forfás agus Mary Coughlan, TD, Tánaiste agus an tIar-Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta

4. Tallanna i gcomhair earnáil dhomhanda atá ag athrú agus ag dul chun cinn a chruthú, a fhorbairt agus a mhealladh, lena n-áirítear:
   - Clár PhD tionsclaíoch agus máistreachtaí i nuálaíocht gnó um eolaíochtaí beatha a bhunú;
   - Saineolas a chur ar fáil sna réimsí seo a leanas: bitheolaíocht chóras, bailíochtú bithchomharthaí sóirt, agus íomháú bithleighis; agus
   - Feabhsú scileanna chun oibriú i réimse teicneolaíochtaí coinbhéirseacha.
5. Na réimsí deiseanna a fhorbairt sa bhonneagar fisiceach, lena n-áirítear bithbhainc, saotharlanna fliucha, sár-ríomhaireacht agus líonraí den chéad ghlúin eile.

Aithnítear sa tuarascáil go bhfuil timpeallacht ghnó ag an earnáil seo atá níos casta ná mar atá ag aon earnáil eile. Ar cheann de na príomh-mholtaí bhí bunú Chomhghuaillíocht na nEolaíochtaí Beatha faoi cheannas lucht tionscail chun tionchar a bheith acu ar chur i bhfeidhm na mbeart sin a aithníodh agus iad a thiomáint chun cinn.

Bunaíodh an Chomhghuaillíocht go déanach in 2009 agus reáchtáladh an chéad chruinniú i bhFeabhra 2010. Is é Paul Duffy, Ceannaire na Déantúsaíochta in Éirinn le Pfizer, atá ina chathaoirleach ar an gComhghuaillíocht. I measc na bpríomhpháirtithe leasmhara atá ina mbaill di, tá ionadaithe lucht tionscail, na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, na ngníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta agus na hearnála sláinte in Éirinn.

Bíodh is go ndíríonn siad a n-aire ar dheiseanna meántéarmacha agus fadtéarmacha ó thaobh deiseanna a thapú d’earnáil na n-eolaíochtaí beatha, leagann *Health Life Sciences in Ireland - An Enterprise Outlook* béim ar an gcaoi go gcaithfear bearta a dhéanamh láithreach le dul i ngleic le hiomaíochas costais d’fhonn cur ar chumas an tionscail leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go héifeachtach.

## Tuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil um an bhFiontraíocht Ghlas

Féadfaidh an geilleagar glas tacú go tréan le geilleagar na hÉireann trí dheiseanna fostaíochta agus easpórtála a chruthú i réimsí mar fhuinneamh in-athnuaite, éifeachtacht agus comhairleacht fuinnimh, bainistiú, aisghabháil agus athchúrsáil dramhaíola agus cóireáil uisce agus fuíolluisce. Tá an deis ann freisin cabhrú le gach gnólacht a cumas iomaíoch a fheabhsú, mar shampla, trí bhearta le cur lena héifeachtacht fuinnimh nó trí chur le slándáil an tsoláthair fuinnimh agus leas níos fearr a bhaint as dramhaíl mar acmhainn luachmhar.

Chomhbhunaigh an tIar-Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Mary Coughlan, TD agus an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Eamon Ryan, TD Grúpa Ardleibhéil um an bhFiontraíocht Ghlas i mBealtaine 2009. Ceapadh an grúpa de thoradh an ghealltanais a thug an Rialtas ina straitéis *Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann* agus tá sé tógtha ar bhunsraith staidéir Forfás *Environmental Goods and Services Sector on the Island of Ireland: Enterprise Opportunities and Policy Implications*, a foilsíodh i nDeireadh Fómhair 2008.

D'ullmhaigh an Grúpa plean gníomhaíochta faoi fhorbairt na fiontraíochta glaise a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm in Éirinn agus leag sé amach bearta faoi leith agus amscálaí i gcomhair gach páirtí leasmhar. Chuir Forfás taighde agus anailís ar bheartas ar fáil don Ghrúpa. Bhí 55 moladh ann agus bhí costas íseal ag baint leis an gcuid ba mhó acu nó bhíodar neodrach ó thaobh costas de. Áirítear orthu siúd:

- Tá sé ríthábhachtach go leanfar ar aghaidh ag forbairt na greille leictreachais anseo in Éirinn agus trí idirnasc a chruthú leis an Ríocht Aontaithe/an Eoraip. Caithfimid glacadh le plean uaillmhianach chun cumas TFC na greille a fhorbairt (m.sh. méadair chliste).
- Ní mór d'Éirinn limistéir ghlasa a fhorbairt chun timpeallacht a chruthú a d'fhéadfadh tacú leis an bhfiontraíocht ghlas agus a d'fhéadfaí a úsáid chun Éire a chur i lár an aonaigh ar mhargadh an domhain. Tá deis ann IFSC glas a fhorbairt láithreach bonn.
- Ionaid taighde de scoth an domhain a chruthú i réimsí nideoige. Caithfear dul chun cinn a dhéanamh maidir le saineolas taighde agus/nó forbairt chomhghuaillíochtaí foirmiúla taighde a chur chun cinn ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Sheol an Taoiseach, an Tánaiste agus an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an tuarascáil, *Developing the Green Economy in Ireland*, i Nollaig 2009. Scaipeadh torthaí na tuarascála go forleathan agus cuireadh i láthair iad ar fud na tíre chuig páirtithe leasmhara a mbeidh ról acu maidir le cur i bhfeidhm na tuarascála.

Tá sé de shainordú ag an gCoiste Comh-Aireachta ar Athnuachan Eacnamaíochta na moltaí a chur i bhfeidhm agus déanfaidh Forfás agus an Roinn Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta athbhreithniú ar an dul chun cinn go déanach in 2010. Tá roinnt beart curtha i bhfeidhm cheana féin. Ina measc siúd bhí na moltaí a fógraíodh i gCáinaisnéis 2010 maidir le cáin charbóin a thabhairt isteach agus liúntais caipitiúla a thabhairt do ghnólachtaí chun infheistiú glas a dhéanamh. Tá moltaí eile á gcur i bhfeidhm. Tá IDA Ireland tiomnaithe do lárionad gnó a aisfheistiú chun na caighdeáin arda maidir le héifeacht fuinnimh a shásamh agus tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le moltaí chun táillí uisce a thabhairt isteach. Lena chois sin, tá treoirlínte maidir le soláthar poiblí glas á bhforbairt le tacú le táirgí agus le seirbhísí glasa. Foilseoidh an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí tuarascáil in 2010 faoi na scileanna a bhaineann le forbairt an gheilleagair ghlais. Tá tuilleadh eolais faoin tuarascáil le fáil ar leathanach 82.

## Earraí agus Seirbhísí a bhaineann le Fuinneamh

Earnáil thábhachtach í earnáil na n-earraí agus na seirbhísí fuinnimh. Tá sí ag forbairt agus ag fás agus d'fhéadfadh sí buntáiste iomaíoch a thabhairt d'Éirinn. D'oibrigh Forfás i gcomhar le gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta agus chuir bailchríoch ar mheasúnú na ndeiseanna atá ag Éirinn san earnáil sin, agus rinne na treochtaí infheistithe idirnáisiúnta agus an dul chun cinn teicniúil agus an cumas baile a mheaitseáil le chéile. Gné tábhachtach den *Irish Energy Tetralemma* agus de Thuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil um an bhFiontraíocht Ghlas ab ea an tuarascáil seo. Rinne an Grúpa Ardleibhéil a gcuid oibre ar bhunsraith na dtorthaí agus na moltaí maidir le greillí cliste, bainistiú fuinnimh sna córais TFC, airgeadú glas agus comhtháthú fuinnimh in-athnuaite, agus cuireadh na deiseanna fiontraíochta a aithníodh maidir le giniúint fuinnimh ó bhreoslaí iontaise agus ó fhoinsí in-athnuaite isteach sa chuid sin den Energy Tetralemma a bhain le hiomaíochas (Leathanach 92).

## Anailís ar Idirghabhálacha Gníomhaireachtaí

In 2009, rinne Forfás anailís chuimsitheach ar thorthaí na n-idirghabhálacha a rinne gníomhaireachtaí forbartha chun spriocanna na mbeartas fiontraíochta a bhaint amach. Rinneadh an anailís seo ar an tuiscint nach bhfuil in idirghabhálacha na ngníomhaireachtaí ach toisc amháin i measc na dtosca sin go léir a théann i gcion ar fheidhmiú gnóthais. Rinneadh an chéad anailís in 2005 agus chuir na sonraí a tiomsaíodh san blianta ó shin ar chumas Forfás anailís níos cuimsithí a dhéanamh ar threochtaí bunaithe ar na sonraí a bailíodh sa tréimhse 2003-2008.

Bíonn breis gníomhaíochtaí geilleagracha i dtéarmaí fostaíochta agus/nó i dtéarmaí an chaiteachais gheilleagraigh Éireannaigh (IEE) ann de bharr easpórtálacha sa bhreis. Is ar leibhéal an ghnóthais atá gníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí dírithe le spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'infheistithe nua gnó agus le cabhrú le cuideachtaí atá ann cheana féin a gcuid gníomhaíochtaí a athrú chun go mbeidh siad inbhuanaithe san fhadtéarma.

Nuair a bhítear ag déanamh léirmhínithe ar thorthaí na hanailíse agus ar fheidhmiú cliantchuideachtaí na ngníomhaireachtaí, bíonn sé tábhachtach an timpeallacht gheilleagrach ina ndéantar ionchuir na gníomhaireachta agus aschur na ngnóthas a chur san áireamh. Bhí cúrsaí geilleagair an domhain ag dul chun cinn go measartha láidir i gcaitheamh fhormhór na tréimhse a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh uirthi (2003-2008) agus ba í 2008 an chéad bhliain ina raibh tionchar na géarchéime geilleagraí le sonrú go soiléir.

Is iad seo a leanas na príomhrudaí atá ag teacht chun solais ó anailís na sonraí:

- Is sna staitisticí fostaíochta is soiléire atá tionchar na géarchéime le sonrú ar fheidhmíocht chliant na gníomhaireachtaí. Tharla laghdú mór in 2007 agus 2008 ar líon na ndaoine a bhí fostaithe.
- Bhí iomaíochas na hÉireann tar éis dul i léig go mór i gcaitheamh na mblianta sular tharla an ghéarchéim. Bhí easpórtálacha ó chuideachtaí dúchais lag i gcomparáid le meán na gcuideachtaí ECFE sa tréimhse, agus bhí níos lú ábhar agus seirbhísí de chuid na hÉireann á n-úsáid go comhréireach i bpróisis táirgthe na tíre. Ní foláir nó go raibh tionchar ag an athrú ar an mbonn fiontraíochta ó dhéantúsaíocht go seirbhísí ar an gcineál ionchur a fuarthas in Éirinn.

- Tharla méadú ar oll-bhreisluacha na gcuideachtaí dúchais agus bhí méadú ar líon na gcuideachtaí a raibh taighde agus forbairt á ndéanamh acu. Ba chomhartha dearfa é sin go raibh Éire ag leanúint uirthi i gcónaí i dtreo gníomhaíochtaí breisluacha.
- Leagann an anailís seo béim ar a ríthábhachtaí is atá sé go mbeadh geilleagar sláintiúil iomaíoch ag Éirinn. Ní féidir le hidirghabhálacha na ngníomhaireachtaí leo féin dul i ngleic le lagú iomaíochais. Ní féidir toradh i bhfad níos fearr a fháil ar infheistíochtaí gníomhaireachtaí gan bearta eile a bheith in éineacht leo le chur le feidhmiú foriomlán geilleagrach na hÉireann.

## Comhoibriú Níos Fearr idir Ghníomhaireachtaí

Tá ról ríthábhachtach ag gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta maidir le fiontraíocht a spreagadh agus gnólachtaí nua a fhorbairt, éascú a dhéanamh ar mhéadú cuideachtaí atá ann cheana féin agus réimse leathan tionscnamh a úsáid chun infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh. Thuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go raibh a lán samplaí ann cheana féin d’obair chomhoibritheach idir ghníomhaireachtaí agus theastaigh ón Roinn bealaí a aithint ina bhféadfaí an scéal a fheabhsú a thuilleadh ar mhaithe leis na cliantchuideachtaí agus an leas ab fhearr a bhaint as na hacmhainní, na cumais agus an eolas a bhí ag na gníomhaireachtaí. Chuir Forfás tacaíocht ar fáil i gcomhair athbhreithniú na Roinne agus d’aibhsigh sé na réimsí sin ina bhféadfaí obair a dhéanamh.

### Bearta chun Comhoibriú idir Ghníomhaireachtaí a Fheabhsú

Ba é a bhí i gceist lena lán de na bearta a aithníodh ná foirmliú a dhéanamh ar roinnt tionscnamh a bhí ann cheana féin agus cultúr forleathan comhoibrithe agus a bhuanú sna gníomhaireachtaí go léir. Oibríonn na gníomhaireachtaí le chéile le cinntiú nach dtagann struchtúir agus modhanna oibre na ngníomhaireachtaí salach ar dhearcadh ná ar riachtanais gnó na gcliant. Áirítear i measc na mbeart sin:

- Tá cur chuige idir gníomhaireachtaí a bhfuil struchtúr níos daingne ag baint leis á chur chun cinn ar bhonn píolótach maidir le forbairt na n-earnálacha. Tá sé d’aidhm aige:
  - Feasacht a spreagadh faoi na cuideachtaí go léir agus faoi na cumais go léir atá acu le tacú le cláir margaíochta idirnáisiúnta;
  - líonrú éifeachtach agus naisc a spreagadh idir gnóthais dúchasacha agus gnóthais eachtrannacha; agus
  - éascú a dhéanamh ar gnóthais dhúchasacha a chur ar thurais do ghnóthais eachtrannacha sa chaoi go bhféadfaidís a bheith ina gcliaint de chuid an IDA dá bharr.
- Tá athbhreithniú déanta ar na nósanna imeachta maidir le cliantchuideachtaí a aistrí ó chúram gníomhaireachta amháin go gníomhaireacht eile, agus tá chur chuige níos réamhghníomhaí agus níos tapúla ann dá bharr anois.
- Cuideachtaí coigríche a ceannaíodh le deireanas agus a bhíodh ina gcuideachtaí dúchasacha roimhe sin a aistriú chuig punann an IDA. Tá bealaí á socrú chun go mbeidh sé níos éasca teacht ar chuid den tacaíocht a chuireann Fiontraíocht Éireann ar fáil má mheastar go rachadh sí chun tairbhe fhorbairt straitéiseach an ghnóthais, mar shampla, páirt a ghlacadh i misin trádála, nó i gcláir faoi scileanna margaíochta agus ceannaireachta.

- Bunaíodh foireann idir-ghníomhaireachtaí chun cur chuige córasach a chur chun cinn maidir le tiomsú, nuashonrú agus roinnt faisnéise a bhaineann leis na gníomhaireachtaí go léir. Tá cur chuige 'déan uair amháin agus scaip go forleathan' á ghlacadh ar fud na ngníomhaireachtaí go léir.
- Tá cur chuige níos struchtúraithe agus níos réamhghníomhaí molta sna Cláir Oibre Réigiúnacha um Iomaíochas (leathanach 62) a críochnaíodh le deireanas agus a bhfuil sé d'aidhm acu na páirtithe leasmhara, an saineolas agus na hinniúlachtaí bainteacha a thabhairt le chéile chun spreagadh a thabhairt d'fhorbairt chothrom réigiúnach trí phoitéinseal na réigiún féin a úsáid.

## Suirbhéanna Fiontraíochta

Ní mór sonraí cinnte a bheith ar fáil agus anailís chruinn a dhéanamh orthu má tá comhairle fhónta le tabhairt faoi bheartais. Bíonn Forfás i gcónaí ag déanamh a dhíchill feabhas a chur ar bheartais bunaithe ar fhianaise trína chinntiú go bhfuil na suirbhéanna cruinn, tráthúil. Déanann an eagraíocht roinnt suirbhéanna a bhaineann le fiontraíocht agus a úsáidtear i ngach réimse beartais. Tá Forfás freagrach freisin as roinnt suirbhéanna idirnáisiúnta a dhéantar thar ceann na Príomh-Oifige Staidrimh agus Choimisiún an Aontais Eorpaigh.

Thiomsaigh Forfás réimse sonraí in 2009 faoi chúrsaí fostaíochta agus caiteachais na ngnóthas sin a dtugann gníomhaireachtaí tacaíocht dóibh, agus rinne anailís orthu. Rinneadh comhshuirbhé i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh ar leibhéil agus ar thionchar na mbac sin atá ar nuálaíocht sna fiontair in Éirinn agus tá mioneolas le fáil faoi sa chuid Eolas & Nuálaíocht ar leathanach 51.

| |
|---|
| Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2009 |
| Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch 2008 |

Tugtar breac-chuntas thíos ar phríomhstaitisticí na suirbhéanna sin agus ar phríomhthorthaí na hanailíse a rinneadh orthu.

### Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2009

#### Fostaíocht i gCuideachtaí a Fhaigheann Tacaíocht ó Ghníomhaireachtaí

Bhí 272,053 duine fostaithe go buan lánaimseartha i gcuideachtaí faoi thacaíocht gníomhaireachta in earnálacha na déantúsaíochta agus na seirbhísí in 2009. Ba laghdú 33,988 (11.1 faoin gcéad) é sin ar líon na ndaoine a bhí fostaithe in 2008. Bíodh is gur chaill daoine a bpost in 2009 toisc gur dúnadh monarchana, cailleadh formhór na bpost (83 faoin gcéad) toisc gur lig cuideachtaí atá fós i mbun trádála cuid dá n-oibrithe chun siúil.

Bhí 132,596 duine fostaithe go lánaimseartha i gcuideachtaí faoi úinéireacht ag Éireannaigh in 2009. Ba laghdú 18,812 é sin ar líon na bliana roimhe. B'ionann é sin agus laghdú 12.4 faoin gcéad agus tháinig sé sa bhreis ar an laghdú 3.5 faoin gcéad a tharla an bhliain roimhe sin. Tá 20,674 níos lú daoine (13.5 faoin gcéad) fostaithe faoi láthair i gcuideachtaí faoi úinéireacht ag Éireannaigh ná mar a bhí sa bhliain 2000.

Bhí 139,457 duine fostaithe go lánaimseartha in 2009 i gcuideachtaí faoi úinéireacht ag eachtrannaigh i gcomparáid le líon na bliana roimhe. Ba laghdú 15,176 nó 9.8 faoin gcéad é sin. Cailleadh na poist sin le cois an laghdaithe 0.9 faoin gcéad a tharla ar fhostaíocht in 2008 sa chaoi go bhfuil laghdú 16.2 faoin gcéad ar líon na ndaoine fostaithe i gcuideachtaí faoi úinéireacht ag eachtrannaigh ná mar a bhí in 2000 (26,977 post níos lú).

Taifeadadh go raibh 28,759 post sealadach nó páirtaimseartha ann in 2009 le cois na bpost buan lánaimseartha i gcuideachtaí faoi thacaíocht gníomhaireachta. Nuair a chuirtear an dá chatagóir fostaíochta sin (fostaíocht bhuan lánaimseartha agus fostaíocht shealadach/pháirtaimseartha) le chéile, tá 300,812 duine fostaithe anois i gcuideachtaí faoi thacaíocht gníomhaireachta i gcomparáid le 355,782 in 2000. Tharla méadú 1.8 faoin gcéad in 2009 ar líon na bhfostaithe páirtaimseartha i gcuideachtaí faoi úinéireacht ag Éireannaigh, rud a chuireann i dtuiscint dúinn gur poist pháirtaimseartha anois iad poist a bhíodh lánaimseartha roimhe seo. Rinne cuideachtaí faoi úinéireacht ag eachtrannaigh laghdú 15.5 faoin gcéad ar an gcineál sin fostaíochta in 2009.

### Gnóthachain, Caillteanais agus Athrú i mBuanfhostaíocht

**Figiúr 1 Gnóthachain, Caillteanais agus Glanathrú Post i mBuanfhostaíocht Lánaimseartha, 2000 - 2009**




Foinse: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2009, Forfás, 2010


Aibhsíonn Figiúr 1 na treochtaí maidir le cruthú agus cailliúint post sa tréimhse ó 2000 go 2009. Thaifead na cuideachtaí faoi thacaíocht gníomhaireachta glanchaillteanas post sa tréimhse ó 2001 go 2004. Thaifead siad glanmhéadú i líon na bpost sa tréimhse ó 2005 go 2007 agus glanchaillteanas 6,784 post in 2008. Cruthaíodh 13,059 post in 2009 ach ba bheag iad sin i gcomparáid leis an 47,047 post a cailleadh, rud a d'fhág glanchaillteanas 33,988 post.

Cailleadh formhór na bpost sin in 2009 sna hearnálacha traidisiúnta déantúsaíochta mar bhia (-2,169), agus earnálacha a bhaineann le tógáil, ar nós mhianraí neamh-mhiotalacha (-3,566),

agus táirgí miotalacha idir tháirgí bunúsacha agus réamhdhéanta (-3,111). Bhí glanchaillteanas post freisin sa chatagóir déantúsaíochta nua-aimseartha a bhaineann le táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla áit ar tharla laghdú 3,654 post in 2009. Bá í earnáil na bhfeistí leighis an t-aon earnáil déantúsaíochta ina raibh fás fostaíochta in 2009. Glanmhéadú 365 post a bhí inti.

Ba iad earnálacha na seirbhísí ba mhó a bhí ag cur chun cinn na fostaíochta le deich mbliana anuas ach tharla glanchaillteanas fostaíochta in earnálacha na seirbhísí ar fad in 2009. Cailleadh 4,033 post i ríomhchlárú agus comhairleacht ríomhaireachta agus bhí glanchaillteanas fostaíochta 4.6 faoin gcéad (972 post) agus 10 faoin gcéad (1,167 post) faoi seach sna seirbhísí airgeadais agus gnó in 2009.

**Figiúr 2 Treochtaí sna hEarnálacha maidir le Buanfhostaíocht Lánaimseartha, 2000 - 2009**




Foinse: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2009, Forfás, 2010

Tugann Figiúr 2 miondealú de réir earnála ar bhuanfhostaíocht lánaimseartha sna hearnálacha déantúsaíochta agus seirbhísí sa tréimhse ó 2000 go 2009.

Ba bheag athrú a tháinig ar an earnáil bhia, dí, tobac agus buntáirgthe i gcaitheamh an ama sin agus bhí thart faoin líon céanna daoine fostaithe in 2006 (50,491) agus a bhí in 2000 (51,028). Tharla laghdú 12.7 faoin gcéad ar an earnáil seo sna blianta ó 2007 go 2009 áfach (cailleadh 6,450 post) agus is inti atá 16.2 faoin gcéad den fhostaíocht iomlán faoi thacaíocht gníomhaireachta. Is méadú é sin ar an ráta 15.9 faoin gcéad a bhí ann in 2000.


Is léir ón ngraf gur tháinig laghdú ar fhostaíocht i ndéantúsaíocht thraidisiúnta agus gur cailleadh 14,103 post (44 faoin gcéad) ó 2000. Is iad seo a leanas na hearnálacha a áirítear le déantúsaíocht thraidisiúnta: teicstílí, éadaigh, coisbhearta agus leathar; adhmad agus táirgí adhmaid; páipéar agus clódóireacht; rubar agus plaistigh; mianraí neamh-mhiotalacha, táirgí

miotalacha idir bhunúsach agus réamhdhéanta, innealra agus gléasra; gléasra iompair agus déantúsaíocht ilchineálach (ach gan feistí leighis a chur san áireamh).

Tharla an-athruithe sa tréimhse chéanna ar líon na ndaoine fostaithe i ndéantúsaíocht nua-aimseartha ó bhuaicphointe 88,958 in 2000, go lagtráth 79,110 in 2003. Tharla méadú arís idir 2004 agus 2007 sular thit sé go 76,048 in 2009, an líon ab ísle le deich mbliana. Is iad na fo-earnálacha a áirítear le déantúsaíocht nua-aimseartha ná ríomhairí, earraí leictreonacha agus optúla; trealamh leictreach; ceimiceáin; uisce agus dramhaíl; agus feistí leighis.


Tharla fás leanúnach ar líon na ndaoine fostaithe in earnálacha na seirbhísí le deich mbliana anuas. Tháinig fás ar líon na ndaoine fostaithe i seirbhísí ríomhairí, faisnéise agus cumarsáide go dtí gur shroich siad buaicphointe 62,282 in 2008. Tháinig laghdú 4,816 (7.7 faoin gcéad) orthu in 2009. Tháinig fás thar na bearta ar earnálacha na seirbhísí gnó, airgeadais agus eile i rith na tréimhse agus bhí 86 faoin gcéad níos mó daoine fostaithe iontu in 2009 ná mar a bhí in 2000.

**Figiúr 3: Céatadán na nEarnálacha ó thaobh Buanfhostaíocht Lánaimseartha i gCuideachtaí faoi Thacaíocht Gníomhaireachta agus faoi Úinéireacht ag Éireannaigh, 2000 agus 2009**




Foinse: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2009, Forfás, 2010

Figiúr 4 Céatadán na nEarnálacha ó thaobh Buanfhostaíocht Lánaimseartha i gCuideachtaí faoi Thacaíocht Gníomhaireachta agus faoi Úinéireacht ag Eachtrannaigh, 2000 agus 2009





Foinse: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2009, Forfás, 2010

## Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch

### Caiteachas Déanta ag Gnóthais faoi Thacaíocht Gníomhaireachta i nGeilleagar na hÉireann

Tá na torthaí go léir maidir le gnóthais déantúsaíochta agus gnóthais a bhíonn ag trádáil seirbhísí go hidirnáisiúnta agus atá faoi chúram Fhiontraíocht Éireann, IDA Ireland, Forbairt Shionainne agus Údarás na Gaeltachta le fáil in *Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch 2008* a d'eisigh Forfás. Rinne an suirbhé rianú ar fheidhmíocht na gcliantchuideachtaí in 2008 faoi thacaíocht gníomhaireachta ó thaobh aschur (díolacháin, easpórtálacha, breisluacha) agus rinneadh monatóireacht ann ar chaiteachas díreach na gcuideachtaí sin i ngeilleagar na hÉireann ó thaobh caiteachas párolla agus ceannach ábhar agus seirbhísí a sholáthraítear in Éirinn.

**Figiúr 5** **An Méid a Chuireann Cuideachtaí Faoi Thacaíocht Gníomhaireachta agus atá faoi Úinéireacht ag Éireannaigh le Geilleagar na hÉireann, 2000 – 2009 (€bn)**





Foinse: Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch 2008, Forfás, 2009

Tharla méadú 2.9 faoin gcéad go €146bn ar aschur foriomlán na ngnólachtaí faoi thacaíocht gníomhaireachta i seirbhísí déantúsaíochta agus seirbhísí trádálaithe go hidirnáisiúnta in 2008 (i dtéarmaí ainmniúla), agus tharla méadú 2.8 faoin gcéad ar chaiteachas díreach sa gheilleagar. Léiríonn na meastacháin go gceaptar go dtiocfaidh laghdú 3.8 faoin gcéad ar aschur in 2009.

Ba é €123bn méid iomlán na n-easpórtálacha faoi thacaíocht gníomhaireachta in 2008, agus ba mhéadú 3.7 faoin gcéad é sin ar fhigiúr na bliana roimhe sin. Bhí cuideachtaí faoi úinéireacht ag Éireannaigh freagrach as 11 faoin gcéad de na heaspórtálacha iomlána sin. Bhí easpórtálacha na gcuideachtaí faoi úinéireacht ag Éireannaigh 47.1 faoin gcéad níos airde in 2008 ná mar a bhí siad in 2000. Is féidir é sin a chur i gcomparáid le méadú 35.8 faoin gcéad a tháinig ar dhíolacháin na hÉireann sa tréimhse chéanna.

Ba é €39bn caiteachas iomlán in 2008 na ngnóthas faoi thacaíocht gníomhaireachta, agus chaith gnóthais faoi úinéireacht ag Éireannaigh €18.8bn den mhéid sin i ngeilleagar na tíre in 2008. Caitheadh €5.7bn den mhéid sin ar chostais phárolla, €9.3bn ar amhábhair na hÉireann, agus €3.7bn ar sheirbhísí na hÉireann. Níor caitheadh ach €8bn mar chaiteachas díreach in 1990. Tháinig méadú 23.4 faoin gcéad ar chaiteachas cuideachtaí faoi úinéireacht ag Éireannaigh i ngeilleagar na hÉireann ó 2000 i leith. Tháinig méadú 67 faoin gcéad ar bhreisluacha i gcuideachtaí Éireannacha ó 2000. Ba é 40 faoin gcéad an céatadán breisluacha d'aschur cuideachtaí Éireannacha in 2008. Ba é 32 faoin gcéad céatadán breisluacha na bliana 2000.

**Figiúr 6** **An Méid a Chuireann Cuideachtaí Faoi Thacaíocht Gníomhaireachta agus atá faoi Úinéireacht ag Eachtrannaigh le Geilleagar na hÉireann, 2000 - 2009 (€bn)**




Foinse: Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch 2008, Forfás, 2009

Tháinig méadú 3.6 faoin gcéad ar aschur cuideachtaí faoi úinéireacht ag eachtrannaigh in 2008 agus b'ionann é sin agus méadú 45 faoin gcéad ó 2000. Is féidir é seo a chur i gcomparáid leis an méadú 51 faoin gcéad a tháinig ar easpórtálacha sa tréimhse chéanna.

Ba é €21bn caiteachas díreach na ngnóthas faoi úinéireacht ag eachtrannaigh in 2008. Chaith siad €7.8bn ar chostais phárolla, €2.9bn ar ábhair a táirgeadh in Éirinn agus €10.2bn ar sheirbhísí a ceannaíodh in Éirinn. Léiríonn sé sin méadú 4.7 faoin gcéad ar chaiteachas gnóthas faoi úinéireacht ag eachtrannaigh i ngeilleagar na hÉireann in 2008.

Tháinig méadú 3 faoin gcéad ar breisluacha gnóthas faoi úinéireacht ag eachtrannaigh in 2008 agus 45 faoin gcéad ó 2000 i leith. Ba bhreisluacha 43 faoin gcéad d'aschur na bliana 2008, rud ab ionann agus an céatadán a taifeadadh i gcás gnóthais faoi úinéireacht ag eachtrannaigh in 2000.

### Íocaíochtaí Cáin Chorparáide

Soláthraíonn cuideachtaí seirbhísí déantúsaíochta, trádáilte go hidirnáisiúnta agus airgeadais toradh díreach an-suntasach don Státchiste, i dteannta lena gcaiteachas sa gheilleagar, trí íocaíochtaí cáin chorparáide.

Ba é iomlán an fháltais cáin chorparáide ó gach fhoinse in 2008 ná €5bn. Meastar go raibh €2.3bn i gceist le gnólachtaí faoi thacaíocht gníomhaireachta sna hearnálacha seirbhísí déantúsaíochta agus seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta, agus €850m breise ó ghnólachtaí seirbhísí airgeadais a thrádáiltear go hidirnáisiúnta, arbh ionann é agus €3.2bn (63 faoin gcéad) den €5bn in iomlán na cánach corparáide a íocadh sa gheilleagar.

# Eolas & Nuálaíocht

Níl aon teorainn le nuálaíocht. Is féidir le soláthraithe nó custaiméirí, iomaitheoirí nó fostaithe, in Éirinn nó ar fud an domhain é a chur ar fáil. Is féidir baint a bheith aici le gné ar bith de ghnóthas - bail nua nó feabhsaithe a chur ar tháirgí, ar sheirbhísí, ar chur i bhfeidhm teicneolaíochta, ar phróisis, ar dhearaí nó ar struchtúir eagraíochta. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Éirinn maidir le cumas agus scileanna de scoth an domhain a chruthú i réimsí lárnacha teicneolaíochta. Is féidir linn torthaí an infheistithe sin a fheiceáil sa mhéadú atá tagtha an líon na gcéimithe sármhaithe agus ar an taighde den scoth atá déanta agus san infheistiú breise atá á dhéanamh ag gnóthais idir Éireannacha agus eachtrannacha i taighde agus i nuálaíocht sa tír seo agus an tacaíocht atá á tabhairt aige sin dár n-easpórtálacha. Bíodh is go bhfuil an-dul chun cinn déanta go dtí seo, tá sé ríthábhachtach ó tá cúrsaí fioscacha mar atá go ndéanfaidh Éire optamú ar infheistíocht i ngach gné den eolaíocht, den teicneolaíocht agus den nuálaíocht, agus go mbeidh an tacaíocht agus na beartais chearta ar fáil, agus go ndéanfaimid deimhin de go dtabharfar tacaíocht d’fhiontair agus go gcuirfear ar a gcumas leas a bhaint as an infheistiú seo chun táirgí agus seirbhísí tráchtála a sholáthar.

## Research Strengths in Ireland: A Bibliometric Study of the Public Research Base

Chuir Forfás agus an tÚdarás um Ard-Oideachas tús i gcaitheamh na bliana le staidéar chun taighde a dtugtar maoiniú poiblí dó a ailíniú sa chaoi is fearr leis an mbonn fiontraíochta. Dearadh an staidéar chun léargas a thabhairt ar ghníomhaíocht taighde ar fud na tíre, chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil gníomhaíochtaí poiblí agus príobháideacha ailínithe le chéile agus go n-aithneofar na bearnaí agus na sineirgí atá ann. Beidh sé seo mar bhunsraith faoi bheartas poiblí i leith infheistithe amach anseo agus i leith forbairt tacaíochtaí taighde le chinntiú go mbainfear luach geilleagrach as an infheistiú. Gné amháin den staidéar ab ea anailís bhibliméadrachta a dhéanamh ar bhunachar taighde poiblí na hÉireann.

Rinne an staidéar biblimeadrachta próifíliú ar fud an bhunachair taighde phoiblí ar ghníomhaíochtaí taighde sna réimsí sin a bhfuil cumas maith taighde iontu cheana féin nó a bhfuil cumas taighde ag teacht chun cinn iontu. Bhí an staidéar dírithe ar thréimhse deich mbliana (1998 go 2007) agus rinneadh na disciplíní taighde a mhapáil de réir na gcatagóirí disciplíní i gcóras rangaithe Réimsí Eolaíochta (Fields of Science/FoS) an ECFE. Is ar shonraí foilsithe agus luaite amháin atá an anailís agus an tuarascáil bunaithe.

Tugann an tuarascáil fianaise faoin athrú as cuimse atá tagtha ar chúrsaí taighde in Éirinn le deich mbliana anuas:

- Tharla breis agus dúbailt ar aschur foilsithe an bhunachair taighde in Éirinn idir 1998 agus 2007 tráth nach raibh aon athrú ag teacht ar aschur na dtíortha G7. Bhí aschur taighde na hÉireann 33 faoin gcéad níos airde in 2007 ná meán na tréimhse ó 2002 go 2006 agus bhí sé breis agus dhá uair níos mó ná ráta fáis na dtíortha comparadóra a scrúdaíodh. Bhí Éire freagrach as idir 0.3 faoin gcéad agus 0.4 faoin gcéad de pháipéir an domhain i gcás fhormhór na réimsí eolaíochta a scrúdaíodh. Tá borradh ag teacht ar na heolaíochtaí bitheolaíochta agus tá sciar níos airde acu (thart faoi 0.5 faoin gcéad) agus tá sciar níos airde fós ag talmhaíocht (0.6 faoin gcéad) agus is é 1.5 faoin gcéad an ráta i gcás na biteicneolaíochta talmhaíochta. Tá ag éirí go maith le hÉirinn in eolaíocht ríomhaireachta agus in innealtóireacht leictreonach, bíodh is go n-úsáidtear modhanna eile seachas irisí sna réimsí sin chun aschur a fhoilsiú.
- Bhí sciar ní b'airde (0.64 faoin gcéad) ag Éirinn de luanna an domhain in 2007 ná mar a bhí aici maidir le hábhar foilsithe (0.5 faoin gcéad) rud a thugann le fios go bhfuil tionchar níos mó aici ó thaobh luanna de. Bíodh is go bhfuil Éire san 18ú háit ó thaobh méid de, tá sí san 8ú háit ó thaobh luanna agus í chun tosaigh ar an Astráil agus ar an bhFionlainn anois faoin tomhas sin.
- Ó thaobh na n-ábhar de, tá ag éirí go maith ag na heolaíochtaí fisiceacha ó thaobh thionchar na luanna de. Cuireann iomaíochas sna heolaíochtaí bitheolaíochta srianta le feidhmíocht choibhneasta ach tá biteicneolaíocht talmhaíochta níos treise. Tá méadú ag teacht ar líon na luanna a bhaineann le fisic agus ábhair agus le cheimic, agus tá líon na luanna os cionn an mheáin sa nanaitheicneolaíocht.
- Tá comhoibriú idir institiúidí íseal i gcomparáid le háiteanna eile agus tá comhoibriú le Tuaisceart Éireann an-íseal i gcomparáid leis na naisc chomhoibrithe a bhíonn idir institiúidí i dtíortha eile. Tá naisc ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste le 1 faoin gcéad d'aschur an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus le 2 faoin gcéad d'aschur Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, cé go bhfuil sciar 10 faoin gcéad de ghníomhaíocht Ollscoil Uladh ag Ollscoil na Banríona agus Ollscoil Uladh. Tá an

comhoibriú idir Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath níos lú ná 3 faoin gcéad.

- Glactar le líon na bpáipéar a luaitear níos minice ná ceithre huaire níos mó ná an meán domhanda mar tháscaire feabhais eolaíochta. Tá 6.2 faoin gcéad de pháipéir na hÉireann sa chatagóir seo agus iad beagán chun tosaigh ar fhigiúr na Ríochta Aontaithe (6.1 faoin gcéad).

## Naisc Idirnáisiúnta na hÉireann san Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

I rith 2009 thacaigh Forfás leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta na moltaí a rinne an Chomhairle Eolaíochta ina tuarascáil in 2008, *Ireland's International Engagement in Science, Technology and Innovation,* a chur chun cinn agus chun plean gnímh mionsonraithe a fhorbairt.

Tá bearta leagtha síos i ngach ceann de na réimsí seo a leanas:

- An chomhlántacht is mó is féidir a chruthú idir an maoiniú taighde náisiúnta agus Creatchlár 7 an AE (FP7).
- Comhordú a dhéanamh le tíortha eile san Eoraip maidir le hiarrachtaí taighde (Limistéar Eorpach Taighde-NETanna, Tionscnaimh Chláir Nasctha srl.).
- Deimhin a dhéanamh de gur féidir bonneagar taighde thar lear a rochtain agus infheistiú i mbonneagar náisiúnta a phleanáil i gcomhthéacs forbairtí an AE agus an domhain.
- Cuidiú le taighdeoirí gluaiseacht thar theorainneacha náisiúnta.
- Naisc Eolaíochta, Theicneolaíochta agus Nuálaíochta na hÉireann le tíortha roghnaithe ardtosaíochta a neartú, lena n-áirítear SAM, an India agus an tSín.
- Deimhin a dhéanamh de go ndéantar suntas de chomhpháirteachas idirnáisiúnta ó thaobh socruithe rialachais eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta in Éirinn.

De thoradh na moltaí sin tá gach ceann de na gníomhaireachtaí maoinithe taighde in Éirinn ag leagadh béime nua ar naisc idirnáisiúnta lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcláir chomhoibritheacha taighde.

## Ionadaíocht na hÉireann ar CREST

Is é CREST an comhlacht comhairleach ardleibhéil a chabhraíonn leis an gCoimisiún Eorpach agus le Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le saincheisteanna i mbeartais eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta, agus bhí a chuid féin le rá ag Forfás i gcaitheamh 2009 faoi gach ceann de na príomhcheisteanna beartais a bhí á bplé ag CREST. Ghlac Forfás páirt freisin sa díospóireacht faoi shainordú agus fís nua a cheapadh don eagraíocht Eorpach sin. Tá Forfás agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ina gcomhionadaithe agus tugann Forfás tosaíocht faoi leith don nasc idir taighde agus nuálaíocht. Tugann CREST tús áite don nasc sin anois agus glactar leis go coitianta i mbeartas taighde na hEorpa. Lena chois sin chabhraigh Forfás chun comhordú a dhéanamh ar rannpháirtíocht grúpaí oibre na hÉireann i CREST agus sna cumraíochtaí speisialta atá ag déileáil le topaicí faoi leith agus le tionscnaimh an Limistéir Eorpaigh Taighde (ERA).

Is é ról CREST ná:

- Tosaíochtaí straitéiseacha a aithint i gcomhair bheartas an AE ó thaobh taighde agus forbairt teicneolaíochta de, agus cabhrú leis an gCoimisiún Eorpach sa chaoi sin chun cláir taighde an AE a leagadh amach agus iad a dhíriú ar réimsí áirithe.
- Comhordú a chur chun cinn maidir le gníomhaíochtaí taighde an AE agus na mBallstát le cinntiú go mbeidh beartas an AE agus na beartais náisiúnta comhsheasmhach le chéile.
- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na measúnaithe neamhspleácha a dhéantar ar Chreatchláir taighde an AE agus na cláir faoi leith a bhaineann leo.
- Páirt a ghlacadh i gceapadh straitéise an AE um chomhoibriú idirnáisiúnta taighde.

Dhírigh CREST le bliain anuas ar thionscnaimh a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Taighde. Go háirithe, forbraíodh Léargas 2020 an Limistéir Eorpaigh Thaighde agus bunaíodh cumraíochtaí speisialta CREST chun tionscnaimh an Limistéir sin a chur chun cinn. Áirítear leo siúd cláir nasctha de thaighde san Eoraip, bonneagair taighde Eorpacha a fhorbairt, aistriú eolais ar fud na hEorpa, soghluaisteacht taighdeoirí, agus comhoibriú Eolaíochta agus Teicneolaíochta le tíortha lasmuigh den Eoraip.

## An Fóram Straitéiseach um Chomhoibriú Idirnáisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta (SFIC)

Is é Forfás ionadaí na hÉireann ar fhóram nua a bhunaigh Airí Taighde na hEorpa in 2009. Forbraíonn an Fóram Straitéiseach um Chomhoibriú Idirnáisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta (SFIC) cur chuige comhordaithe Eorpach maidir le comhoibriú Eolaíochta agus Teicneolaíochta le tíortha lasmuigh den Eoraip, go háirithe gníomhairí móra an domhain mar SAM, an India, an tSín, an Rúis agus an tSeapáin. Is é CREST an eagraíocht ardleibhéil a thugann comhairle don Chomhairle agus don Choimisiún Eorpach. Bunaíodh SFIC mar chumraíocht speisialta de CREST.

Tá clár oibre forbartha ag SFIC i gcomhar na tréimhse ó 2009 go 2010 a leagann béim faoi leith ar na nithe seo a leanas:

- Malartú faisnéise chun léargas a fháil ar na tosaíochtaí comhoibrithe reatha ó thaobh na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta de le tíortha treasacha.
- Tús a chur le líon beag tionscnaimh phíolótacha le fáil amach an bhféadfaí cur chuige malartach a fhorbairt maidir le comhoibriú eolaíochta agus teicneolaíochta.

Rinne Forfás a sciar féin maidir le leagadh amach clár oibre SFIC agus bhain sé leas as na prionsabail a leagadh síos sa staidéar a rinne an ASC le déanaí: *Ireland's International Engagement in Science, Technology and Innovation*. Leanfaidh Forfás ar aghaidh ag dul i gcomhairle leis na príomhghníomhairí Eolaíochta agus Teicneolaíochta in Éirinn le cinntiú go mbeidh Éire in ann na deiseanna a chuireann an fóram nua seo a thapú.

## Cláir Taighde san Eoraip

Is éard atá sna cláir nasctha ná tionscnamh chun ballstáit an AE a spreagadh le comhoibriú níos dlúithe le chéile le dul i ngleic leis na gnéithe taighde a bhaineann leis na príomhdhúshláin sochaíocha atá le sárú ag an Eoraip mar athrú aeráide, sláinte agus aosú, agus slándáil bhia. Feidhmeoidh Tionscnaimh Chláir Nasctha (JPI) le cois Creatchlár an AE agus beidh sé d'aidhm acu a chinntiú nach mbeidh an obair thaighde chéanna á déanamh gan ghá in áiteanna éagsúla san Eoraip. Is í an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an toscaire náisiúnta chuig an nGrúpa Ardleibhéil Eorpach maidir le Tionscnaimh Chláir Nasctha.

Chuir Forfás comhairle ar fáil don Roinn in 2009 faoin bhféidearthacht go nglacfadh Éire páirt i dtionscnaimh chláir nasctha, agus chuaigh sé i gcomhairle leis na páirtithe móra sa chóras Eolaíochta agus Teicneolaíochta chun aird daoine a tharraingt ar na deiseanna a bhaineann leis an tionscnamh Eorpach seo.

Leanfaidh Forfás air ag obair i gcomhar leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta agus le ranna agus le gníomhaireachtaí bainteacha eile in 2010 le cinntiú go nglacfar an pháirt is fearr agus is féidir sa tionscnamh sin agus i dtionscnaimh eile amach anseo. Ina theannta sin, cuirfidh Forfás comhairle ar fáil faoi na coinníollacha creatlaí a bhaineann le cláir nasctha, lena n-áirítear ceisteanna mar athbhreithniú piaraí, comh-mheasúnú agus maoiniú trasteorann i gcomhair taighde.

## An Fóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Taighde

Lean Forfás agus an tÚdarás um Ard-Oideachas ar aghaidh mar ionadaithe na hÉireann ar an bhFóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Thaighde (ESFRI) in 2009, agus tá Forfás ag obair le cinntiú go bhfuil cur chuige comhordaithe ann maidir le ról na hÉireann i dtionscadail a bhaineann le Treochlár an ESFRI faoi Bhonneagair Thaighde.

Bunaíodh an ESFRI in 2002 chun tacaíocht a thabhairt do chur chuige comhtháite bunaithe ar straitéis nuair a bheadh beartais á gceapadh maidir le hinfheistiú i mbonneagar taighde san Eoraip agus chun éascú a dhéanamh ar thionscnaimh iltaobhacha chun bonneagar taighde ar leibhéal an AE agus go hidirnáisiúnta a fhorbairt agus leas níos fearr a bhaint as. Tá an *Treochlár um Bonneagar Taighde Eorpach* ar cheann de na príomhrudaí a rinne an ESFRI.

Foilsíodh an chéad treochlár in 2006 agus aithníodh 35 tionscadal ann, ar dhíol spéise don Eoraip go léir iad, a bhí le cur i bhfeidhm laistigh den chéad 10-15 bliana eile. Tá Forfás agus an tÚdarás um Ard-Oideachas ag déanamh a ndícheall le cinntiú go dtabharfaidh Éire freagra comhordaithe ar threochlár an ESFRI agus chun rannpháirtíocht a chothú, nuair is cuí sin, i dtionscnaimh chun tionscadail atá luaite ar an treochlár a chur i gcrích. Tá institiúidí taighde na hÉireann ag glacadh páirte cheana féin i 10 gcinn den 35 tionscadal a luadh i dtreochlár bunaidh an ESFRI agus tacaíocht á fáil acu ó na gníomhaireachtaí maoinithe bainteacha in Éirinn. Rachaidh a lán de na tionscadail sin ar aghaidh ón gcéim phleanála go forfheidhmiú iomlán sa tréimhse ó 2010 go 2013.

Bhain a raibh ar siúl ag Éire go dtí seo i dtionscadail treochlár an ESFRI le roinnt bonneagair leithdháilte áit a ndéanfar na saoráidí atá á bhforbairt in Éirinn faoi láthair a chomhtháthú i líonra saoráidí níos leithne na hEorpa. Bhaineanna na bonneagair sin le réimsí mar thrialacha cliniciúla, saoráidí bithbhainc, saoráidí breathnóireachta aigéin, ríomhaireacht ardfheidhmíochta agus bunachair sonraí a bhaineann leis na heolaíochtaí sóisialta agus leis na daonnachtaí.

D'eisigh an Coimisiún Eorpach gairm in 2009 ag éileamh tacaíochta le haghaidh céim ullmhúcháin do 10 dtionscadal bhreise a d'aithin ESFRI i réimsí mar fhuinneamh, eolaíochtaí comhshaoil agus eolaíochtaí bitheolaíochta agus míochaine. Tá Forfás agus an tÚdarás um Ard-Oideachas ag obair i gcomhar le bunaitheoirí taighde agus bonneagair taighde in Éirinn le cinntiú go leanfar ar aghaidh ag glacadh páirte i bpróiseas an ESFRI agus le cinntiú go ndéanfar bonneagar taighde na hÉireann a phleanáil i gcomhthéacs straitéisí níos leithne san Eoraip agus ar fud an domhain.

## Measúnú ar Rannpháirtíocht na hÉireann i gCreatchlár 6 an AE

Is éard a bhí sa 6ú Creatchlár le haghaidh Taighde, Forbairt Teicneolaíochta agus Gníomhaíochtaí Taispeántais (FP6) de chuid an AE ná roinnt beart ar leibhéal an AE chun taighde a chur chun cinn agus maoiniú a sholáthar dó. Cuireadh €17.8 billiún ar fáil dó sna blianta ó 2002 go 2006, agus b'ionann é sin agus thart faoi 5 faoin gcéad den chaiteachas iomlán ar thaighde agus ar fhorbairt teicneolaíochta (RTD) i mballstáit an AE. D'iarr an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar Forfás measúnú a dhéanamh ar pháirt na hÉireann in FP6

le fáil amach cén éifeachtacht agus tionchar a bhí ag FP6 ó thaobh a spriocanna a bhaint amach. I measc na saincheisteanna a cíoradh, rinneadh measúnú ar bhreisluacha agus ábharthacht FP6 maidir le taighde agus forbairt in Éirinn, na struchtúir tacaíochta a bhí curtha ar fáil agus an ghiaráil a bhí á fáil ó institiúidí ardoideachais maidir le cabhrú le lucht tionscail páirt a ghlacadh in FP6 agus iad a spreagadh chuige.

Léirigh an staidéar go raibh Éire ag glacadh páirt láidir go maith i gclár FP6 tríd is tríd, agus go raibh páirt ghníomhach á glacadh ag pobal taighde na tíre, idir phríobháideach agus phoiblí, sa Chlár.

Bhí rátaí na dtionscadal ar éirigh leo sa chomórtas i bhfad ní b'airde ná meánrátaí FP6. Bhí an sciar de mhaoiniú FP6 a tugadh do rannpháirtithe na hÉireann ar aon dul le sciar na hÉireann den Olltáirgeacht Intíre. Thug sí i bhfad níos mó do bhuiséad an AE ná a sciar den OTN agus bhí sé an-ard i gcomparáid le méid a daonra. Tugadh maoiniú níos mó do rannpháirtithe na hÉireann ná meán na méideanna a tugadh i gcaitheamh an FP6 go léir.

Tá 17 réimse tosaíochta faoi FP6 agus shaothraigh Éire go han-mhaith sna nanaitheicneolaíochtaí agus sna naineolaíochtaí; cáilíocht agus sábháilteacht bia; saoránaigh agus rialachas; taighde cothrománach (mar shampla, taighde mara) a bhfuil páirt ag fiontair bheaga agus mheánmhéide ann; teicneolaíochtaí na sochaí faisnéise; acmhainní daonna agus soghluaisteacht; agus tacaíocht a thabhairt do comhordú réimsí tosaíochta taighde.

Ba iad na príomhbhuntáistí a bhain le páirt a ghlacadh san FP6 ná caidrimh agus líonraí níos fearr, breis eolais agus cumais (idir eolaíochta agus teicneolaíochta) agus clú agus cáil a thuilleamh d'Éirinn. I gcás fhormhór mór na rannpháirtithe Éireannacha, is mó go mór na buntáistí a bhaineann le páirt a ghlacadh san FP6 ná na costais a bhíonn i ceist.

Nuair a bhí measúnú a dhéanamh ar FP6 rinneadh suirbhé ar an dearcadh tosaigh a bhí ag daoine i leith FP7 agus fuarthas amach freisin go raibh siad fabhrach ina thaobh. Moladh Líonra Tacaíochta Náisiúnta nua na hÉireann (NSN) go hard. Cuireadh an líonra seo ar bun i gcomhair FP7, agus is cosúil go bhfuil na pobail taighde ag baint leas maith as an tacaíocht atá ar fáil.

Tar éis an mheasúnaithe a rinne Forfás ar FP6, tá sé gníomhach anois ag comhoibriú le Stiúrthóir Náisiúnta nua FP7 agus leis na príomhghníomhairí sa phobal eolaíochta,

teicneolaíochta agus nuálaíochta. Is é go sonrach atá ar siúl ag Forfás ná mapáil a dhéanamh a léireoidh go soiléir an chaoi a bhfuil dreamanna i bpobal Taighde agus Forbartha na hÉireann ag fáil maoiniú náisiúnta agus maoiniú na hEorpa araon. Eagraíonn Forfás cruinnithe gach ráithe ina mbíonn na páirtithe leasmhara bainteacha i láthair agus glacann sé páirt iontu le cinntiú go nglactar le cur chuige comhordaithe, comhtháite i gcomhair FP7.

## Barrfheabhsú Rannpháirtíocht na hÉireann i gCreatchlár 7 an AE (FP7)

De thoradh mholtaí na Comhairle Eolaíochta ina tuarascáil *Ireland's International Engagement in Science, Technology and Innovation* a foilsíodh in 2008, d'iarr an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go n-oibreodh Forfás i gcomhair le Stiúrthóir Náisiúnta FP7 le breathnú ar na roghanna beartais atá ann maidir le cur chuige níos straitéisí a bheith againn i leith íostarraingt FP7 a bharrfheabhsú. Ciste mór taighde de €50 billiún is ea FP7 i gcomhair na tréimhse ó 2007 go 2013. Is den tábhacht é go ndéanfar uasmhéadú ar rannpháirtíocht na hÉireann, go mór mór ó tá brú á chur ar na sreabha maoinithe náisiúnta agus go bhfuil sé ar intinn ag Éirinn €600 milliún a fháil ón gclár. Tá mais chriticiúil ag Éirinn anois maidir le saineolas taighde ó thaobh méid agus cáilíochta de toisc an t-infheistiú substaintiúil a rinneadh i mbunachar taighde poiblí na hÉireann agus ba chóir go gcuirfeadh sé sin ar chumas na tíre páirt níos éifeachtúla a ghlacadh ar chéim an taighde idirnáisiúnta agus tairbhe níos mó a ghiaráil ón FP7.

Chuaigh Forfás i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara agus d'eisigh plécháipéis bheartais ina raibh moltaí ar tháinig an Coiste Idir-Rannach Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta ar chomhaontú fúthu. Dá thoradh sin, bunaíodh Fóram Beartais FP7 chun athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar dheiseanna giarála. Tagann na príomhpháirtithe leasmhara le chéile ar an bhfóram chun a dtuairimí a thabhairt agus plé a dhéanamh ar dheiseanna chun páirt níos mó a ghlacadh in FP7 agus bearta a dhéanamh dá réir, agus béim faoi leith acu ar ghiaráil a dhéanamh ar mhaoiniú náisiúnta Taighde agus Forbartha.

Rinne Forfás mórchuid anailíse ar shonraí agus é ag scrúdú ról an mhaoinithe taighde ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach agus ar leibhéil na bhfoirne taighde faoi leith. De thoradh na hoibre seo beifear in ann measúnú a dhéanamh ar an tsineirge idir cláir taighde náisiúnta agus maoiniú FP7, agus cabhróidh sé le lucht taighde a fhaigheann maoiniú agus leo siúd a thugann an maoiniú dóibh in Éirinn díriú ar dheiseanna faoi leith sa Chreatchlár amach anseo.

## Athbhreithniú ar Thacaí do Shaothrú Maoine Intleachtúla ó Thaighde Ardoideachais

In 2009, ar iarratas na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, rinne Forfás athbhreithniú ar an tacaíocht atá ar fáil faoi láthair le spreagadh a thabhairt do shaothrú na maoine intleachtúla atá ag teacht de thoradh taighde san earnáil ardoideachais a bhfuil maoiniú poiblí á fháil aige.

Is den riachtanas anois é de thoradh cúinsí eacnamaíochta na tíre go mbainfear leas as smaointe maithe taighde chun táirgí agus seirbhísí a mbeith rath tráchtála orthu a chur ar fáil, agus is den riachtanas é freisin go léireofar gur féidir le tráchtálú toradh tapa a thabhairt ar infheistíocht. Luadh gur ábhar imní iad éifeacht agus oiriúnacht na socruithe reatha maidir

le maoin intleachtúil. Coimisiúnaíodh an t-athbhreithniú córasach seo le fáil amach cé chomh bailí is a bhí na hábhair imní sin, cé chomh forleathan is a bhí siad agus an fáth a bhí leo.

Léiríonn na torthaí tosaigh go bhfuil córas na hÉireann um thráchtálú maoine intleachtúla na n-institiúidí ardoideachais ag dul chun cinn go maith ós rud é gur tugadh isteach a lán de na meicníochtaí sin le déanaí. Bhain a lán den mhíshocracht agus den athrú fócais a braitheadh le córas tráchtálaithe a bhí ag teacht chun cinn agus nach raibh go leor ama aige socrú síos. Bhí an staidéar sin dírithe ar mholtaí a aithint a chuirfidh le héifeachtúlacht sa ghearrthéarma agus ar mholtaí níos straitéisí a fhorbairt a mbeidh tionchar acu sa mheántéarma nó san fhadtéarma.

### Torthaí Ardleibhéil

- Tá córas na hÉireann maidir le tráchtálú maoine intleachtúla a eascraíonn ó na hinstitiúidí oideachais ardleibhéil ag feidhmiú go maith in ainneoin a nuaí is atá sé.
- Tá na beartais agus na treoirlínte ar aon dul le dea-chleachtas idirnáisiúnta, in ainneoin na nithe seo a leanas:
  - Tá siad bunaithe ar shamhail líneach nuálaíochta;
  - Ní dhéanann siad idirdhealú idir na cineálacha éagsúla de mhaoin intleachtúil;
  - Ní dhéanann siad idirdhealú idir disciplíní éagsúla;
  - Ní dhéanann siad idirdhealú idir cuideachtaí ilnáisiúnta agus fiontair bheaga agus mheánmhéide;
  - Ní áirítear gníomhaíochtaí níos leithne aistrithe eolais le méadracht; agus
  - Is gá feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar na páirtithe leasmhara go léir a chur ar an eolas faoi na beartais.
- Caithfidh na treoirlínte a bheith níos saintreoraí.
- B'fhearr go mór dá mbeadh Oifigí Díláraithe um Aistriú Teicneolaíochta bunaithe sna hInstitiúidí Ard-Oideachais ach tacaíocht níos fearr a bheith acu ó Fhiontraíocht Éireann.

### Moltaí

- Is féidir moltaí Forfás a chur i gcúig chatagóir leathana:
  - Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais, treoirlínte, scéimeanna agus méadracht agus iad a leathnú amach chun go mbeidh samhail nuálaíochta éiceachórais, idirdhealú maoine intleachtúla agus aistriú eolais mar chuid díobh.
  - Níos mó saintreoracha a thabhairt trí chomhaontaithe náisiúnta, prionsabail agus amlínte.
  - Breis eolais a thabhairt faoi bheartais do na páirtithe leasmhara go léir.
  - Struchtúr na nOifigí Díláraithe um Aistriú Teicneolaíochta a dhaingniú sna hInstitiúidí Ard-Oideachais (tríú misean) agus tacaíocht lárnach feabhsaithe acu ó Fhiontraíocht Éireann.
  - Ardcháilíocht agus inbhuanaitheacht a chinntiú.

## Straitéis Tráchtálaithe don Nanaitheicneolaíocht in Éirinn

Ar iarratas ón gCoiste idir-Rannach um Eolaíocht, Theicneolaíocht agus Nuálaíocht, rinne Forfás staidéar le cinntiú gur féidir le hÉirinn ionad straitéiseach a bhaint amach di féin mar ghníomhaire iomaíoch nanaitheicneolaíochta, agus scrúdaigh sé na straitéisí éagsúla le tacú le tráchtálú thaighde nanaitheicneolaíochta na hÉireann idir phríobháideach agus phoiblí. Teicneolaíocht chumasaithe í an nanaitheicneolaíocht ar féidir léi tionchar domhain buan a beith aici ar ghnóthais na hÉireann agus ar infheistíocht dhíreach eachtrach, idir reatha agus fhéideartha, i réimsí mar feistí leighis agus leictreonaic. Cuireadh táirgí arbh fhiú $254 billiún iad ar fáil in 2009 de thoradh na nanaitheicneolaíochta. Táthar á thuar go bhfásfaidh an luach seo go €2.5 trilliún roimh 2015.

Rinne Forfás iarracht na nithe seo a leanas a dhéanamh sa staidéar seo:

- Na roghanna agus na samhailtí sin a aithint ina bhféadfaidh oileán na hÉireann a bhonn taighde nanaitheicneolaíochta a ghiaráil chun infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh agus a choinneáil, agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt na fiontraíochta dúchasaí i gcomhthéacs thimpeallacht náisiúnta agus idirnáisiúnta na nanaitheicneolaíochta.
- Measúnú a dhéanamh ar fhéidearthacht na roghanna éagsúla tráchtálaithe, lena n-áirítear áiseanna ildisciplíneacha do dhéantúsaíocht nanaitheicneolaíochta (NanoFab) a bhunú, a chuirfeadh ar chumas lucht taighde, fiontraíochta agus fiontraithe saoráidí réamhthrachtálaithe a rochtain, agus cuimhneamh ar na scálaí ama a bhainfeadh le tús a chur le lán-oibríocht agus toradh a fháil ar infheistíocht.

Tugadh le fios san athbhreithniú a rinneadh ar bhonneagar na nanaitheicneolaíochta in Éirinn go bhfuil infheistiú críonna déanta agus go bhfuil bonneagar de scoth an domhain againn. Cuirfidh sé sin bunsraith dhaingean ar fáil agus Éire ag iarradh taighde nanaitheicneolaíochta ardchaighdeáin a dhéanamh agus iarracht a dhéanamh é a thráchtálú.

Rinneadh athbhreithniú anailíseach ar fho-thacar iomlán na réimsí nanaitheicneolaíochta agus tugadh le fios go bhfuil Éire inchurtha le tíortha an domhain ar bhonn foilseachán normalaithe, paitíní agus cáilíocht taighde. Níl an mhais chriticiúil aici, áfach, le tionchar a bheith aici ar chúrsaí an domhain mhóir. Thug an measúnú seo le fios go bhfuil láidreachtaí ag Éirinn mar leictreonaic, feistí leighis agus cuideachtaí cógaisíochta agus fuarthas amach go raibh seoda mar chatalaígh aici i margaí nach rabhthas ag súil leo ar chor ar bith. Tugadh le fios, áfach, nach bhfuil an teaglaim ag Éirinn de mhais chriticiúil, taighde ardcháilíochta agus mór-aschur tráchtála in aon réimse nanaitheicneolaíochta amháin.

Is iad seo cuid de mholtaí tosaigh an staidéir:

- Ní mór dúinn ár n-acmhainní a dhíriú ar theicneolaíochtaí i réimsí áirithe margaidh ina bhféadfaidh Éire taighde de scoth an domhain a dhéanamh mar aon le mais chriticiúil a chur ar fáil a mheallfaidh lucht tionscail chun infheistiú a dhéanamh. Molann an tuarascáil go ndíreofar ar cheithre réimse margaidh sna cúig bliana atá romhainn; leictreonaic den chéad ghlúin eile; feistí leighis agus diagnóisic; feidhmeanna comhshaoil; agus feabhsuithe ar phróisis thionsclaíocha.
- Giaráil a dhéanamh ar an infheistiú atá déanta go dtí seo agus tógáil ar a bhfuil déanta againn go dtí seo.
- Líonrú a dhéanamh ar ár mbonneagar atá ar scoth an domhain chun an tionchar is mó a fháil uaidh.

- Níos mó comhoibrithe idirnáisiúnta a dhéanamh chun go mbeimid níos feiceálaí agus go mbeidh tionchar níos mó againn agus breis acmhainní agus eolais a fháil.

Cuirfear na moltaí seo faoi bhráid an Choiste Idir-Rannaigh in 2010.


## Tascfhórsa Nuálaíochta

Sheol an Taoiseach tuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochta i Márta 2010. Leagann an tuarascáil amach fís an gheilleagair nuálaíoch agus tá moltaí ann faoi conas is féidir é a bhaint amach. Rinne Forfás agus a chomhghleacaithe i Roinn an Taoisigh agus sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a gcuid féin chun Tuarascáil an Tascfhórsa a fhorbairt trí thacaíocht taighde agus rúnaíochta a chur ar fáil.

## Suirbhéanna maidir le Taighde agus Forbairt agus Nuálaíocht

Thiomsaigh Forfás na sonraí faoin maoiniú phoiblí a thugtar i gcomhair Taighde agus Forbartha (T&F) agus rinne anailís orthu ina Suirbhé bliantúil ar an mBuiséad Eolaíochta ina mbailítear sonraí ó 41 rann, gníomhaireacht agus oifig rialtais atá gníomhach maidir le maoiniú agus feidhmiú Taighde agus Forbartha.

**Treochtaí GBAORD (€M.) agus GBAORD mar chéatadán den OTN (1999-2009)**




Foinse: Suirbhé Eolaíochta Bliantúil 2008/2009, Forfás, 2010

Is éard atá i Leithreasaí nó Caiteachas Buiséid an Rialtais ar Thaighde agus Fhorbairt (GBAORD) ná táscaire T&F faoi mar a shainmhínítear é i lámhleabhar Frascati an ECFE trínar féidir comparáid a dhéanamh idir thíortha éagsúla. Áirítear leis maoiniú i gcomhair T&F ó fhoinsí díreacha státchiste agus ón AE lena n-áirítear maoiniú i gcomhair T&F sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta.

Tháinig méadú leanúnach ar GBAORD ó €232m go €946m idir 1999 agus 2008. Tháinig moill ar mhaoiniú an Rialtais i gcomhair tionscadail T&F i lár 2008 agus tháinig laghdú 8.1 faoin gcéad dá réir ar an €1.03 billiún a bhí ceaptha le caitheamh sa chaoi gurbh é €946 milliún an méid a caitheadh sa deireadh. Bhíothas á thuar idir 2008 agus 2009 go dtiocfadh laghdú 1.8 faoin gcéad breise ar mhaoiniú an Rialtais i gcomhair tionscadal T&F. D'fhéadfadh sé tarlú, áfach, go raibh na meastacháin sin a rinneadh i lár 2009 ró-ard agus go léireoidh an suirbhé ar an mBuiséad Eolaíochta 2010 gur caitheadh níos lú fós ar T&F.

Nuair a cuirtear Éire i gcomparáid lenár n-iomaitheoirí móra meastar gur chaitheamar 0.71 faoin gcéad den OTN ar thionscadail shibhialta T&F a bhfuil maoiniú poiblí á thabhairt dóibh (ní chuirtear maoiniú T&F ar thionscadail chosanta san áireamh). Bíodh is gur tharla laghdú ar mhaoiniú poiblí i gcomhair T&F i gcaitheamh na bliana, ní raibh an laghdú chomh mór leis an laghdú a tháinig ar ghníomhaíocht gheilleagrach i rith 2009, rud a mhéadaigh an coibhneas idir GBAORD sibhialta agus OTN. Nuair a bhaintear leas as an méadracht seo is léir go bhfuil Éire i measc na dtíortha sin a bhfuil thart faoin meánchoibhneas acu idir T&F poiblí agus gníomhaíocht gheilleagrach.

### Suirbhé ar Nuálaíocht Phobail 2006-2008


Thug 45 faoin gcéad d'fhiontair na hÉireann a raibh breis agus 10 fostaithe acu le fios sa tréimhse ó 2006 go 2008 go raibh gníomhaíocht éigin nuálach ar siúl acu. Bhí beagnach 53 faoin gcéad de ghnóthais thionsclaíocha i mbun nuálaíochta agus 41 faoin gcéad de na gnóthais seirbhísí i mbun nuálaíochta.

Ba iad na fiontair mhóra a bhfuil breis agus 250 fostaithe acu ba mhó a bhí i mbun nuálaíochta. Bhí 86 faoin gcéad de na gnóthais mhóra thionsclaíocha agus 64 faoin gcéad de na gnóthais mhóra seirbhísí i mbun na hoibre sin. Is féidir é sin a chur i gcomparáid le 69 faoin gcéad de na gnóthais mheánmhéide thionsclaíocha a raibh idir 50 agus 249 fostaithe acu agus 53 faoin gcéad de na gnóthais mheánmhéide seirbhísí a bhí i mbun nuálaíochta. Ba iad na fiontair bheaga an grúpa ba lú a bhí i mbun nuálaíochta. Bhí 45 faoin gcéad de na gnóthais bheaga thionsclaíocha a raibh idir 10 agus 49 fostaithe acu agus 38 faoin gcéad de na gnóthais bheaga seirbhíse i mbun gníomhaíochtaí nuálacha.

Díríonn fiontair atá i mbun nuálaíochta ar nuálaíocht táirgí nó ar nuálaíocht próiseas nó ar an dá cheann le chéile. Ní raibh ach beagán os cionn 28 faoin gcéad de na fiontair go léir sa tréimhse 2006-2008 i mbun cineál éigin nuálaíochta maidir lena dtáirgí agus bhí 35 faoin gcéad díobh i mbun nuálaíochta maidir lena bpróisis.

Bhí níos mó nuálaíochta ar siúl maidir le táirgí agus le próisis de réir mar a d'fhorbair méid na ngnóthas. Bhí 23 faoin gcéad de na fiontair bheaga i mbun nuálaíochta táirgí agus bhí 42 faoin gcéad agus 61 faoin gcéad de na tionscail mheánmhéide agus mhóra i mbun na hoibre sin. Sa chaoi chéanna, bhí 31 faoin gcéad de na fiontair bheaga i mbun nuálaíochta próiseas agus bhí 46 faoin gcéad agus 64 faoin gcéad de na tionscail mheánmhéide agus mhóra i mbun na hoibre sin.

**Figiúr 7 Láimhdeachas a Bhaineann le Nuálaíocht Táirge de réir Mhéid an Fhiontair % 2006-2008**




Foinse: Suirbhé ar Nuálaíocht Phobail 2006-2008, CSO/Forfás, 2009

Rinne an suirbhé leibhéal an láimhdeachais iomláin a bhain le nuálaíocht táirgí a mheas. Déantar nuálaíocht táirgí a roinnt ina dá chuid – nuálaíocht ó thaobh an mhargaidh de ina dtomhaistear cruthaitheacht agus úrnuacht agus nuálaíocht ó thaobh an ghnóthais de nuair a ghlacann gnóthas le nuálaíocht ach gur ceapadh agus gur cruthaíodh an nuálaíocht sin in áit eile.


Is de thoradh nuálaíochta a rinneadh sa tréimhse 2006-2008 a bhí beagnach 11 faoin gcéad de láimhdeachas na nuálaithe, idir ghníomhach agus neamhghníomhach, sna hearnálacha tionsclaíocha agus seirbhísí araon in 2008. Bhain beagnach 5 faoin gcéad den láimhdeachas sin le táirgí a bhí nua ó thaobh an ghnóthais de agus bhain os cionn 6 faoin gcéad de le táirgí a bhí nua ó thaobh an mhargaidh de.

Thug fiontair mhóra le fios gur tháinig 12.5 faoin gcéad dá láimhdeachas ó tháirgí nuálacha agus go mba tháirgí nua ar an margadh iad 6 faoin gcéad díobh. Thug fiontair mheánmhéide le fios gur tháinig 8 faoin gcéad dá láimhdeachas iomlán ó tháirgí nua ó thaobh an margaidh de agus 4 faoin gcéad díobh ó tháirgí a bhí nua ó thaobh an ghnóthais de.

Léiríonn miondealú de réir earnálacha gur de bharr táirgí a bhí nuálach ó thaobh an ghnóthais de a gineadh thart faoi 5 faoin gcéad den láimhdeachas i bhfiontair thionsclaíocha agus seirbhíse araon. Is de bharr nuálaíochta atá nua ó thaobh an mhargaidh de a tháinig thart faoi 4 faoin gcéad de láimhdeachas lucht tionscail agus os cionn 7 faoin gcéad de láimhdeachas lucht seirbhísí.

## Baic ar Nuálaíocht

**Figiúr 9 Baic An-Tábhachtach ar Ghníomhaíochtaí Nuálacha i gcás Fiontair Nuálacha de réir Earnála, % 2006-2008**




Foinse: Suirbhé ar Nuálaíocht Phobail 2006-2008, CSO/Forfás, 2009

Léirigh an suirbhé gurb iad easpa maoinithe, costas nuálaíochta, easpa d'airgead sheachtrach agus ceannas an mhargaidh a bheith ag fiontair bhunaithe na baic ba mhó a bhí ag fiontair nuálacha agus neamh-nuálacha maidir le dul i mbun nuálaíochta.

Léiríonn Figiúr 9 torthaí na bhfiontar atá gníomhach i gcúrsaí nuálaíochta agus na tosca is mó a deir siad atá ag cur as dóibh. Tugadh 9 rogha dóibh agus luaigh na fiontair nuálacha (beagnach 23 faoin gcéad den lucht tionscail agus 18 faoin gcéad den lucht seirbhísí) gurb é easpa airgid an bac ba mhó a bhí acu nó an rud ba mhó a bhí ag cur as dóibh ó thaobh na nuálaíochta de.

Luadh cúrsaí airgeadais freisin mar an dara toisc ba mhó a bhí ag cur laincise orthu. Dúirt 19 faoin gcéad d'fhiontair thionsclaíocha agus beagnach 14 faoin gcéad de sheirbhísí gur mheasadar go raibh na costais nuálaíochta ró-ard.

Luaigh fiontair seirbhísí cúrsaí airgeadais mar an tríú rud ag bhí ag cur laincise orthu. Dúirt os cionn 13 faoin gcéad de na cuideachtaí sin gurb é easpa maoiniú seachtrach an toisc ba thábhachtaí.

Mura gcuirtear laincisí airgeadais san áireamh, ba é ceannas an mhargaidh a bheith ag fiontair bhunaithe an rud ba mhó a bhí ag cur as dóibh maidir le nuálaíocht.

# Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil

Is í Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil (ASC) comhlacht comhairleach ardleibhéil an Rialtais maidir le saincheisteanna beartais i leith na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na nuálaíochta. Is sa chomhairle sin is mó a thagann páirtithe leasmhara agus lucht déanta beartas sa réimse seo le chéile. Déanann Forfás bainistíocht ar obair na Comhairle agus déanann taighde agus anailís ar a son. Is é Bord Forfás a cheapann Bord an ASC.

Is é sainchúram na Comhairle ná cabhrú le forbairt agus soláthar straitéise náisiúnta atá comhtháite agus éifeachtach i gcomhair na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na nuálaíochta, agus comhairle a thabhairt don Rialtas maidir le beartais ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha i leith na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na nuálaíochta.

Tháinig deireadh le téarma Mary Cryan mar chathaoirleach ar an ASC i rith 2009 agus ceapadh an Dr Tom McCarthy mar chathaoirleach.

Dhírigh an Chomhairle ar na réimsí seo a leanas in 2009:

- Infheistíocht i dTaighde agus i bhForbairt a Chothú
- The Role of PhDs in the Smart Economy
- Ceardlann *Taighde go hIoncam (Research to Revenue)*
- An Timpeallacht is Fearr a Chruthú i gcomhair T&F i gCuideachtaí

## Infheistíocht i dTaighde agus i bhForbairt a Chothú

D'eisigh an ASC ráiteas i Nollaig 2009 faoi infheistíocht i dtaighde agus i bhforbairt a chothú. Luaigh an ráiteas an claochlú atá tagtha ar chúrsaí eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta in Éirinn le blianta beaga anuas de bharr infheistiú an Rialtais agus thiomantas na hearnála príobháidí.

Mhol an ráiteas go ndéanfaí coigeartú ar straitéisí na hÉireann maidir le taighde agus nuálaíocht chun an toradh is fearr a fháil ó infheistiú poiblí i T&F agus le cinntiú go ndaingneofaí an tairbhe a fuarthas ó dheich mbliana d'infheistíocht. I measc na moltaí a rinne an ASC, bhí na moltaí seo a leanas:

- Ba chóir meicníocht cheaptha tosaíochtaí a chur ar fáil chun bailíochtú a dhéanamh ar na réimsí nó ar na disciplíní inar chóir formhór na hinfheistíochta a dhéanamh. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar thosaíochtaí gach trí nó ceithre bliana ionas go mbíonn athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na beartais taighde agus nuálaíochta.
- Ba chóir aire faoi leith a thabhairt don nasc idir taighde acadúil agus riachtanais lucht fiontair nuair a bhíonn athbhreithniú á dhéanamh ar thosaíochtaí taighde. Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm acu ionaid de mhais chriticiúil a thógáil chun go bhféadfaí tacaíocht a thabhairt do gach réimse taighde agus le cinntiú go mbainfear an leas is fearr as an gceangal idir buntaighde agus taighde feidhmeach, agus go n-úsáidfear torthaí taighde i gcomhair nuálaíochta ar bhealach optamach.

- Nuair a bheadh aon choigeartú á dhéanamh ar na struchtúir maoinithe T&F, ba chóir tús áite a thabhairt don nasc idir taighde agus nuálaíocht, lena n-áirítear tacaíocht chuí a thabhairt do shamhail an ionaid inniúlachta á stiúradh ag lucht tionscail.
- Ba chóir Creidmheas Cánach T&F a athrú chun go bhféadfaí é a éileamh i leith costais ghinearálta phárolla.
- Ba chóir do ranna rialtais, do ghníomhaireachtaí agus d'údaráis áitiúla na treoirlínte a d'fhoilsigh an Rialtas maidir le soláthar poiblí i gcomhair nuálaíochta a chur i bhfeidhm, agus é sin a dhéanamh trí mhéadracht faoi leith a cheapadh maidir le torthaí nuálaíochta, agus acmhainní i gcomhair socruithe nuálacha a imfhálú, nuair is cuí sin, faoi réir chreatlach rialacha an AE maidir le Cúnamh Stáit.



*Role of PhDs in the Smart Economy*

Grianghraf a tógadh ag seoladh na tuarascála i Nollaig 2009, ó chlé An tOllamh Anita Maguire, Cathaoirleach Thascfhórsa an ASC; Conor Lenihan, TD, an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta, Nuálaíochta agus Acmhainní Nádúrtha; agus an Dr Tom McCarthy, Cathaoirleach an ASC.

## The Role of PhDs in the Smart Economy

D'fhoilsigh an ASC *Role of PhDs in the Smart Economy* i Nollaig 2009. Aibhsíonn an tuarascáil a riachtanaí is atá sé d'Éirinn aschur iomaíoch PhDanna a bheith aici sna disciplíní bainteacha faoi mar atá ag tíortha forbartha eile. Tugann sé liosta moltaí freisin chun forbairt oideachais 4ú leibhéal agus a ábharthacht ríthábhachtach le cúrsaí fiontraíochta agus leis an tsochaí a uasmhéadú.

Tugadh le fios sa tuarascáil go bhfuil rátaí paitinnithe 2.5 uaire níos airde ag gnóthais T&F na hÉireann a fhostaíonn taighdeoirí PhD ná mar a bhíonn ag gnóthais ghníomhacha cosúil leo nach bhfostaíonn iad. Lena chois sin tá rátaí comhoibrithe i bhfad níos airde acu le hinstitiúidí ardoideachais agus le gnóthais eile. Bíodh is nach raibh taighdeoirí PhD fostaithe ag 29 faoin gcéad de na gnóthais a bhí i mbun T&F in 2007, chaith na gnóthais sin 70 faoin gcéad den chaiteachas gnó ar T&F.

Moltaí:

- Ba chóir an maoiniú le haghaidh cláir struchtúraithe PhD a ailíniú tríd is tríd le hearnálacha an gheilleagair ina bhfuil an-éileamh ar thaighdeoirí a bhfuil PhD acu.
- Ba chóir samhail an "T bun os cionn" a úsáid i gcláir struchtúraithe PhD chun tuiscint an mhic léinn PhD a fhorbairt ar an disciplín agus eolas domhain a thabhairt dó nó di faoi chineálacha éagsúla cur chuige, teicníochtaí agus modhanna. Tá sé sin ríthábhachtach chun go mbeidh lucht fiontair in ann tairbhe a bhaint as daoine a bhfuil céimeanna PhD acu.
- Ba chóir go nglacfadh institiúidí ardoideachais le córas comhairliúcháin atá sistéamach agus foirmiúil le lucht fiontraíochta maidir le forbairt na gclár struchtúraithe PhD ar leibhéal disciplín sna hinstitiúidí. Ba é an rud ab fhearr ar fad ná go ndéanfadh boird fiontraíochta maoirsiú ar na cláir struchtúraithe nuair is cuí sin.
- Ba chóir córas láraithe ab fhurasta é a úsáid a fhorbairt le cur ar chumas fostóirí nó fostóirí féideartha faisnéis a fháil faoi líon na mac léinn atá ag ullmhú i gcomhair céimeanna PhD agus faoi théamaí ginearálta an taighde atá ar siúl acu.
- Tacaíonn an ASC go tréan leis an Scéim Chomhpháirtíochta Forbartha, a nascann fiontraíocht phríobháideach agus eagraíochtaí poiblí incháilithe le chéile chun cómhaoiniú a dhéanamh ar scoláireachtaí iarchéime agus ar chomhaltachtaí iardhochtúireachta, agus molann siad go gcuirfí acmhainní ar fáil chun an scéim a mhéadú.
- Ba chóir d'Éirinn clár fiontraíochta PhD a bunú cosúil le Clár PhD Tionsclaíoch na Danmhairge trína mbaineann fostaithe céimeanna PhD amach agus iad ag déanamh taighde a bhaineann lena gcuideachtaí féin.
- Ba chóir go mbeadh clár comhtháite tacaíochta agus oiliúna dírithe go sonrach ar mhic léinn PhD agus ar thaighdeoirí luatha iardhochtúireachta. Thosódh an clár seo leis an tréimhse oideachais agus oiliúna PhD agus leanfadh sé ar aghaidh tríd an gcéim luath iardhochtúireachta le cabhrú leo a gcuid taighde a thráchtálú.

## Ceardlann *Taighde go hIoncam (Research to Revenue)*

D'eagraigh an Chomhairle Eolaíochta imeacht i mBealtaine 2009 dar teideal, *Research to Revenue: Ireland's Opportunity - The Role of Science Policy in Economic Growth*.

Tháinig eolaithe agus nuálaithe ó shaol acadúil agus ó thionscail na hÉireann le chéile chun léargas a thabhairt faoin taithí atá acu agus na pleananna atá acu chun eolaíocht a stiúradh ó thaighde go hioncam.

I measc na ndaoine a labhair ag an ócáid, bhí Conor Lenihan TD, an tAire Eolaíochta, Nuálaíochta agus Acmhainní Nádúrtha; An tOllamh Mark O'Malley, Stiúrthóir an Ionaid um Thaighde Leictreachais, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; An tOllamh Martina Newell McGloughlin, University of California; An tOllamh Luke O'Neill, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; agus Peter Robbins, GlaxoSmithKline. Thugadar a dtuairimí faoi na beartais eolaíochta agus nuálaíochta a bheidh ag teastáil le cabhrú leis an bpróiseas sin agus thug siad léargas ar an mbeartas eolaíochta atá á fhorbairt i SAM.

Díríodh sa díospóireacht a lean é ar an ngá le leanúnachas maidir le hinfheistiú poiblí i T&F, daoine agus scileanna (go mór mór a bhfuil ag teacht chun cinn i STEM), comhoibrithe agus

tráchtálú idir lucht na heolaíochta agus na fiontraíochta, chun an tairbhe is fearr a fháil ó infheistiú i T&F.

## An Timpeallacht is Fearr a Chruthú i gcomhair T&F i gCuideachtaí

Aithnítear sa Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (SSTI) 2006 – 2013 go gcaithfear athrú ó bhun a dhéanamh ar cháilíocht agus ar mhéid an T&F a dhéanann lucht tionscail go díreach iad féin agus iad ag comhoibriú le hinstitiúidí tríú leibhéal. Is í an réasúnaíocht bhunaidh go ndéanann an rialtas infheistíocht faoin Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht ná chun geilleagar iomaíoch eolasbhunaithe a fhorbairt. Tá sé d'aidhm aici nuálaíocht a chur chun cinn san fhiontraíocht, caipiteal daonna a chur ar fáil agus an luach is fearr a bhaint as infheistiú i F&T ar mhaithe le dul chun cinn geilleagrach agus sóisialta. Aithnítear gur gá díriú ar an ráta nuálaíochta agus ar ghníomhaíocht T&F san fhiontraíocht má tá fostaíocht ardcháilíochta le cruthú agus le cothú.

Cheap an ASC tascfhórsa i rith 2009 chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Tosca ríthábhachtacha a aithint a bhfuil tionchar acu ar chúrsaí T&F agus é sin a dhéanamh go sonrach i gcás cuideachtaí dúchasacha agus i gcás cuideachtaí eachtrannacha.
- Tosca a bhaineann le hearnálacha faoi leith a aithint a bhfuil tionchar acu ar chúrsaí T&F agus é sin a dhéanamh go sonrach i gcás cuideachtaí dúchasacha agus i gcás cuideachtaí eachtrannacha.
- Moltaí indéanta a fhorbairt le dul i ngleic leis na tosca a aithníodh thuas.

### Príomhthorthaí na Tuarascála

D'aithin an tuarascáil trí bhac uileghabhálacha a bhfuil tionchar acu ar gach leibhéal T&F atá ag cuideachtaí in Éirinn i ngach earnáil fiontraíochta:

- Ganntanas scileanna ardcháilíochta a bhaineann le tionsclaíocht;
- Costas ard T&F; agus
- Éifeacht na n-idirghabhálacha idir institiúidí ardoideachais agus lucht fiontraíochta.

Tá na moltaí seo a leanas sa tuarascáil le dul i ngleic leis na baic sin:

- Ba chóir go mbeadh páirt níos mó ag lucht tionscail i ndearadh clár iarchéime agus is féidir é sin a dhéanamh trí thosaíocht a thabhairt do chuid de mhaoiniú 4ú leibhéal a aistriú ó chláir PhD chuig cláir mháistreachta a bheadh á gcur chun cinn ag an lucht tionscail.
- Ba chóir tacaíocht a thabhairt le cláir mháistreachta de scoth an domhain a fhorbairt a bheadh bainteach le cúrsaí tionscail, a bheadh dírithe ar earnálacha áirithe agus a bheadh baint ag an lucht tionscail leo.
- Ba chóir cláir iarchéime thionsclaíocha a fhorbairt bunaithe ar shamhail Clár PhD Tionsclaíocha na Danmhairge.
- Ba chóir spreagadh iomaíoch airgeadais a chur ar fáil chun ceannairí T&F a mhealladh le dul ag obair le lucht fiontraíochta in Éirinn agus ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar na dreasachtaí cánach a úsáidtear i dtíortha eile nuair atá an scéim á ceapadh.

- Ba chóir go mbeadh cuideachtaí in ann a gcreidmheasanna cánach T&F a chur in aghaidh a gcuid cánacha párolla.
- Ba chóir go mbeadh dreasachtaí agus deiseanna níos mó chun daoine ón saol acadúil a nascadh le lucht fiontraíochta. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach dá socrófaí go mbeadh comhpháirtíocht le lucht tionscail ina critéar tábhachtach nuair a bheadh baill foirne acadúla nó taighde á n-earcú in institiúidí ardoideachais agus nuair a bheadh arduithe céime uathu.

Rinne an Tascfhórsa Nuálaíochta machnamh ar thorthaí na tuarascála seo.

# Iomaíochais

Tá sé ríthábhachtach go mbeimid in ann dul san iomaíocht ar mhargaí idirnáisiúnta agus méadú a dhéanamh ar líon na n-earraí agus na seirbhísí ard-bhreisluacha a chuirimid ar fáil le go dtiocfaidh rath ar an eacnamaíocht agus go mbeidh caighdeán maith maireachtála againn sa todhchaí. Tháinig feabhas áirithe ar ár gcumas iomaíochais go hidirnáisiúnta in 2009 de bharr na laghduithe a tháinig ar chostais fuinnimh, saothair agus maoine. Ba de thoradh an chúlaithe eacnamaíochta a tharla siad sin den chuid is mó. Bíodh is gur maith an rud é gur tháinig an feabhas sin, caithfimid ár n-aire a dhíriú ar chostais sa gheilleagar a laghdú, cur le táirgiúlacht, cinntiú go mbeidh rath ar ár mbeartais trádála ar mhargaí idirnáisiúnta, agus cinntiú go ndíreofar an infheistíocht chaipitil phoiblí ar réimsí a chruthóidh bunsraith i gcomhair forbairt fiontraíochta amach anseo. Sa chomhthéacs seo, tá sé ríthábhachtach go mbeifear in ann an líonra leathanbhanda den chéad ghlúin eile a rochtain.

Rinne Forfás réimse taighde agus anailíse agus thug comhairle faoi shaincheisteanna a bhfuil baint acu lenár n iomaíochas náisiúnta, agus dhírigh sé a aire le cinntiú go mbeimid fós mealltach mar áit le dul i mbun gnó.

## Sharing Our Future: Ireland 2025

Thug Forfás faoi athbhreithniú maidir le cúrsaí an todhchaí, *Sharing Our Future: Ireland 2025,* le cabhrú le lucht déanta beartas chun beartas fadtéarmach a cheapadh agus le cinntiú go mbeidh Éire fós iomaíoch i ngeilleagar domhanda atá á thiomáint chun cinn níos mó i gcónaí ag an nuálaíocht. Ní mór feabhas breise a chur ar an tuiscint atá againn ar threochtaí fadtéarmacha má táimid le fanacht iomaíoch agus caithfidh ár mbeartais a bheith solúbtha go leor le déileáil leis na hathruithe sin.

Tá cuntas in *Sharing Our Future* ar réimse beartais straitéiseacha atá riachtanach má tá fás optamach le bheith ag Éirinn idir seo agus 2025. Spreagann an t-athbhreithniú seo lucht déanta beartas smaoineamh go fadtéarmach nuair a bhíonn cinntí gearrthéarmacha á ndéanamh acu maidir leis an bhfiontraíocht in Éirinn. Cuireann an tuarascáil seo le creatlach an Rialtais maidir le hathnuachan inbhuanaithe geilleagrach, Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann.

Is féidir riachtanais na mbeartas straitéiseach a aithníodh a léiriú i ndeich gcatagóir. Is iad sin:

- Rialachas
- Pleanáil agus na Réigiúin
- Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide
- Soláthar agus Slándáil Fuinnimh
- An Comhshaol agus Athrú Aeráide
- Iompar
- Oideachas agus Scileanna
- Taighde agus Nuálaíocht
- Beartas Sóisialta agus Cáilíocht na Beatha
- Fiontraíocht



*Sharing Our Future*

Sa phictiúr le linn sheoladh *Sharing Our Future* ag Farmleigh, Baile Átha Cliath (ó chlé) Jean-Loup Loyer, Centre d'Analyse Strategique, An Fhrainc; An Dr Carlos A. Primo Braga, An Banc Domhanda; An Tánaiste agus Iar-Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Mary Coughlan, TD; Eoin O'Driscoll, Cathaoirleach, Forfás; agus An Dr Werner Kruckow, Siemens.

Ba í an Tánaiste agus Iar-Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Mary Coughlan, TD a sheol *Sharing Our Future: Ireland 2025* i Mí Iúil 2009 ag an bhfóram ag Farmleigh faoina bhfuil i ndán dúinn amach anseo. I measc na gcainteoirí bhí A Shoilse Claes Ljungdahl, Ambasadóir na Sualainne go Éirinn; An Dr Carlos Primo Braga, Stiúrthóir, An Rannóg Beartas Geilleagrach agus Fiachas, An Banc Domhanda; Jean-Loup Loyer, Bainisteoir Tionscadail, France 2025, Centre d'Analyse Stratégique, An Fhrainc; An Dr Werner Kruckow, Stiúrthóir Bainistíochta, Siemens Limited; Sean Gorman, Ard-Rúnaí, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; agus An Dr Eoin Gahan, Ceannaire Rialachán, Trádála agus Beartas Réamhfhéachana, Forfás.

## Iomaíochas na hÉireann a Athbheochan

D'oibrigh Forfás go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, leis na gníomhaireachtaí forbartha agus le ranna rialtais eile i gcaitheamh 2009 ar na príomh-shaincheisteanna a bhaineann le hiomaíochas na hÉireann a athbheochan. Tá Forfás rannpháirteach i nGrúpa na nOifigeach Sinsearach um Théarnamh Geilleagrach, a thacaíonn le hobair an Choiste Chomh-Aireachta ar Athnuachan Eacnamaíochta, agus chuir Forfás réimse ionchur ar fáil don choiste sin. I measc na hoibre sin, rinne Forfás taighde agus anailís ar na roghanna beartas chun aghaidh a thabhairt ar réimse saincheisteanna ríthábhachtacha a bhaineann le hiomaíochas sa gheilleagar. D'oibrigh Forfás freisin i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus leis na gníomhaireachtaí ag measúnú an tionchair eacnamaíoch atá ag dúnadh monarchana le bliain anuas agus bhí sé páirteach i dTascfhórsa an Mheán-Iarthair a bhunaigh an Rialtas.

## Cláir Oibre Réigiúnacha um Iomaíochas

De bharr forbairtí domhanda agus náisiúnta, tá ról ríthábhachtach ag gach cuid den tír, níos mó ná riamh, chun cabhrú leis an ngeilleagar filleadh ar an bhfás bunaithe ar easpórtáil.

Sheol Forfás sraith de thuarascálacha ar na *Cláir Oibre Réigiúnacha um Iomaíochas (CORI)* i mí Eanáir 2010 a rinne measúnú ar an gcaoi ar féidir le gach réigiún in Éirinn tógáil ar a gcumas féin agus leanúint ar aghaidh ag forbairt timpeallacht iomaíoch a thacóidh le fiontair a fhorbairt. Beartaítear gníomhartha a bhaineann go sonrach le gach réigiún sna CORI, chun iarrachtaí a dhíriú ar mhaithe le féidearthachtaí a bhaint amach agus dul i ngleic le bacainní.

Bhí roinnt aschur ann ón tionscadal:

- Déantar anailís chuimsitheach ar stádas na réigiún thar raon leathan gnéithe a bhaineann leis an iomaíochas in *Regional Competitiveness Agendas Volume I*. Baineadh úsáid as mar bhonn eolais do chomhairliúchán agus do cheardlanna le páirtithe leasmhara.
- Tugtar forbhreathnú ar fhéidearthachtaí amach anseo do gach réigiún agus leagtar béim ar ghníomhartha a bhaineann go sonrach leis an réigiún sin in *Regional Competitiveness Agendas Volume II*: *Realising Potential.*
- Leagtar béim ar na príomhthorthaí, gnéithe idirdhealaitheacha agus tosaíochtaí don fhorbairt réigiúnach in *Regional Competitiveness Agendas: Overview, Findings and Priorities.*

Tháinig roinnt téamaí coitianta chun cinn i rith an staidéir:

- Is é an dúshlán atá ann ná beartas náisiúnta a chur i bhfeidhm go héifeachtach mar ghníomhartha réigiúnacha.
- Bíonn deiseanna agus dúshláin i ngach réigiún a bhaineann go sonrach leis, agus ar ghá freagairtí oiriúnacha a thabhairt orthu.
- Tá idirspleáchas mór i gceist idir fiontar a fhorbairt agus timpeallacht mhealltach ghnó agus infheistíochta a phleanáil, a fhorbairt agus a chruthú ar an leibhéal réigiúnach.

Chuaigh Forfás i mbun comhoibrithe leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta, chomh maith leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus príomhpháirtithe leasmhara eile agus an staidéar á fhorbairt. Léiríonn an tuarascáil go bhfuil tús curtha le freagairtí comhoibritheacha ar dhúshláin agus ar dheiseanna sonracha in go leor réigiún, agus d'fhéadfaí go mbeifear in ann leas a bhaint astu chun forbairt beartais náisiúnta a threorú.

I measc na moltaí, bhí gá leis na nithe seo a leanas:

- Meicníocht fheabhsaithe ar an leibhéal réigiúnach chun tairbhe a bhaint as raon páirtithe leasmhara agus chun clár oibre cuimsithe comhordaithe atá dírithe ar fhiontraíocht a sholáthar.
- Struchtúir rialachais réigiúnacha a neartú le déanamh cinnte go gcuirtear treoirlínte pleanála réigiúnacha i bhfeidhm go héifeachtach.
- Borradh a chur faoin bhforbairt ar na geataí, ar bhealach comhordaithe, straitéiseach lena bhfeabhsaítear a ról lárnach maidir le forbairt gheilleagrach a chur chun cinn agus lena ndéantar an t-idirghníomhú le moil agus leis an gceantar mórthimpeall orthu a bharrfheabhsú.
- Infheistíocht leanúnach sa bhonneagar réigiúnach chun dul i ngleic le heaspaí, le béim ar leith ar sholáthar leathanbhanda.

Tacaítear le ról na ngníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta sa staidéar agus léirítear na deiseanna atá ann chun dul i mbun gníomhartha comhoibritheacha feabhsaithe. Cuirtear na straitéisí geilleagracha réigiúnacha ar fáil ann freisin chun nuashonrú a dhéanamh ar na treoirlínte pleanála réigiúnacha atá á meas ag na húdaráis réigiúnacha faoi láthair, agus tacaíodh le freagairt Forfás ar pháipéir bhána agus uaine na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir le Rialachas Áitiúil a threorú.

## Líonraí na Chéad Ghlúine Eile: Gníomhartha Feidhmíochta agus Beartais

Beidh iomaíochas agus fás amach anseo in Éirinn ag brath ar an bhfáil a bheidh ar sheirbhísí leathanbhanda den chéad ghlúin eile níos mó ná mar is amhlaidh i bhformhór na ngeilleagar forbartha eile. Leanann Forfás ar aghaidh ag leagadh béime ar na tairbhí geilleagracha, sóisialta agus teicneolaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr leathanbhanda ardleibhéil agus leantar ar aghaidh ag cothú díospóireachta maidir le forbairt a dhéanamh ar bhonneagar líonraí den chéad ghlúin eile. Baineann tábhacht ar leith leis seo ó thaobh na fiontraíochta de.

Dírítear ar phríomhtháscairí fheidhmíocht leathanbhanda reatha na hÉireann sa tuarascáil ó Forfás, *Ireland's Broadband Performance and Policy Actions*, agus moltar roinnt gníomhartha beartais atá ag teastáil chun tacú le geilleagar eolasbhunaithe. Tá fáil ar leathanbhanda d'ardchaighdeán ríthábhachtach chun feidhmíocht an lucht saothair a fheabhsú, nuálaíocht

agus cruthú post a éascú, infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh agus le go mbeidh gnóthais na hÉireann in ann dul san iomaíocht sna margaí idirnáisiúnta.

Tá dul chun cinn suntasach déanta in Éirinn le dhá bhliain anuas maidir leis an bhfáil atá ar leathanbhanda bunúsach, ach táimid fós taobh thiar de na tíortha a bhfuilimid san iomaíocht leo maidir le líonraí rochtana áitiúla a uasghrádú go cáblaí snáthoptaice agus nasc-luas snáthoptaice an-tapa a chur ar fáil.

**Príomhthorthaí:**

- Tá rátaí maidir le clúdach agus tosach úsáide ag teannadh ar mheánrátaí na ECFE. Tá 21.4 síntiúsóir in aghaidh gach 100 áitritheoir in Éirinn i gcomparáid le 22.4 ar an meán san ECFE. Tá Éire fós taobh thiar de na tíortha a bhfuil ná rátaí is fearr acu cosúil leis an Ísiltír (38.1) agus an Danmhairg (37).
- Tá feabhas tagtha ar luas agus ar chostas na seirbhísí atá ar fáil do ghnólachtaí in Éirinn le blianta beaga anuas. Tá seirbhísí DSL gnó suas le 12 Mb/s ar fáil in go leor de na príomhionaid uirbeacha anois, agus suas le 24 Mb/s i líon an-teoranta áiteanna i gcathracha na hÉireann.
- Tá an luas íoslódála atá ar fáil in Éirinn fós cuid mhaith níos moille ná na luasanna íoslódála is tapúla atá ar fáil do chustaiméirí i dtíortha eile na ECFE. Tá 5 faoin gcéad de na naisc leathanbhanda in Éirinn os cionn 10 Mb/s, céatadán i bhfad níos lú ná tíortha an AE atá chun tosaigh mar shampla an Phortaingéil (47 faoin gcéad), an Bheilg (45 faoin gcéad) nó an tSualainn (34.5 faoin gcéad).
- Níl nasc snáthoptaice ach ag 0.6 faoin gcéad de líon iomlán na nasc leathanbhanda in Éirinn, i gcomparáid le 51 faoin gcéad sa tSeapáin, 46 faoin gcéad sa Chóiré Theas agus 21 faoin gcéad sa tSualainn. Ar an meán, bíonn 11.3 faoin gcéad de na síntiúsóirí i 28 tír na ECFE ag ceangal leis an idirlíon le nasc snáthoptaice. Tá fás an-tapa ag teacht ar líon na nasc snáthoptaice sa tSualainn, sa Danmhairg, san Iorua, i bPoblacht na Slóvaice, san Ungáir agus i SAM.

Is é príomhlaige na hÉireann ná nach bhfuil bonneagar snáthoptaice curtha ar fáil níos giorra don tomhaltóir do líonraí le sreang agus gan sreang araon. Déantar roinnt moltaí beartais láithreacha sa tuarascáil a chuirfeadh ar chumas ghnóthais na hÉireann dul san iomaíocht agus luasanna atá cuid mhaith níos tapúla á gcur ar fáil go forleathan i dtíortha eile. Ina measc sin, tá:

- **Gníomhartha chun infheistíocht riachtanach i measc oibreoirí teileachumarsáide príobháideacha a éascú.** Ba chóir go ndéanfadh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide athbhreithniú ar roghanna chun ioncam a mhéadú agus costais agus rioscaí a laghdú d’oibreoirí san earnáil phríobháideach, agus leanúint ar aghaidh ag tacú le hiomaíocht sa mhargadh. Áirítear leis seo toradh ar infheistíocht oiriúnach a chinntiú d’oibreoirí teileachumarsáide príobháideacha chun dreasacht a thabhairt d’infheistíochtaí i líonraí den chéad ghlúin eile; iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí ó thaobh bonneagar a chomhroinnt i measc oibreoirí teileachumarsáide; na costais a bhaineann le líonraí rochtana a laghdú; agus an ghné gan sreang a chumasú le ról láidir a ghlacadh ó thaobh leathanbhanda ag luas níos tapúla a sholáthar.
- **Gníomhartha chun infheistíocht agus rialáil an Stáit atá ann cheana féin a úsáid chun tacú le forbairt.**
  Ní mór dúinn é a dhéanamh níos éasca chun rochtain a fháil ar dhuchtáil phoiblí agus ar

bhonneagar eile a d'fhéadfaí a úsáid chun snáithíní a sholáthair. Tá an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha tiomanta chun "ionad ilfhreastail" a chur ar fáil ó thaobh bonneagar leathanbhanda an Stáit le rochtain chomhtháite a chur ar fáil d'oibreoirí leathanbhanda ar bhonneagar atá faoi úinéireacht an Stáit. Tacaíonn Forfás go hiomlán leis an tionscnamh seo, agus ba chóir dul chun cinn tapa a dhéanamh air mar chéim thosaigh.

- Is féidir tacú leis an bhfáil ar sheirbhísí leathanbhanda ardleibhéil trí líonraí cathrach (MANanna) atá ann cheana féin a leathnú go príomhionaid tionsclaíochta an IDA i gCorcaigh agus i bPort Láirge chun riachtanais reatha fiontair a shásamh, agus líonraí cathrach breise a thógáil i gcúig ionad atá fós ag fanacht orthu faoin Straitéis Spáis Náisiúnta.

I rith na bliana 2009, rinne Forfás plean forfheidhmithe a fhorbairt le cinntiú go ndéanfar líonraí den chéad ghlúin eile a sholáthar. Tá an plean seo bunaithe ar shócmhainní teileachumarsáide an stáit a chuachadh le chéile ar bhonn rochtana oscailte. Déanfar dul chun cinn ar an bplean i gcomhar leis na páirtithe leasmhara éagsúla i gcaitheamh 2010.

D'ullmhaigh Forfás aighneacht freisin mar fhreagairt ar phlépháipéar de chuid an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide maidir le leathanbhanda den chéad ghlúin eile in Éirinn. Leagann an páipéar seo béim ar an mbearna atá fós ann, agus ag dul i méid, idir Éirinn agus na tíortha forbartha eile in iarthar na hEorpa maidir le pleanáil agus forbairt a dhéanamh ar na líonraí leathanbhanda atá ag teastáil don ríomhthráchtáil, do ghnó digiteach agus don tsochaí eolasbhunaithe i gcoitinne. Dírítear freisin ar an ngá atá le beartas poiblí agus plean forbartha réamhghníomhach i gcomhair líonraí den chéad ghlúin eile, le go ndéanfaidh an Stát a chuspóirí féin a bhaint amach go díograiseach, is é sin, ceannaireacht na hÉireann san ard-teileachumarsáid a athbhunú agus gníomhartha a thógáil áit nach bhfuil an margadh á dtógáil.

## *Infrastructure Priorities, Coordination and Delivery*

I rith na bliana 2009 rinne Forfás forbairt ar pháipéar, *Infrastructure Priorities, Coordination and Delivery*, ina ndearnadh scrúdú ar infheistíocht chaipitil phoiblí ar bhonneagar a dhéanfar amach anseo i bhfianaise na srianta reatha ó thaobh buiséid de. Rinneadh feabhsuithe suntasacha ar bhonneagar na hÉireann le blianta beaga anuas de bharr caiteachas ard ar infheistíocht chaipitil phoiblí. In ainneoin sin, tá easpaí suntasacha fós ann in Éirinn ó thaobh an bhonneagair de.

Thug an páipéar an t-ionchur comhghníomhaireachta don athbhreithniú leanúnach ar thionscadail chaiteachais chaipitiúil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) atá idir lámha sa Roinn Airgeadais. Aithnítear na tionscadail chaiteachais chaipitiúil sin is mó atá in ann táirgiúlacht gheilleagar na hÉireann a mhéadú, iomaíochas a fheabhsú agus an luach is fearr a fháil ar airgead na gcáiníocóirí. Leagtar amach na soiléir na tionscadail bhonneagair atá ina dtosaíochtaí do ghníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta agus ó thaobh tháirgiúlacht agus fhás an gheilleagair amach anseo.

Mar gheall go ndeachthas i ngleic le roinnt bac agus go bhfuil laghdú ar éileamh mar gheall ar an moilliú ar an ngeilleagar, tá fuinneog ama ann chun ár gcuid riachtanais ó thaobh an bhonneagair de a phleanáil agus a sholáthar ar bhealach níos comhordaithe. Mar gheall ar an raon leathan comhlachtaí a bhfuil baint acu le tionscadail bhonneagair a phleanáil agus a sholáthar in Éirinn, ní rabhthas in ann na féidearthachtaí atá ann barainneachtaí mórscála agus scóipe ón PFN a bhaint amach, agus bhí róchostais agus moilleanna ann dá bharr, chomh

maith le dúbailt acmhainní, easpa mais chriticiúil ó thaobh cumas a fhorbairt chun tionscadail a dhearadh agus a sholáthar agus cumas an-lag tionscadail a chomhtháthú agus a sholáthar i gcomhpháirtíocht.

Mhol Forfás roinnt meicníochtaí comhordaithe malartacha maidir le bonneagar a chur ar fáil a d'fhéadfadh comhoibriú agus pleanáil chliste a uasmhéadú, tar éis dul i mbun comhairliúcháin leis na príomhghníomhairí ó thaobh leithdháileadh caiteachais, pleanála agus soláthair de. Ar deireadh, léirítear roinnt leasuithe rialála a bheadh neodrach ó thaobh na gcostas de sa tuarascáil a dhéanfadh iomaíochas a fheabhsú trí infheistíocht agus iomaíocht a fheabhsú maidir le bonneagar agus seirbhísí a sholáthar.

Cuireadh tuarascáil dheiridh faoi bhráid Bhord Forfás i mí Iúil 2009 agus scaipeadh ar na príomhpháirtithe leasmhara i réimse an bhonneagair ina dhiaidh sin. Rinneadh na torthaí a phlé le hoifigigh sa Roinn Airgeadais atá freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar chláir infheistíochta caipitiúil phoiblí.

## Iomaíochas maidir le Costais Fuinnimh

In ainneoin an mhaolaithe ar phraghsanna fuinnimh le déanaí, tá iomaíochas fuinnimh fós ina cheist mhór d'easpórtálaithe na hÉireann. Lean Forfás ar aghaidh ag obair le páirtithe leasmhara, go háirithe an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN), an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh agus na gníomhaireachtaí forbartha, chun dul chun cinn maidir le gníomhartha chun costais fuinnimh a laghdú, chomh maith slándáil fuinnimh agus ár bhfeidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú. Cé gur thug an Rialtas faoi roinnt gníomhartha chun iomaíochas chostais fuinnimh na hÉireann a fheabhsú in 2009, tá bearta struchtúracha breise ag teastáil chun laghdú níos inbhuanaithe ar chostais leictreachais a bhaint amach. Leanfaidh Forfás agus na gníomhaireachtaí forbartha orthu ag cur le comhairliúcháin thábhachtacha a bhaineann le hiomaíochas atá idir lámha ag RCFAN agus an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh in 2010.

## Beartas Trádála agus Infheistíochta na hÉireann

Is geilleagar beag oscailte é geilleagar na hÉireann atá ag brath go mór ar thrádáil agus infheistíocht idirnáisiúnta maidir le fás agus jabanna. Dá bhrí sin is príomhthosaíocht atá ann a chinntiú go bhfuil ábharthacht straitéiseach i gceist lenár gcuid beartais trádála náisiúnta. Déanfaidh sé seo fiontair na hÉireann atá ag trádáil go hidirnáisiúnta a éascú agus infheistíocht nua a mhealladh. Cuireann Forfás taighde agus comhairle ar fáil don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i réimsí éagsúla a bhaineann le beartais trádála idirnáisiúnta, chomh maith le comhairle leanúnach a thabhairt maidir le heaspórtáil na hÉireann a fheabhsú mar a leagtar amach thíos.

## Tacaíochta Idirbheartaíochta Trádála

Leanann Forfás ar aghaidh ag cur taighde tacaíochta agus comhairle beartais ar fáil don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun forbairt a dhéanamh ar sheasamh na hÉireann san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) agus sna hidirbheartaíochtaí ar leibhéal an AE maidir le beartas trádála idirnáisiúnta amach anseo. Tá tábhacht ag baint leis na hidirbheartaíochtaí seo d'Éirinn mar gheall go bhfuil geilleagar beag oscailte againn atá ag brath go mór ar

thrádáil agus infheistíocht idirnáisiúnta le fás agus i gcomhair jabanna. Chuir Forfás anailís nuashonraithe ar an tionchar eacnamaíoch ar fáil in 2009 maidir leis na tograí is déanaí ó thaobh léirscaoileadh trádála agus deiseanna rochtana ar an margadh de do chuideachtaí na hÉireann. Tugtar sonraí san anailís a chabhróidh leis an rialtas measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith an rud é comhaontú nua ar bith de chuid na EDT i gcás na hÉireann trí chainníochtú a dhéanamh ar na tairbhí a bheadh ann dár ngeilleagar ó thaobh na nithe seo a leanas: costas níos lú ar earraí na hÉireann ar mhargaí taobh amuigh den AE, an laghdú ar chostais d'fhiontair na hÉireann de bharr ábhair a iompórtáil níos saoire, agus an praghas laghdaithe a d'fhéadfadh sé go n-íocfadh tomhaltóirí na hÉireann as earraí iompórtáilte áirithe. Leagtar amach na costais a d'fhéadfadh a bheith ann mura dtiocfaí ar chomhaontú freisin.

## Éascú Trádála

Bíonn costais arda leanúnacha ag fiontair a bhíonn ag dul i mbun trádála idirnáisiúnta ó thaobh na n-idirbheart a bhaineann le himréiteach custaim agus riachtanais eile maidir le comhlíonadh rialála. Rinneadh iarrachtaí i dtíortha eile na costais seo a laghdú trí chomhdú simplithe leictreonach aonair ar dhoiciméid riachtanacha a chur ar fáil. Tugtar "fuinneog aonair" ar an bpróiseas seo. Rinne Forfás iniúchadh ar na féidearthachtaí a bheadh i gceist le córas mar sin in Éirinn, ar iarratas ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Ag leanúint ón staidéar féidearthachta ar chóras éascaithe trádála Fuinneog Aonair don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in 2008, chuaigh Forfás i mbun oibre leis an nGrúpa Ardleibhéil ar Rialáil Gnó, agus leis na Coimisinéirí Ioncaim go háirithe, le fáil amach cén chaoi ab fhearr le dul i ngleic leis na rialúcháin a aithníodh sa tuarascáil. Ba rialúcháin chostasacha a bhaineann le trádáil a bhí i gceist den chuid is mó. D'aithin Forfás na ceithre rialúchán is costasaí a bhíonn ann d'iompórtálaithe agus d'easpórtálaithe na hÉireann: scéimeanna faoisimh ó dhleachtanna, imréiteach custaim, Malartú Faisnéise CBL agus INTRAStat; agus leagadh amach bealaí ina bhféadfaí costais a laghdú. Tá tionchar á imirt ag an obair seo anois ar rannpháirtíocht na hÉireann ar leibhéal an AE maidir leis an dul chun cinn ar an bpróiseas a bhaineann leis an gCód Custam Nuachóirithe Eorpach.

## Tionchar Dhíluachadh Steirling ar Éirinn

Mar fhreagairt ar an laghdú ar iomaíochas a bhí ann de thoradh gluaiseachtaí i ráta malartaithe euro/steirling, chuaigh Forfás i mbun oibre le Fiontraíocht Éireann chun anailís a dhéanamh ar an tionchar a bhí aige seo ar fhiontair in Éirinn. Aithníodh na hearnálacha a raibh an tionchar is mó aige seo orthu agus leagadh amach roinnt gníomhartha is féidir le fiontair a dhéanamh chun an tionchar a bhíonn ag luaineachtaí airgeadra a mhaolú. Cuireadh an anailís ar fáil don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun cinntí beartais a threorú ó thaobh tacaíocht a chur ar fáil do ghnóthais agus d'earnálacha leochaileacha, agus seoladh chuig na gníomhaireachtaí forbartha í chun eolas breise a thabhairt dóibh faoi chomh neamhchosanta agus a bhí cliaint agus earnálacha, chomh maith le comhairle a thabhairt faoi gcaoi le tionchar na luaineachtaí sa ráta malairte euro/steirling a íoslaghdú. Áirítear orthu siúd: straitéisí éagsúlaithe agus margaíochta nua, agus gníomhaíochtaí táirgthe agus dáilte a athrú.

## Anailís agus Sonraí Trádála

Chuir Forfás anailís agus sonraí trádála ar fáil don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i rith na bliana 2009 agus tiomsaíodh an leabhrán *Enterprise Statistics at a Glance 2000.* Bailítear sonraí ó fhoinsí éagsúla sa leabhrán seo agus cuirtear ar fáil i bhformáid amháin inrochtana iad. Cuirtear staitisticí ar fáil ann faoi réimsí a bhaineann le feidhmíocht na hearnála fiontraíochta in Éirinn: fostaíocht agus aschur; trádáil idirnáisiúnta earraí agus seirbhísí; sreabhadh isteach agus amach na hinfheistíochta dírí eachtraí; agus T&F agus nuálaíocht ghnó. Leagann na staitisticí béim ar roinnt de na príomhthreochtaí maidir le gníomhaíochtaí na bhfiontar atá bunaithe in Éirinn agus cabhraíonn siad le cur síos a dhéanamh ar an bhforbairt agus ar an athrú atá ag teacht orthu in imeacht ama.

## Straitéis Nua Trádála, Infheistíochta agus Turasóireachta

Mar thacaíocht chun forbairt a dhéanamh ar phlean gnímh na straitéise trádála, infheistíochta agus turasóireachta náisiúnta nua, chuir Forfás trí pháipéar taighde i gcrích don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in 2009.

Rinne an chéad cheann, *Patterns in Global Trade: Ireland's Trade in Context*, anailís staitistiúil dhomhain chun cabhrú le tuiscint a fháil ar áit na hÉireann sa trádáil dhomhanda, agus ar chineál agus ar scóip thrádáil na hÉireann. Tugadh achoimre ann freisin ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le féidearthachtaí easpórtála na hÉireann sa mheántéarma.

Sa dara píosa oibre, *Ireland's Investment Performance*, leagadh amach leibhéil na hinfheistíochta eachtraí in Éirinn le blianta beaga anuas, agus na himpleachtaí a bhí aige seo ó thaobh easpórtála agus jabanna chomh maith leis an tionchar eacnamaíoch níos leithne. Rinneadh iniúchadh freisin ar fheidhmíocht infheistíochta amach na hÉireann agus cuirtear bunús cainníochtúil ar fáil don phlé atá ag teacht anuas maidir leis an mbeartas infheistíochta mar chuid den phróiseas ceaptha straitéise.

Ar deireadh, leagtar amach an tionchar a bhíonn ag iompórtálacha ar ár n-iomaíochas san *Import Characterisation Study*, chomh maith leis na hathruithe sna cleachtais i measc na bhfiontar atá ag stiúradh feidhmíocht iompórtála, agus foinsí ár n-iompórtálacha le béim ar iompórtálacha mar ionchuir don táirgeadh. Aithníodh na deiseanna atá ann le haghaidh straitéis trádála nua chun bearnaí a líonadh sa soláthar iomaíoch sa staidéar, chomh maith leis na féidearthachtaí atá ann naisc a fhorbairt i measc cuideachtaí in Éirinn atá faoi úinéireacht eachtrannach agus fosholáthraithe dúchasacha.

Leanfaidh Forfás ar aghaidh ag obair leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus leis an ngrúpa tras-rannach chun forbairt a dhéanamh ar an straitéis nua i rith 2010.

## Eoraip 2020

I rith 2009 d'ullmhaigh an tAontas Eorpach clár oibre a leanfadh ó Chlár Oibre Liospóin ón mbliain 2000. Ba chlár oibre deich mbliana é sin a raibh sé mar aidhm leis go mbeadh geilleagar an AE ar an ngeilleagar ab iomaíche ar domhan. Mhol Forfás, san ionchur a rinneadh leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, béim a leagadh ar na céimeanna atá de dhíth ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE chun fás, nuálaíocht agus fostaíocht a chinntiú sna blianta amach romhainn. Leagadh béim freisin ar chomh riachtanach agus atá sé príomhthreochtaí teicneolaíochta agus domhandaithe a thógáil san áireamh agus tógáil orthu

chun treo straitéiseach a chinneadh. Rinne Forfás aighneacht agus cur i láthair freisin le Comhchoiste an Oireachtais um Ghnóthaí Eorpacha i rith na bliana 2009 maidir leis na príomhthosaíochtaí fiontraíochta. Ba é an toradh a bhí leis an bpróiseas ná gur sheol Coimisiún an Aontais Eorpaigh an straitéis Eoraip 2020 i mí an Mhárta 2010 chun borradh a chur faoin téarnamh agus geilleagar an AE a ullmhú do na deich mbliana amach romhainn.

# An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais

Tugann an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais (NCC) tuairisc don Taoiseach maidir le príomh-shaincheisteanna iomaíochais atá mar dhúshlán do gheilleagar na hÉireann agus moltar gníomhartha beartais a theastaíonn chun iomaíochas na hÉireann a fheabhsú. Soláthraíonn Forfás an tacaíocht taighde agus anailíse atá mar fhothaca le haschuir an NCC. Chuir NCC na príomh-aschuir seo a leanas ar fáil in 2009:

| |
|---|
| Annual Competitiveness Report 2009<br>- Volume 1: Benchmarking Ireland's Performance<br>- Volume 2: Ireland's Competitiveness Challenge (An Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochais 2009 Imleabhar 1: Feidhmíocht na hÉireann a Thagarmharcáil Imleabhar 2: Dúshlán Iomaíochais na hÉireann) |
| Getting Fit Again: The Short Term Priorities to Restore Competitiveness (A Bheith Folláin Arís: Na Tosaíochtaí Gearrthéarmacha chun Iomaíochas a Athbhunú) |
| Driving Export Growth: Statement on Sectoral Competitiveness (Ag Cur Borradh faoin bhFás ar Easpórtáil: Ráiteas ar Iomaíochas Earnála) |
| Costais Gnó |
| Ráiteas ar Fhuinneamh |
| Our Cities: Drivers of National Competitiveness (Ár gCathracha: Ag Brú Iomaíochas Náisiúnta Chun Cinn) |
| Ráiteas ar Oideachas agus Oiliúint |

## Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochais 2009: Imleabhar 1, Feidhmíocht na hÉireann a Thagarmharcáil agus Imleabhar 2: Dúshlán Iomaíochais na hÉireann.

Baintear úsáid as 150 táscaire in *Annual Competitiveness Report Volume 1, Benchmarking Ireland's Performance* chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht iomaíochais na hÉireann trína cur i gcomparáid le geilleagair chomparadóra eile. Is í aidhm na tuarascála seo ná bonn fianaise réadach a chur ar fáil, go háirithe ionas gur féidir na laigí féideartha nó laigí atá ag teacht chun cinn sna gnéithe a chuireann le hiomaíochas na hÉireann a aithint. Cuimsíonn measúnú iomaíochais na Comhairle beartais maidir leis na nithe seo a leanas:

- An timpeallacht rialála, lena n-áirítear cánachas, iomaíochas agus an margadh saothair;
- Bonneagar fisiciúil na hÉireann, lena n-áirítear iompar, TFC agus tithíocht; agus
- Bonneagar eolasbhunaithe na hÉireann, lena n-áirítear gach leibhéal oideachais, oiliúna agus T&F.

Cuireann an tuarascáil tagarmharcála an anailís ar fáil a bheidh mar bhunús le hobair an NCC agus é ag ullmhú moltaí don Taoiseach.

Ba é mórthoradh na tuarascála 2009 ná nár tháinig aon athrú ollmhór ar iomaíochas na hÉireann in 2008/2009, cé gur tháinig laghdú air thar roinnt blianta. Léiríonn an laghdú tapa ar an ioncam náisiúnta le déanaí an titim ar mhargadh na réadmhaoin go príomhúil agus an tionchar a bhí aige sin ar an ngeilleagar níos leithne. Tá raon leathan láidreachtaí fós in Éirinn ó thaobh an iomaíochais de, lena n-áirítear lucht saothair óg a bhfuil oideachas maith orthu i gcomparáid le tíortha eile; bonneagar atá ag feabhsú; leibhéil gníomhaíochtaí taighde agus forbartha atá ag dul i méid; bonn fiontraíochta nua-aimseartha atá ag trádáil go hidirnáisiúnta; agus stair fhada mar shuíomh rathúil d'infheisteoirí ó thar sáile. Bhí sé mar chonclúid ag an NCC go mbraitheann cumas na hÉireann an t-ardú atá tagtha ar chaighdeáin mhaireachtála sna blianta a chuaigh thart agus méaduithe a chinntiú amach anseo ar ár gcumas a bheith rathúil mar easpórtálaithe rathúla d'earraí agus seirbhísí ar ardchaighdeán ar na margaí idirnáisiúnta. Mar gheall ar chomh dona agus atá staid ár ngeilleagair faoi láthair, ní mór dúinn in Éirinn feabhsú tapa a bhaint amach san iomaíochas thar raon leathan réimsí cosúil le hiomaíochas costais, chomh maith leis an timpeallacht ghnó níos leithne, lena n-áirítear cánachas, rialáil, bonneagar agus oideachas.

Dhírigh Imleabhar 2 den Tuarascáil Iomaíochais Bhliantúil, *Ireland's Competitiveness Challenge,* a raibh an fotheideal *Creating a Better Future* air i mbliana, ar na ceisteanna iomaíochais náisiúnta is tábhachtaí ó thaobh ár n-earnálacha easpórtála reatha, agus earnálacha atá ag teacht chun cinn, a chumasú le dul san iomaíocht go rathúil sna margaí idirnáisiúnta. Aithnítear na moltaí beartais atá ag teastáil chun dul i ngleic leo, agus is iad seo a leanas na príomh-mholtaí beartais a aithníodh:

- **Jabanna a Chruthú agus Dul i nGleic le Dífhostaíocht:** Is é an dúshlán aonair is mó in Éirinn in 2010 ná jabanna a chruthú agus dífhostaíocht a laghdú. Tá sé ríthábhachtach béim láidir a leagadh ar fhorbairt scileanna chun tacú le hiomaíochas na ngnóthas reatha, trí fheabhas a chur ar a gcumas agus fás sa táirgiúlacht a mhéadú. Tá sé ríthábhachtach freisin oibrithe dífhostaithe a choinneáil gar don mhargadh saothair agus cabhrú le daoine gan sleamhnú i dtreo na dífhostaíochta fadtéarmaí. Baineann an-tábhacht fós le maoiniú a choinneáil chun oiliúint a chur orthu siúd atá i mbun fostaíochta, go háirithe iad siúd nach bhfuil mórán scileanna acu in earnálacha leochaileacha nó cinn le táirgiúlacht íseal, in ainneoin go bhfuil brú mór ann infheistíocht a athrú i dtreo daoine a bhfuil a jabanna caillte acu.
- **Costais Gnó a Laghdú:** Ní mór go dtiocfadh titim ar na costais a bhaineann le dul i mbun gnó i gcomparáid leis na tíortha lena mbímid ag trádáil, go háirithe seirbhísí fuinnimh, dramhaíola agus gairmiúla. Go háirithe, ní mór dúinn in Éirinn a chinntiú go bhfuil margaí oscailte iomaíocha i ngach earnáil den gheilleagar agus borradh a chur faoin iomaíocht in earnálacha na seirbhísí neamhthrádála, go háirithe trí mholtaí an Údaráis Iomaíochta a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- **Tús Áite a Thabhairt d'Infheistíocht i mBonneagar a Thacaíonn le Fiontraíocht:** Ní chabhróidh sé le hiomaíochas fadtéarmach má laghdaítear caiteachas caipitil chun an caiteachas reatha a choinneáil. Is féidir tionchar na mbuiséad laghdaithe a mhaolú má leagtar amach na tosaíochtaí go soiléir agus má dhéantar costais soláthair a laghdú. Tá sé ríthábhachtach ualú a dhéanamh ar na tionscadail bonneagair ar dócha go mbeidh an tionchar is mó acu maidir le infheistíocht eachtrach a mhealladh agus tacú le gnóthais in Éirinn dul san iomaíocht go rathúil.

- **Dul i nGleic le Ceisteanna ar an Leibhéal Náisiúnta:** Tá gníomhartha leanúnacha ag teastáil le cinntiú go ndéantar creidmheas a dhíriú chuig gnólachtaí inmharthana agus le go mbeidh an t-airgeadas poiblí inbhuanaithe arís. Creideann an NCC go bhfuil gá an bonn cánach a leathnú chun an t-airgeadas poiblí a chur ina cheart. Mura nglacfaí bearta chun an bonn cánach a leathnú, ní bheadh aon dul as ach arduithe breise a dhéanamh ar chánacha ioncaim amach anseo. Dá ngearrfaí cánacha níos airde ar ioncam, bheadh drogall ar dhaoine fanacht sa mhargadh saothair nó filleadh air. Cuireann an NCC fáilte roimh cháin charbóin a thabhairt isteach i gCáinaisnéis 2010 agus na bearta chun cáin réadmhaoine agus muirir uisce a thabhairt isteach d'úsáideoirí baile.

Creideann an NCC go bhfuil sé chomh tábhachtach céanna do thodhchaí na hÉireann na gníomhartha tosaíochta a leagtar béim orthu in *Ireland's Competitiveness Challenge 2009* a chur i bhfeidhm go tapa agus atá na céimeanna atá á dtógáil chun dul i ngleic leis an ngéarchéim baincéireachta agus le deireadh a chur leis an laghdú san airgeadas poiblí.

## Getting Fit Again: The Short Term Priorities to Restore Competitiveness (A Bheith Folláin Arís: Na Tosaíochtaí Gearrthéarmacha chun Iomaíochas a Athbhunú)

Chomh maith leis an dá phríomhthuarascáil bhliantúla, *Benchmarking Ireland's Performance* agus *Ireland's Competitiveness Challenge*, d'fhoilsigh an NCC ráiteas láir bliana, *Getting Fit Again: The Short Term Priorities to Restore Competitiveness.* Leagtar béim anseo ar na gníomhartha láithreacha atá ag teastáil chun iomaíochas costais a fheabhsú, fostaíocht a choinneáil, nuálaíocht a chothú ar gach leibhéal den ghníomhaíocht gheilleagrach agus deiseanna oiliúna agus fostaíochta a fheabhsú. Tagann na tosaíochtaí beartais gearrthéarmacha a aithnítear in *Getting Fit Again* leis an straitéis mheántéarmach le haghaidh fás inbhuanaithe, mar a leagtar amach i ráiteas an Rialtais, *Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann.* Chabhraigh siad leis an gclár oibre a mhúnlú do bheartas an Rialtais maidir le dul i ngleic le ceisteanna iomaíochais.

## Driving Export Growth: Statement on Sectoral Competitiveness (Ag Cur Borradh faoin bhFás ar Easpórtáil: Ráiteas ar Iomaíochas Earnála)

Thug an NCC faoi staidéar in 2009 leis na deiseanna earnála reatha agus cinn atá ag teacht chun cinn a aithint atá in ann borradh a chur le fás san easpórtáil, chomh maith leis na príomhghnéithe iomaíochais a imríonn tionchar ar na deiseanna seo, agus na gníomhartha a bhaineann le hearnálacha ar leith atá ag teastáil chun a n-iomaíochas a fheabhsú. In *Driving Export Growth: A Statement on Sectoral Competitiveness*, déantar athbhreithniú ar ocht bpríomhearnáil, idir chinn reatha agus cinn atá ag teacht chun cinn, agus leagtar béim ar na dúshláin a bhaineann go sonrach leis na hearnálacha sin ar gá dul i ngleic leo má táimid ag iarraidh tairbhe a bhaint as na deiseanna suntasacha fáis atá ann sna hearnálacha seo. Áirítear orthu siúd:

- Sainchúrsaí a chur ar fáil d'earnálacha ar leith, cosúil le TFC, seirbhísí airgeadais agus earraí agus seirbhísí comhshaoil;

- Tá sé an-tábhachtach próiseas na dtástálacha cliniciúla a fheabhsú chun earnálacha na dteicneolaíochtaí cógaisíochta agus leighis a mhéadú; ní mór dúinn go háirithe comhdhlúthú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas faofa do tháirgí agus teicneolaíochtaí nua;
- Déanamh cinnte go mbíonn na ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais éagsúla ag oibriú as lámh a gcéile chun straitéisí comhtháite a chur i bhfeidhm ina n-earnálacha (m.sh. bia, turasóireacht);
- Tá sé ríthábhachtach d'earnáil na dteicneolaíochtaí leighis uasghrádú a dhéanamh ar bhonneagar na mbóithre san Iarthar agus chuig an Iarthair le go mbeidh rochtain níos éasca ar mhargaí idirnáisiúnta;
- Reachtaíocht comhshaoil an AE atá ag teacht go luath a chur i bhfeidhm go straitéiseach agus go tráthúil d'fhonn margaí a fhorbairt do chomhlachtaí glasa dúchasacha agus ionas go mbeidh buntáiste ag cuideachtaí na hÉireann as an athrú a dhéanamh chun tosaigh ar chuideachtaí eile;
- Comhordú a dhéanamh ar chaiteachas a bhaineann le hinfheistíochtaí sa turasóireacht thar ranna agus gníomhaireachtaí an Rialtais le cinntiú go mbeidh próifíl turasóireachta idirnáisiúnta na hÉireann agus a bhfuil ar fáil do thurasóirí anseo níos mealltaí.

Chomh maith leis na dúshláin atá roimh earnálacha aonair, tá roinnt ceisteanna a bhaineann le go leor earnálacha, nó le gach ceann díobh. Ina measc seo tá: iomaíochas costais a fheabhsú; táirgiúlacht a mhéadú; ardseirbhísí leathanbhanda a chur ar fáil i ngach lárionad de chuid na straitéise spáis náisiúnta; agus infheistíocht a choinneáil sna hearnálacha táirgiúla den gheilleagar. Léiríodh na gníomhartha le dul i ngleic leis na ceisteanna tras-earnála seo i dtuarascáil bhliantúil an NCC, *Ireland's Competitiveness Challenge 2009.*

## *Cost of Doing Business in Ireland* (tuarascáil)

Rinne an NCC nuashonrú ar a tuarascáil *Cost of Doing Business in Ireland* in 2009 agus léiríodh na gníomhartha beartais is gá a chur chun cinn gan mhoill chun na costais a bhaineann le dul i mbun gnó in Éirinn a laghdú. Tá sé ríthábhachtach a bheith iomaíoch ó thaobh na gcostas de arís le go mbeimid fós mealltach mar áit le dul i mbun gnó agus le deireadh a chur leis an ardú sa dífhostaíocht faoi láthair. Cé gur tháinig maolú ar phraghsanna in Éirinn i gcaitheamh 2009, léirítear géire an chúlaithe leis seo in go leor cásanna seachas buntáistí iomaíochta a eascraíonn as athruithe struchtúracha i ngeilleagar na hÉireann. I measc na bpríomh-mholtaí bhí na nithe seo a leanas:

- **Praghsanna agus ioncam a athrú:** Tá géarghá le hathrú tapa ar leibhéal na bpraghsanna le go dtiocfaidh feabhsú ar iomaíochas go mear. Cé go mbeidh sé pianmhar sa ghearrthéarma, níl de rogha eile ach tréimhse fhada d'fhás lag nó diúltach le rátaí arda dífhostaíochta agus imirce. Beidh tionchar suntasach ag an ráta ar a n-athraítear leibhéal na n-ioncam agus na bpraghsanna chuig an timpeallacht gheilleagrach athraithe ar chomh tapa agus a bheimid in ann teacht chugainn féin in Éirinn.
- **Costais réadmhaoine a laghdú:** Ní thagann laghdú ar an ngá atá le hathruithe struchtúracha ó thaobh pleanáil talún de mar gheall go bhfuil praghsanna talún agus réadmhaoine ag titim.

- **Costais fuinnimh a laghdú:** Bhí na laghduithe ar phraghsanna fuinnimh le déanaí riachtanach ach ní leor iad. Tá gníomhartha breise ag teastáil chun costais fuinnimh a ísliú. Tá sonraí breise faoin méid seo i Ráiteas an NCC ar Fhuinneamh (thall), a foilsíodh in 2009 freisin.
- **Dul i ngleic le costais riartha:** Ní mór don Rialtas a chinntiú go bhfuil a rialaitheoirí agus gníomhaireachtaí ar fad ag tabhairt tosaíochta do chuspóirí geilleagracha agus iomaíochais náisiúnta sna cinntí rialála ar fad a thógtar.
- **Costais na seirbhísí gnó a laghdú:** Is gá roinnt de mholtaí an Údaráis Iomaíochta, a mbeadh tionchar acu ar chostais na seirbhísí gnó, nach bhfuil curtha i bhfeidhm fós a chur i bhfeidhm chomh tapa agus is féidir.

Tá an NCC ag leagadh béime fós ar an ngá atá le hathruithe struchtúracha, cosúil le méadú ar iomaíocht sna hearnálacha neamhthrádála, le cinntiú nach dtiocfaidh méadú ar phraghsanna in Éirinn, rud a dhéanfadh iomaíochas a laghdú nuair a bheidh fás ag teacht ar an ngeilleagar arís. Leanfaidh an NCC ar aghaidh ag obair le páirtithe leasmhara in 2010 le dul chun chinn a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí beartais atá ag teastáil chun iomaíochas costais na hÉireann a fheabhsú, go háirithe sna hearnálacha trádála áitiúla cosúil le fóntais agus seirbhísí gairmiúla.

## Our Cities: Drivers of National Competitiveness (Ár gCathracha: Ag Brú Iomaíochas Náisiúnta Chun Cinn)

Déantar iniúchadh ar na príomhghnéithe a bhaineann le hiomaíochas ár gcathracha agus leagtar béim ar ghníomhartha chun a bhfeidhmíocht a fheabhsú, agus ár n-iomaíochas náisiúnta a fheabhsú dá bharr, sa tuarascáil ón NCC, *Our Cities: Drivers of National Competitiveness*, a foilsíodh in 2009. Tá méadú ag teacht ar an tuairim go mbíonn cathracha ag cur borradh faoi iomaíochas náisiúnta agus faoi fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta. Le fás an domhandaithe, tá cathracha ar fud an domhain ag díriú ar a n-áit a fheabhsú ar thábla sraithe domhanda cathracha in ionad béime a leagadh ar rangúchán iomaíochais náisiúnta. Le daoine ag éirí níos soghluaiste, agus gnóthais ag déanamh rogha níos cúramaí faoin áit ina mbeidh siad ag lonnú, is iad na cathracha iomaíocha a mheallann lucht na tallainne agus na hinfheistíochta.

Molann tuarascáil an NCC roinnt gníomhartha beartais, lena n-áirítear iad seo a leanas

- **Tús áite a thabhairt d'infheistíochtaí faoina ndéantar forbairt ar iomaíochas Bhaile Átha Cliatha agus ár mórchathracha eile.** I bhfianaise na laghduithe suntasacha san infheistíocht phoiblí de dheasca an mheatha san airgeadas poiblí, tá sé ríthábhachtach go dtabharfar tús áite do thionscadail i gcathracha lena mbaineann an tábhacht is mó ó thaobh fás geilleagrach amach anseo, agus leo siúd is dócha go mbeidh an tionchar is mó acu maidir le tacaíocht a thabhairt d'earnálacha easpórtála. Mar gheall gurb é Baile Átha Cliath an t-aon chathair amháin ar scála idirnáisiúnta in Éirinn, is gá infheistíocht leanúnach a dhéanamh ann le go ndéanfar a sheasamh mar shuíomh atá iomaíoch go hidirnáisiúnta a choinneáil agus a fheabhsú. Tá sé ríthábhachtach freisin dúinn forbairt a dhéanamh ar chumas ár mórchathracha eile agus tuilleadh nasc a chruthú eatarthu, le go mbainfear amach an mais chriticiúil a theastaíonn chun fás inbhuanaithe a chumasú.
- **Rialachas na gcathracha a fheabhsú trí fhiontraíocht uirbeach a fhorbairt i measc na n-údarás áitiúil sna cathracha.** Faoin gcóras seo, bíonn lucht déanta beartas ó institiúidí riaracháin éagsúla ag obair ar bhonn comhpháirtíochta lena chéile agus le

páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha éagsúla chun an chathair a fhorbairt. Tiocfaidh feabhas ar an timpeallacht ghnó, ar chaighdeán maireachtála na saoránach agus ar thaithí na gcuairteoirí ann dá bharr.

- **Úsáid na talún uirbí agus an beartas pleanála a fheabhsú.** Tá cur chuige comhtháite i leith beartais úsáide talún agus iompair inár gcathracha ríthábhachtach le go mbeidh daoine agus earraí in ann gluaiseacht go héifeachtúil, agus le hinmharthanacht an iompair phoiblí a fheabhsú. Trí fhorbairtí ard-dlúis a lonnaítear go cúramach agus atá deartha go maith a chur le chéile le háiseanna sóisialta, oideachais agus fóillíochta, agus naisc iompair den chéad scoth, is féidir an soláthar réadmhaoine tráchtála agus cónaithí araon a mhéadú ar bhealach atá níos éifeachtaí ó thaobh costas de agus níos inbhuanaithe don chomhshaol.

Léiríodh an ról tábhachtach a bhíonn ag cathracha láidre maidir le borradh a chur faoin bhfás geilleagrach agus iomaíochas réigiúnach agus náisiúnta a fheabhsú i ráiteas an Rialtais, *Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann*, ina leagadh béim ar an ngá atá le tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht inár mórchathracha amach anseo.

## Ráiteas ar Fhuinneamh

Foilsíodh Ráiteas an NCC ar Fhuinneamh i mí Dheireadh Fómhair 2009. Déantar measúnú ann ar dhúshláin fuinnimh na hÉireann agus leagtar amach réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí beartais chun iomaíochas na hÉireann a fheabhsú, sa ghearrthéarma agus go fadtéarmach araon. Tá soláthar fuinnimh iontaofa agus ar phraghas iomaíoch ríthábhachtach le go mbeidh easpórtálaithe na hÉireann in ann dul san iomaíocht go rathúil sna margaí domhanda. Chomh fada agus go mbaineann sé le hiomaíochas náisiúnta, is é an dúshlán in Éirinn ná costais fuinnimh a laghdú agus ag an am céanna ár gcuspóirí ó thaobh soláthar slán agus inbhuanaitheacht comhshaoil a bhaint amach. Cé gur rud dearfach atá sna laghduithe ar phraghsanna gáis agus leictreachais in 2009, tá gá le tuilleadh gníomhaíochtaí láithreacha chun iomaíochas na hÉireann a fheabhsú.

Níl smacht díreach againn ar roinnt de na gnéithe a imríonn tionchar ar fheidhmíocht na hÉireann ó thaobh costas fuinnimh de, cosúil le luaineacht i bpraghas domhanda na mbreoslaí agus go bhfuilimid ag brath ar bhreoslaí iontaise a iompórtáiltear cosúil le hola, gás agus gual. Mar sin féin, tá roinnt réimsí inar féidir linn gníomhú chun ár bhfeidhmíocht a fheabhsú in Éirinn, agus ní mór dúinn gníomhú gan mhoill. Leagtar amach thíos na príomhghníomhaíochtaí beartais a d'aithin an NCC chun iomaíochas costais fuinnimh na hÉireann a fheabhsú:

- Ní mór tús áite a thabhairt sa rialáil don difreálach sna costais inrialaithe sa bhaile (.i. costais eile seachas breosla) a dhéanamh cothrom le costais sna tíortha is mó lena mbímid san iomaíocht. Is gá gach iarracht a dhéanamh anois chun leas a bhaint as margadh leictreachais rathúil uile-oileáin a cruthaíodh.
- Tar éis an margadh leictreachais uile-oileáin a thabhairt isteach i mí na Samhna 2007, is am tráthúil é chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha an mhargaidh le cinntiú go bhfuil an margadh ag feidhmiú chomh maith agus is féidir. Go háirithe, ní mór laghdú breise a dhéanamh ar leibhéal na n-íocaíochtaí acmhainne (an mheicníocht a dearadh le cinntiú go bhfuil soláthar dóthanach leictreachais ann chun an t-éileamh a shásamh) i bhfianaise na titime ar chostais chaipitil do mhonarchana nua chomh maith leis an laghdú san éileamh ar leictreachas.

- Ráthaítear an praghas a fhaightear ar leictreachas a ghintear ag úsáid foinsí in-athnuaite agus móna. Cabhraíonn na fordheontais seo leis an méid go bhfuiltear ag brath ar bhreosla iompórtáilte in Éirinn a laghdú agus, i gcás na bhfoinsí in-athnuaite, le cabhrú linn in Éirinn ár gcuspóirí maidir le hábhair in-athnuaite agus athrú aeráide a bhaint amach. Cé go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith ag fordheontais phoiblí chun tacaíocht a thabhairt d'earnálacha atá ag teacht chun cinn, is ábhar imní don NCC na himpleachtaí costais d'iomaíochas na gcustaiméirí leictreachais. Ba chóir go ndearfaí gach meicníocht chun tacú le praghsanna don fhuinneamh in-athnuaite ina meicníocht idirthréimhseach, le laghdú ag teacht ar na leibhéil tacaíochta le himeacht ama;
- Ba chóir an fáltas carbóin a ghnóthú ó ghineadóirí leictreachais agus a thabhairt ar ais do thomhaltóirí leictreachais le praghsanna níos ísle, ar bhonn bliantúil go dtí 2012.

Is dúshlán iomaíochais suntasach é an méid go bhfuilimid ag brath ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte in Éirinn a laghdú. Faoi láthair táimid ag iompórtáil thart ar 90 faoin gcéad den fhuinneamh atá ag teastáil uainn. Cé go gcaithfimid céimeanna a ghlacadh in Éirinn chun dul i ngleic le sláine fhadtéarmach an tsoláthair agus le ceisteanna a bhaineann le hathrú aeráide, tá sé ríthábhachtach amach is amach go mbeadh na céimeanna sin ag teacht leis an ngá práinneach chun iomaíochas costais ghnólachtaí na hÉireann a fheabhsú. Tá sé an-tábhachtach dul chun cinn a dhéanamh maidir le hacmhainní fuinnimh in-athnuaite suntasacha na hÉireann a fhorbairt ar bhealach a dhéanfaidh iomaíochas costais fuinnimh a fheabhsú. Tá mórdhúshláin beartais i gceist leis seo.

Tá deiseanna suntasacha ann freisin don lucht fiontraíochta i ndúshláin fuinnimh na hÉireann. Tá geilleagar easpórtála in Éirinn ina bhfuil bonn fiontraíochta láidir cheana féin, mar sin tá deiseanna ann cuideachtaí a fhorbairt anseo i réimse an fhuinnimh agus réimsí gaolmhara agus chun sciar níos mó den infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh san earnáil earraí agus seirbhísí comhshaoil dhomhanda.

## Ráiteas ar Oideachas agus Oiliúint

Tá ról lárnach ag oideachas maidir lenár gcumas ár gcaighdeán maireachtála agus leasa a fheabhsú, trí earraí agus seirbhísí a dhíol go rathúil ar mhargaí idirnáisiúnta. Is rud lárnach don iomaíochas náisiúnta é caighdeán an oideachais. Chuir córas oideachais na hÉireann go mór leis an bhfás sa gheilleagar agus le feabhsuithe sna caighdeáin maireachtála le blianta beaga anuas. Thacaigh an NCC leis an riachtanas atá ann ceann de na córais oideachais agus taighde is fearr ar domhan a bheith againn chun borradh a chur faoi athshlánú an gheilleagair. Léirítear na moltaí tosaíochta chun córas oideachais agus oiliúna na hÉireann a fheabhsú sa ráiteas ar oideachas agus oiliúint (*Statement on Education and Training)* a foilsíodh i mí an Mhárta 2009.

Is gá daoine a chur ar fáil a bhfuil scileanna den scoth sa mhatamaitic, san eolaíocht, san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht acu chun ár ngeilleagar a shuíomh i dtreo earnálacha ardteicneolaíochta atá dírithe go mór ar eolas. Ba chóir dul i ngleic le dídhreasachtaí atá ann do dhaltaí atá ag déanamh na matamaitice ag an ardleibhéal don Ardteistiméireacht agus ba chóir deiseanna um fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí matamaitice meánleibhéil a fheabhsú. Tá sé ríthábhachtach fós straitéis an rialtais maidir le TFC sna scoileanna a chur i bhfeidhm le haghaidh iomaíochas amach anseo agus ba chóir iarrachtaí a dhéanamh teacht ar réitigh nuálaíocha ar an mbac reatha ó thaobh maoinithe de.

Creideann an NCC go bhfuil sé de chumas ag na scoileanna torthaí den scoth a bhaint amach ar fud an chórais má chuirtear na dreasachtaí, tacaíochtaí agus deiseanna ar fáil chun é sin a dhéanamh. Ba chóir go gcuirfeadh na curaclaim agus na meicníochtaí measúnaithe smaointeoireacht chriticiúil, fiontraíocht agus nuálaíocht chun cinn. Ba chóir go mbeadh forbairt ghairmiúil múinteoirí mar chuid rialta, leanúnach, forásach de ghairm bheatha an mhúinteora, seachas é a dhéanamh nuair a thugtar siollabais nua isteach. Chomh maith leis sin, is gá aitheantas a thabhairt do mhúinteoirí den scoth le harduithe céime atá bunaithe ar fhiúntas. Tacóidh sé le hardchaighdeán san oideachas agus le torthaí náisiúnta a ardú dá mbeadh príomhoidí níos neamhspleáiche ó thaobh spriocanna a leagadh síos agus a bhaint amach agus dá mbeadh dreasachtaí feidhmíochta níos fearr ó thaobh maoinithe de.

Tá obair mhaith déanta an oideachas tríú leibhéal in Éirinn le blianta beaga anuas maidir le méadú tapa a dhéanamh ar rannpháirtíocht agus caighdeán ard a choinneáil san am céanna. Chabhraigh an t-uathrialú suntasach a bronnadh ar ollscoileanna agus ar institiúidí teicneolaíochta sa chreat maoinithe arna bhainistiú ag an Údarás um Ard-Oideachas chun an toradh seo a bhaint amach. Ní mór cothromaíocht a fháil idir uathriail agus freagracht institiúidí as próisis, cláir agus torthaí áfach, agus beidh tábhacht ag baint le forbairtí leanúnacha sna réimsí seo.

Ní leor na socruithe reatha faoina n-íoctar táillí fochéime na mac léinn ón Státchiste den chuid is mó chun riachtanais maoinithe na n-institiúidí ardoideachais a chomhlíonadh a thuilleadh ar bhonn inbhuanaithe fadtéarmach. Molann an NCC go bhfuil sé oiriúnach agus cothrom go n-íocfadh céimithe cuid de chostas a n-oideachais, toisc go mbainfidh siad leas suntasach as an ardoideachas le méadú ar a dtuilleamh i gcaitheamh a saoil. Ní bheadh sé riachtanach go dtabharfaí táillí teagaisc a d'íocfaí roimh ré isteach le dul sa treo seo. Glacadh go leor cineálacha cur chuige i dtíortha eile lena mbíonn iasachtaí ag brath ar ioncam agus cánacha do chéimithe i gceist leo.

# Daoine

Is gné riachtanach í infheistíocht leanúnach straitéiseach a dhéanamh i bhforbairt ár ndaoine le go n-éireoidh le geilleagar na hÉireann. Ní mór go mbeadh sé mar chroílár ár mbeartais fiontraíochta oideachas, oiliúint agus breisoiliúint a chur ar fáil a chomhlíonfaidh riachtanas na bhfiontar reatha agus cinn amach anseo.

Lean Forfás ar aghaidh ag tacú le forbairt mhuintir na hÉireann in 2009 trí raon anailíse agus comhairle a chur ar fáil maidir le riachtanais fhiontair na hÉireann ó thaobh scileanna de, conas is féidir linn dul i ngleic le riachtanais bhreisoiliúna na ndaoine a bhfuil a jabanna caillte nó á gcailleadh acu in Éirinn agus riachtanais oiliúna daoine atá i mbun fostaíochta, go háirithe iad siúd atá ag obair in earnálacha agus i gcuideachtaí leochaileacha.

## Athbhreithniú ar Chláir an Mhargaidh Saothair

Ar iarratas ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF), thug Forfás faoi athbhreithniú ar chláir an mhargaidh saothair atá á maoiniú ag an Roinn ón Státchiste, ag an gCiste Náisiúnta Oiliúna agus ag Ciste Sóisialta na hEorpa. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha chun an t-athbhreithniú a threorú, ar a raibh ionadaithe na gcomhlachtaí seo a leanas: an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, FÁS agus Skillnets. Bhí cathaoirleach ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar an nGrúpa Stiúrtha.

Dhírigh an t-athbhreithniú ar chláir de chuid FÁS agus Skillnets i dtéarmaí a n-éifeachta agus a n-éifeachtúlachta, agus rinneadh conclúidí maidir le roinnt na n-acmhainní i gcomhthéacs na ndúshlán beartais atá sa mhargadh saothair faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Ba iad na príomh-mhéadrachtaí feidhmíochta ar dhírigh an t-athbhreithniú seo orthu ná na tairbhí a bhí ann don Rialtas, do dhaoine aonair agus d'fhiontair ag eascairt as na nithe seo a leanas:

- Daoine a bhain jab amach tar éis clár a chur i gcrích;
- Daoine a lean ar aghaidh chun dul i mbun oiliúna nó oideachas breise; agus
- Cáilíochtaí a bronnadh ar dhaoine aonair.

Bailíonn an t-athbhreithniú líon mór sonraí le chéile maidir le feidhmíocht chláir an mhargaidh saothair lena n-airítear costais, gníomhaíochtaí, próifíl na rannpháirtithe, agus torthaí. Bhí an anailís bunaithe ar shonraí ó 2007 agus ó 2008 agus cuimsíodh anailís ilmhéadrachta ar chláir aonair, le déanamh cinnte go ndéantar torthaí na gclár a chur i gcomparáid ar bhealach cothrom ag tógáil próifílí cliant difriúla san áireamh.

Measadh san athbhreithniú gur chóir do chláir margadh saothair béim a leagadh ar trí phríomhréimse:

- **Gníomhachtú** – bearta gníomhachtaithe a bhfuil sé mar aidhm leo infhostaitheacht na ndaoine dífhostaithe a fheabhsú trí bhealaí dul chun cinn a sholáthar i dtreo deiseanna ábhartha maidir le cuardach post, oiliúint, oideachas agus fostaíocht do spriocghrúpaí difriúla.
- **Breisoiliúint** – ár gcaipiteal daonna a chothú trí leibhéil oideachais agus scileanna a fheabhsú i gcomhréir leis an Straitéis Scileanna Náisiúnta agus riachtanais an Gheilleagair Stuama.
- **Rannpháirtíocht** – a chinntiú go ndéantar freastal ar riachtanais oiliúna agus oideachais spriocghrúpaí (mar shampla daoine óga dífhostaithe; iad siúd a fostaíodh roimhe seo sna hearnálacha a raibh an tionchar ba mhó ag athstruchtúrú orthu; daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach; oibrithe níos sine; agus mná atá ag filleadh ar an obair) ar na cláir is oiriúnaí dóibh, agus go léirítear an méid seo i gcuspóirí agus i gcleachtais na gclár.

Bhí sé mar chonclúid san athbhreithniú go mbeidh gá le tús áite a thabhairt do na cláir sin atá in ann cuspóirí an mhargaidh saothair a shásamh, i dtimpeallacht ina bhfuil níos lú acmhainní le fáil. Ba iad na cláir ab éifeachtaí do dhaoine dífhostaithe ná na cinn sin ba ghiorra don mhargadh saothair agus a raibh fostóirí rannpháirteach iontu. Fuarthas go raibh na torthaí fostaíochta is fearr ag na cúrsaí seo i measc na gclár uile a ndearnadh athbhreithniú orthu. Bhí sé mar chonclúid san athbhreithniú freisin go mbainfeadh tábhacht leanúnach le hacmhainní a leithdháileadh le haghaidh oiliúna san ionad oibre le cinntiú go dtugtar

breisoiliúint leanúnach don lucht saothair, agus go ndéantar fostaíocht a choinneáil dá bharr. Measadh gurb iad na cláir bharrmhaithe ná na cinn atá treoraithe ag an éileamh, bunaithe ar riachtanais aitheanta na bhfostóirí agus na bhfostaithe, ag teacht le cuspóirí beartais náisiúnta don mhargadh saothair agus ina leagtar béim ar an oiliúint i dtreo torthaí.

D'fhoilsigh an Tánaiste agus an tIar-Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta an tuarascáil i mí an Mhárta 2010.

## Próifíl Fostaíochta agus Dífhostaíochta

I rith na bliana 2009, d'iarr an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar Forfás nuashonruithe rialta a chur ar fáil faoin margadh saothair agus ionchuir a sholáthar chun beartais ghníomhachtaithe a fhorbairt. Ba é an toradh a bhí leis seo ná páipéar oibre dar teideal *Profiling Employment and Unemployment.* Déanfar nuashonrú leanúnach ar an bpáipéar seo sa bhliain atá amach romhainn.

Tá an fás sa dífhostaíocht le déanaí ar cheann de na ceisteanna is tromchúisí in Éirinn sa lá atá inniu ann. Déantar anailís sa pháipéar seo maidir leis an réimsí ina bhfuil laghduithe tagtha ar an bhfostaíocht agus aithnítear na tréithe coitianta atá ag daoine dífhostaithe. Is é an cuspóir atá leis ná áiteanna ina bhfuil comhchruinniú dífhostaíochta iontu a aithint agus treoir a chur ar fáil chun bearta le fostaíocht a spreagadh a dhearadh agus a dhíriú. Cuimsítear an méid seo a leanas sa pháipéar:

- Tráchtaireacht maidir leis na staitisticí atá ar fáil faoin margadh saothair agus ceisteanna a bhaineann le dífhostaíocht a shainmhíniú.
- Forléargas ar threochtaí sa mhargadh saothair i gcoitinne lena n-áirítear athruithe san fhostaíocht, rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, gnóthachtáil oideachais agus fostaíocht de réir earnála, gairm beatha agus náisiúntachta.
- Próifíl ar an dífhostaíocht reatha de réir tréithe mar shampla aois, gnóthachtáil oideachais, inscne agus náisiúntacht.
- Ionchais fostaíochta - sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma lena n-áirítear an t-éileamh ar scileanna.
- Prionsabail threoracha le dul i ngleic leis an ardú reatha sa dífhostaíocht.

Chabhraigh an páipéar seo le bonn eolais a thabhairt don Rialtas maidir le díriú ar ghrúpaí áirithe sa mhargadh saothair agus bearta gníomhachtaithe á bhforbairt. Ina measc seo tá daoine faoi bhun 35 bliain d'aois; daoine gan go leor scileanna; céimithe óga; agus na daoine sin a chaill a jab sna hearnálacha is measa atá buailte ag dífhostaíocht (is iad sin, tógáil, déantúsaíocht thraidisiúnta agus miondíol).

Chomh maith leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a thabhairt cothrom le dáta go rialta maidir leis na gnéithe a imríonn tionchar ar an margadh saothair, chuir Forfás raon ionchur agus comhairle theicniúil ar fáil freisin i gcaitheamh 2009, cosúil le nuashonruithe maidir le gluaiseachtaí sa tuilleamh agus costais saothair agus comhairle maidir le bearta fostaíochta a fhorbairt.

## Beartas Imirce Eacnamaíochta

Lean Forfás ar aghaidh ag tabhairt comhairle don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le beartais i leith imirce eacnamaíochta. Dhírigh an chomhairle in 2009 ar threochtaí sa mhargadh saothair agus easpaí scileanna mar thoradh orthu den chuid is mó. Bhain an Roinn leas as an ionchur seo ina dhiaidh sin chun cinneadh a dhéanamh maidir le catagóirí na ngairmeacha beatha a bheadh incháilithe le haghaidh Cártaí Glasa agus Ceadanna Oibre. Tá an liosta seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne www.entemp.ie Is fiú a thabhairt ar aird gur tháinig laghdú suntasach ar liosta na ngairmeacha beatha ar measadh go raibh easpaí scileanna iontu mar thoradh ar scaoileadh sa mhargadh saothair, i gcomparáid le blianta roimhe.

Chomh maith le nuashonruithe faoin margadh saothair, lean Forfás ar aghaidh ag tabhairt ionchuir don Roinn maidir le roinnt ceisteanna a bhaineann le himirce eacnamaíochta de réir mar bhí sé ag teastáil. Ina measc seo bhí socruithe a bhaineann le mic léinn ó thíortha lasmuigh de Limistéar Eacnamaíochta na hEorpa (LEE) atá ag lorg fostaíochta in Éirinn agus feidhmiú na scéime ceadanna fostaíochta do chéimithe ó thíortha lasmuigh den LEE.

## An Straitéis Náisiúnta Ardoideachais

Sheol an tIar-Aire Oideachais agus Fostaíochta, Batt O'Keeffe, TD, an Straitéis Náisiúnta Ardoideachais nua in Éirinn i bhFeabhra 2009. Chuaigh an straitéis nua i ngleic leis an ngá atá le próiseas láidir dinimiciúil ceaptha le beartais a cheapadh, a chuirfidh ar chumas an chórais ardoideachais dul i ngleic leis na dúshláin nua i dtimpeallacht dhomhanda atá ag athrú go tapa.

Chuir Forfás tacaíocht taighde ar fáil do Ghrúpa Stiúrtha na Straitéise i gcaitheamh 2009, in éineacht leis an Údarás um Ard-Oideachas agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Rinne an Grúpa forbairt ar fhís agus ar shraith ghaolmhar de chuspóirí beartais náisiúnta d'ardoideachas na hÉireann don 20 bliain amach romhainn, le spriocanna níos dírithe don earnáil do na chéad chúig bliana eile.

I mí Dheireadh Fómhair 2009, rinne Forfás aighneacht leis an nGrúpa Straitéiseach um Ard-Oideachas. Baineann an aighneacht go príomhúil le riachtanais na fiontraíochta agus an gheilleagair de chuid an chórais ardoideachais maidir le scileanna agus taighde. Molann Forfás na cuspóirí ardleibhéil seo a leanas don ardoideachas:

- Ollchóras ardoideachais ar ardchaighdeán a chomhlíonann riachtanais an duine aonair;
- Córas ardoideachais a chuireann le forbairt shochaíoch agus chultúrtha, faoina mbíonn Éire ina háit mhealltach le cónaí agus le bheith ag obair; agus
- Córas ardoideachais a thacaíonn le forbairt na fiontraíochta agus an gheilleagair trí dhaoine aonair a chur ar fáil a bhfuil scileanna ábhartha acu agus trí thaighde ábhartha ar ardchaighdeán.

# An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí

Tugann an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (SGRST) comhairle don Rialtas maidir le riachtanais an gheilleagair ó thaobh scileanna de agus maidir le ceisteanna eile faoin margadh saothair a imríonn tionchar ar fhiontraíocht agus ar fhás fostaíochta na hÉireann. Tá ról lárnach ag an Sainghrúpa le déanamh cinnte go mbítear ag súil le riachtanais an mhargaidh saothair ó thaobh oibrithe le scileanna maithe, agus go gcomhlíontar na riachtanais seo.

Déanann Forfás bainistíocht ar obair an Ghrúpa agus cuirtear taighde agus anailís ar fáil dó. Cuireann Aonad Taighde an Mhargaidh Saothair agus Scileanna (ATSMS) de chuid FÁS sonraí, anailís agus taighde ar fáil don Ghrúpa, agus déanann sé bainistíocht ar an mBunachar Sonraí Náisiúnta Scileanna.

Cuireann an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí comhairle ar fáil don Rialtas maidir le scileanna a mbíonn tionchar orthu ar an bhfiontraíocht maidir leis na nithe seo a leanas:

- Fadbhreathnú scileanna agus tagarmharcáil;
- Comhairle straitéiseach maidir le scileanna a neartú trí oideachas agus oiliúint;
- Bailiú sonraí agus anailís ar éileamh agus soláthar saothair oilte; agus
- Tionchar a imirt agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú

Thug Forfás agus an SGRST faoi na tionscnaimh seo a leanas in 2009.

## Riachtanais Scileanna sa Todhchaí don Earnáil Bia agus Deochanna (*Future Skills Requirements of the Food and Beverage Sector*)

Is í an earnáil bia agus deochanna an earnáil dhúchasach is mó in Éirinn. Tá 8% den Olltáirgeacht Intíre i gceist leis an earnáil seo agus fostaítear 50,000 daoine go díreach, le 60,000 fostaithe neamhdhíreacha agus 120,000 feirmeoirí eile i gceist. Fiú amháin leis na dúshláin gheilleagracha reatha, leanfaidh an earnáil ar aghaidh ag cur fostaíocht shuntasach dhíreach agus neamhdhíreach ar fáil. Sa chomhthéacs seo, ní mór dúinn a chinntiú go gcuirtear breisoiliúint leanúnach orthu siúd atá ag obair sa tionscal agus go bhfuil scileanna oiriúnacha acu siúd atá ag dul isteach ann.

Foilsíodh tuarascáil an SGRST, *Future Skills Requirements of the Food and Beverage Sector*, i mí na Samhna 2009. Tá roinnt moltaí tábhachtacha ann don earnáil:

- Institiúid idirghníomhaireachta tríú leibhéal agus fóram tionscail a bhunú chun plé a dhéanamh ar riachtanais leanúnacha an tionscail maidir le scileanna, oiliúint agus forbairt, agus chun dul i ngleic leo.
- Cláir creidiúnaithe theicniúil agus breisoiliúna d’oibrithe a fhorbairt agus a chur ar fáil, chomh maith le creidiúnuithe aitheanta ceirde d’oibrithe.
- Tionscnamh Fhiontraíocht Éireann maidir le Bainistíocht Shlabhra an tSoláthair agus a clár Leadership4Growth a chur in oiriúint agus a chur chun cinn in earnáil an bhia.

- Treorú a dhéanamh ar fhorbairt líonraí soláthair na gcomhpháirtithe atá comhdhéanta de mhiondíoltóirí (a bhfuil oibríochtaí acu in Éirinn), FMCG, agus cuideachtaí loighistice agus ollstórála.
- Forbairt a dhéanamh ar chlár píolótach margaíochta agus bainistíochta iarchéime d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.
- Idirghabhálacha modúlacha saincheaptha a fhorbairt chun géire tráchtála na mbainisteoirí líne, na cinn feidhme agus na n-oibrithe a fheabhsú.

Rinneadh na moltaí seo ar an mbunús go ndéanfaí maoiniú orthu laistigh de na hacmhainní atá ann cheana, is é sin le rá, an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia; FÁS; Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC); an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh; Fiontraíocht Éireann; an Bord Bia agus Teagasc.



Seoladh *Future Skills Requirements of the Food and Beverage Sector*
Martin Shanahan, Bainisteoir san Aonad Beartas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Nuálaíochta agus Caipiteal Daonna, Forfás, sa phictiúr le Sean Haughey, TD, an tAire um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil, ag seoladh thuarascáil an SGRST i mí na Samhna 2009.

## Riachtanais Scileanna sa Todhchaí don Earnáil Mhórdhíola agus Mhiondíola

I mí Mheán Fómhair 2008, d'iarr an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí staidéar domhain scileanna ar an earnáil mhórdhíola agus mhiondíola a sholáthar. Is é cuspóir an staidéar ná measúnú a dhéanamh ar riachtanais na hearnála mórdhíola agus miondíola in Éirinn ó thaobh scileanna de chomh fada le 2016, le béim ar leith ar na spriocanna breisoiliúna sa Straitéis Scileanna Náisiúnta, agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na struchtúr atá san earnáil cheana féin.

Ceist mhór d'fhostóirí san earnáil is ea an dearcadh diúltach a bhíonn ag earcaithe féideartha agus ag an bpobal i gcoitinne. Meastar gurb iad na baic ó thaobh earcaíochta de ná nach bhfuil an t-ionchas maidir le dul chun cinn a dhéanamh sna gairmeacha beatha soiléir, easpa feasachta maidir le deiseanna fostaíochta ard-oilte agus cur chuige míchothrom i leith chaighdeán agus mhéid na ngníomhaíochtaí oiliúna.

Is é moladh lárnach na tuarascála na forbairt a dhéanamh ar Chreat Scileanna don earnáil a bheidh ag feidhmiú laistigh den Chreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí agus i gcomhar leis. Tá an fhéidearthacht ann go gcuirfidh sé seo ar chumas fostaithe cáilíochtaí náisiúnta a bhaint amach bunaithe ar chaighdeáin inniúlachta a chomhlíonadh, gan iallach a chur ar fhostaithe athrú ó bhonn a dhéanamh ar an oiliúint a chuirtear ar fáil. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh sé seo deis do na mílte fostaithe cáilíochtaí a fháil.

Ag dul i ngleic leis na dearcaí éagsúla seo, molann an tuarascáil na nithe seo a leanas:

- Cabhrófar le haitheantas a fháil ar fhoghlaim roimhe seo san earnáil má dhéantar caighdeáin inniúlachta a bhunú a aithnítear ar fud an tionscail mar chreatlach scileanna don earnáil.
- Táthar ag súil leis go n-éascófar agus go spreagfar daoine chun dul ar aghaidh chun an chéad leibhéal cáilíochtaí eile faoin gCreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí. Éascóidh creatlach earnála naisc idir cúrsaí ag leibhéil dhifriúla sa Chreatlach Náisiúnta, agus éascófar dul chun cinn i dtreo chuspóirí breisoiliúna na Straitéise Náisiúnta Scileanna agus cuirfear leo dá bharr. Beidh deiseanna maidir le dul chun cinn a dhéanamh níos feiceálaí freisin.
- Ba chóir go gcabhróidh cáilíochtaí a bhronnfar faoin gcreatlach scileanna le soghluaisteacht sa tionscal, trí ráitis shoiléire thrédhearcacha a dhéanamh maidir le hinniúlachtaí na ndaoine a bhfuil suim acu fostóirí a athrú. Ba chóir go ndéanfadh sé seo feabhas ar an gcumas gairmeacha beatha a thógáil san earnáil, go háirithe i measc fostaithe i bhfiontair bheaga nach raibh deiseanna maithe acu roimhe seo ardú céime a fháil.
- Sa chomhthéacs níos forleithne, tá sé d'acmhainn ag an gcreatlach scileanna táirgiúlacht agus iomaíochas a fheabhsú laistigh den earnáil trí fhorbairt a dhéanamh ar an mbonn scileanna, agus beidh tionchar dearfach aige seo ar an ngeilleagar níos leithne.

Tá an tuarascáil bunaithe ar chomhairliúchán leathan agus rinne Grúpa Stiúrtha maoirseacht air. Bhí páirtithe leasmhara ón tionscal, ó cheardchumainn agus ón earnáil oideachais agus oiliúna agus ón earnáil mhiondíola ar an ngrúpa seo. Foilsíodh an tuarascáil i mí na Bealtaine 2010.

## Scileanna Cruthaitheachta, Deartha agus Nuálaíochta (*Skills in Creativity, Design and Innovation*)

I dtuarascáil an SGRST, *Skills in Creativity, Design and Innovation,* a foilsíodh i mí na Samhna 2009, tugtar aghaidh ar riachtanais na hÉireann maidir le scileanna sa chruthaitheacht, sa dearadh agus sa nuálaíocht. Is iad scileanna sna réimsí seo príomhthiománaithe feabhsuithe sa táirgiúlacht, agus meastar iad a bheith lárnach i straitéis níos leithne an Rialtais le haghaidh athnuachan geilleagrach. Léirítear an méid seo sa phlean *Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann - Creat um Athnuachan Eacnamaíochta Inbhuanaithe.* Bíonn an chuid is mó den fheabhsú sa táirgiúlacht ann mar thoradh ar tháirgí, seirbhísí agus próisis gnó nua nó feabhsaithe, a chuireann ar chumas gnólachtaí tuilleadh luacha a chruthú as iarrachtaí gach oibrí.

Is iad na príomhbhearta a ndíríonn na moltaí orthu ná:

- Freagracht as feidhmíocht a fheabhsú i gcoláistí 3ú agus 4ú leibhéal: ba chóir go leagfadh gach institiúid ardoideachais in Éirinn cuspóirí amach maidir le cruthaitheacht agus cumas nuálaíochta a fhorbairt i measc na mac léinn. Ba chóir monatóireacht a dhéanamh orthu seo agus ba chóir go mbeadh an próiseas faoi réir athbhreithnithe rialta.
- Ba chóir go ndéanfadh institiúidí ardoideachais iarracht mhór chun deireadh a chur leis an easpa nasc idir eolaíocht, innealtóireacht agus teicneolaíocht ar lámh amháin, agus disciplíní gnó ar an lámh eile. Ba chóir go spreagfadh FETAC soláthraithe breisoideachais agus breisoiliúna chun inneachar gach cúrsa a chur in oiriúint don ábhar.
- Cabhrú le gnólachtaí Éireannacha measúnú a dhéanamh ar a scileanna cruthaitheachta, deartha agus nuálaíochta ag úsáid na creatlaí a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo chomh maith le hábhair ó fhoinsí eile, agus cabhrú leo freagairt a thabhairt ar dheiseanna agus easpaí a aithnítear. Ba chóir uirlis iniúchta a fhorbairt chuige seo.
- Ról na líonraí: Ba chóir go leagfadh Skillnets agus a pháirtithe leasmhara béim mhéadaitheach ar mhaoiniú a thabhairt do líonraí a bhíonn ag díriú ar scileanna cruthaitheachta, deartha agus nuálaíochta.
- Ról na ngníomhaireachtaí agus na n-eagraíochtaí: Ba chóir go ndéanfadh eagraíochtaí mar shampla Fiontraíocht Éireann, comhlachtaí ionadaíochta ón tionscal agus na hinstitiúidí ardoideachais ábhartha machnamh ar chlár socrúcháin a thabhairt isteach do chéimithe i ndearadh táirgí, a bheadh mórán ar aon dul leis an gClár um Dhíriú ar Easpórtáil atá ann cheana féin.

## Aighneacht don Ghrúpa Ardoideachais um Fhreagairt do Ghníomhachtú an Mhargaidh Saothair

Bunaíodh an Grúpa Ardoideachais um Fhreagairt do Ghníomhachtú an Mhargaidh Saothair in 2009 mar fhreagairt ar an riachtanas méadaithe le haghaidh cineálacha oideachais agus soláthair oiliúna nua agus leathnaithe, dírithe orthu siúd atá ag cailleadh a bpoist nó a bhfuil ionchas fostaíochta neamhchinnte rompu. Ghlac Ceann na Rúnaíochta san SGRST páirt sa Ghrúpa agus rinne an SGRST agus Forfás riachtanais ó thaobh scileanna amach anseo laistigh den tionscal a aithint.

Rinne Forfás aighneacht leis na Bearta molta sa Cháinaisnéis Fhorlíontach chun 1,500 áit bhreise pháirtaimseartha a chur ar fáil ag an tríú leibhéal. Scaipeadh aighneacht Forfás chuig gach institiúid ardoideachais i lár mhí na Bealtaine 2009 i nglaoch ar aighneachtaí an Údaráis um Ard-Oideachais faoin mbeart seo sa Cháinaisnéis. Sheol Forfás prionsabail threoracha isteach freisin chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta don Scéim Socrúcháin Oibre a fógraíodh i gCáinaisnéis Aibreán 2009. Tá 1,000 socrúchán oibre do chéimithe agus 1,000 socrúchán oibre eile ann faoin scéim.

Seo a leanas cuspóirí lárnacha an Ghrúpa:

- Forbairt a dhéanamh ar fhreagrachtaí sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma is féidir leis an earnáil tabhairt fúthu chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais oiliúna agus oideachais ag eascairt as an bhfás sa dífhostaíocht le déanaí;

- An bealach is fearr a aimsiú chun soláthar nua nó feabhsaithe a ailíniú le riachtanais scileanna a bhfuiltear ag súil leo amach anseo; agus
- Forbairt a dhéanamh ar chomhoibriú feabhsaithe le soláthraithe oideachais agus oiliúna eile chun dul i ngleic le riachtanais an lucht saothair ó thaobh scileanna de.

## Aighneacht ar Scileanna don Ghrúpa Ardleibhéil um an bhFiontraíocht Ghlas

Rinne an SGRST aighneacht leis an nGrúpa Ardleibhéil um an bhFiontraíocht Ghlas in 2009. Feictear go bhfuil sraith nua scileanna ann mar thoradh ar an ngeilleagar glas atá ag teacht chun cinn. Leagtar béim níos mó ann ar ghairmithe ó dhisciplíní difriúla a bheith ag obair ar fhoirne ildisciplíneacha. Ciallaíonn sé seo go mbeidh scileanna cineálacha tábhachtach chomh maith le scileanna teicniúla. Ní mheastar gur scileanna atá iomlán nua iad na scileanna ar leith a bhaineann le jabanna glasa. Ina áit sin, táthar ag súil leis go mbeidh siad ann sa bhreis ar scileanna reatha nó mar thoradh ar scileanna reatha a chur le chéile.

Tá obair bhreise ar bun chun dul i ngleic leis an riachtanas ar scileanna a bhaineann le tionscail ghlasa agus na gairmeacha beatha a bhaineann leo in Éirinn. Déanfaidh an SGRST athbhreithniú ar an riachtanas scileanna reatha agus amach anseo a bhaineann le forbairt a dhéanamh ar an ngeilleagar glas agus déanfar moltaí le cinntiú go mbeidh na scileanna seo ann, ó thaobh líon agus caighdeáin de araon, chun leas a bhaint as na féidearthachtaí fostaíochta agus easpórtála san earnáil. Táthar ag súil leis go bhfoilseofar an tuarascáil seo sa tríú ráithe in 2010.

## Ráiteas ar Mhaoiniú d’Oiliúint Inchuideachta ón gCiste Náisiúnta Oiliúna

Mar fhreagairt ar leithdháiltí an státchiste a fógraíodh in 2009, chuir an SGRST ráiteas faoi bhráid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ina léiríodh an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht an Stáit a choinneáil san oiliúint inchuideachta, d’ainneoin na deacrachtaí sa gheilleagar faoi láthair. Leagtar béim go háirithe ar an ról lárnach is féidir a bheith ag oiliúint inchuideachta a dhéanann an Stát maoiniú uirthi chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an chúlaithe san aighneacht. Is féidir borradh a chur faoi tháirgiúlacht, cabhrú le jabanna a choinneáil agus, ar deireadh, iomaíochas a fheabhsú, rud a chuirfidh le fás geilleagrach níos tapúla. Beidh tábhacht le hinfheistíocht san oiliúint inchuideachta i dtéarmaí fhorbairt fhadtéarmach an gheilleagair freisin. Déantar breithniú ar thábhacht an Chiste Náisiúnta Oiliúna freisin ó thaobh maoiniú a dhéanamh ar oiliúint inchuideachta, go háirithe le linn cúlaithe nuair a ghearrann fostóirí siar ar an maoiniú.

## Comhoibriú le hAonad Taighde an Mhargaidh Saothair agus Scileanna FÁS

I rith 2009, lean Forfás ar aghaidh ag obair go dlúth le hAonad Taighde Scileanna agus Margadh Saothair (ATSMS) de chuid FÁS a fheidhmíonn an Bunachar Sonraí Náisiúnta Scileanna thar ceann an SGRST. Chuaigh an dá eagraíocht i mbun oibre le páirtithe leasmhara ábhartha chun foinsí sonraí úsáideacha a fhorbairt a chabhróidh le próifíl a dhéanamh ar ár gcumas

scileanna reatha agus amach anseo in Éirinn, agus forbairt a dhéanamh ar an mbunachar sonraí maidir le gnéithe réigiúnacha agus gairme beatha na faisnéise atá ann.

D'fhoilsigh FÁS trí thuarascáil thar ceann an SGRST:

- Tugann an *National Skills Bulletin 2009* forbhreathnú mionsonraithe ar mhargadh saothair na hÉireann i dtéarmaí na dtreochtaí fostaíochta de réir earnála agus gairme beatha, chomh maith leis na staitisticí is déanaí maidir le haschuir san oideachas agus oiliúint.
- Tugtar cuntas ar na scileanna tá á soláthar chuig margadh saothair na hÉireann ón gcóras foirmiúil oideachais agus oiliúna in *Monitoring Ireland's Skills Supply: Trends in Education/Training Output 2009.*
- Rinneadh forbairt ar shraith de mhúnlaí cainníochtúla agus cuireadh réamh-mheastacháin ar fáil maidir leis an éileamh agus soláthar na n-oibrithe cúram sláinte in *A Quantitative Tool for Workforce Planning in Healthcare: Example Simulations.* Cabhróidh sé seo leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus le FSS pleanáil a dhéanamh ar an lucht saothair.

# An Chomhairle Forbartha Bainistíochta

Bhunaigh an tIar-Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta an Chomhairle Forbartha Bainistíochta (CFB) chun comhairle a thabhairt don Rialtas maidir le leorgacht agus ábharthacht an tsoláthair forbartha bainistíochta in Éirinn agus cur chuige comhordaithe a chur chun cinn le feasacht agus meas a chothú faoin luach agus faoin ngá a bhaineann le scileanna ceannaireachta agus bainistíochta a fheabhsú in earnáil na ngnóthas beag agus meánmhéide.

Creideann an Chomhairle gur féidir tionchar an chúlaithe a fhritháireamh le hinfheistíocht leanúnach i bhforbairt bainistíochta, agus go gcuirfidh sin le fás sa gheilleagar. Le forbairt bainistíochta a dhíríonn ar cheisteanna atá ina n-ábhar imní láithreach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, is féidir le bainisteoirí cleachtais a chur i bhfeidhm a chabhróidh lena ngnóthas teacht slán sa chúlú reatha. Tá scileanna bainistíochta ríthábhachtach le go gcuirfidh gnóthais a bhfuil á dtairiscint acu in oiriúint, agus le dul isteach i margaí nua. Cabhraíonn na gníomhaíochtaí seo ar fad le jabanna a choinneáil, agus déanann siad tionchar an chúlaithe ar dhaoine dífhostaithe agus ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh ina dhiaidh sin a laghdú, agus ag an am céanna cuirtear le hioncam an rialtais le cáin ioncaim, CBL agus cáin chorparáide.

Go fadtéarmach, d'fhéadfadh sé go mbeidh leas suntasach ann do gheilleagar na hÉireann de bharr feabhsuithe i gcleachtais bhainistíochta in Éirinn. Bunaithe ar obair a rinne McKinsey & Co. ar iarratas ón CFB, meastar go bhféadfaí idir €500m agus €2.5bn a bheith i gceist leis an méadú san oll-bhreisluach in earnáil na déantúsaíochta leis féin, fiú mura ndéanfaí ach feabhsú measartha ar an gcleachtas bainistíochta in Éirinn.




*Management Development in Ireland* (tuarascáil)

Máire Ní Chochláin, TD, Tánaiste agus Iar-Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta sa phictiúr leis an Ollamh Frank Roche, Cathaoirleach na Comhairle Forbartha Bainistíochta ag an seoladh ar thuarascáil na Comhairle maidir le forbairt bainistíochta in Éirinn i mí an Mhárta 2010.

Foilsíodh an tuarascáil go luath sa bhliain 2010, agus léirítear fís uaillmhianach na Comhairle i leith cleachtas bainistíochta in Éirinn inti. Faoin bhfís seo, ní hamháin go mbeadh bainisteoirí in Éirinn ag comhlíonadh na gcaighdeán idirnáisiúnta is fearr, is iad a bheadh ag leagadh síos na gcaighdeán seo. Go sonrach, tá an Chomhairle ag iarraidh na méaduithe seo a leanas a fheiceáil i gcéatadán na bhfiontar beag agus meánmhéide atá ag glacadh páirte i bhforbairt bainistíochta, go háirithe cúrsaí maidir le bunathrú agus cúrsaí straitéiseacha:

- ó 45 faoin gcéad go 70 faoin gcéad i gcás na mionghnóthas (thart faoi 53,000 gnóthas – an dream is deacra le sroicheadh go hiondúil);
- ó 62 faoin gcéad go 80 faoin gcéad i gcás na ngnóthas beag (thart faoi 8,000 gnóthas); agus
- ó 87 faoin gcéad go 90 faoin gcéad i gcás na ngnóthas meánmhéide.

Chun an fhís seo a bhaint amach, tá athrú ó bhonn ag teastáil sa soláthar. Is gá soláthraithe nua a mhealladh chuig an margadh nuair a bhíonn deiseanna ann agus níor mhór go mbeadh soláthraithe reatha níos solúbtha agus ábhartha maidir lena mbíonn á dtairiscint acu. Ag an am céanna, ba mhaith leis an gComhairle go mbeadh tuiscint níos fearr i measc fiontair bheaga agus mheánmhéide agus lucht déanta beartas ar fhiúntas na forbartha bainistíochta agus an ról is féidir a bheith aici ó thaobh fhás an gheilleagair de. Chomh maith leis sin, ba mhaith leis an gComhairle céatadán níos mó de ghnóthais a fheiceáil ag tabhairt faoi chúrsaí níos fadtéarmaí a mbíonn athrú ó bhonn agus feabhsú táirgiúlachta i gceist leo. Bheadh mórthionchar dearfach ag cúrsaí mar seo ar leibhéil fheidhmíochta na ngnóthas, i gcomparáid leis an gcleachtas reatha ina dtugann gnóthais faoi chúrsaí gearrthéarmacha, a bhaineann le géilliúlacht go minic, den chuid is mó.

Molann an Chomhairle gur chóir rannpháirtíocht i bhforbairt bainistíochta a mhéadú trí Líonra Forbartha Bainistíochta a chruthú. Go bunúsach, bheadh an líonra seo ar aon dul le líonraí oiliúna atá ann cheana, agus thógfadh sé áit na dtacaíochtaí ilroinnte Stáit atá ann faoi láthair don fhorbairt bainistíochta. Anuas air sin, is réiteach praiticiúil a bheadh ann chun an tionchar iolraitheora a bhaint amach. Tá sé seo ag teastáil le go mbeadh líon mór fiontar beag agus meánmhéide rannpháirteach le meascán de ghníomhaíochtaí ón mbun aníos faoi cheannas na ngnóthas agus gníomhaíochtaí ón mbarr anuas arna dtiomáint ag spriocanna. Is modh bunaithe ar éileamh a bheadh sa Líonra Forbartha Bainistíochta freisin chun rannpháirtíocht na bhfiontar beag agus meánmhéide san oiliúint forbartha bainistíochta a mhéadú agus bhainfí úsáid as idirghníomhú duine le duine le bainisteoirí na bhfiontar chun rannpháirtíocht a spreagadh. Chomh maith leis sin, bhainfeadh an líonra leas as maoiniú suntasach ar chomh-mhéid ón earnáil phríobháideach. Ar deireadh, d'fhéadfaí an líonra a fhorbairt le feidhmiú mar ionad ilfhreastail a dhéanfadh maoirseacht ar an gclár oibre bainistíochta a chur chun cinn, agus a bheadh freagrach as sreabhadh faisnéise a fheabhsú agus uirlis diagnóise oiriúnach a fhorbairt maidir le riachtanais oiliúna.

# Inbhuanaitheachta

Is éard atá i gceist le hinbhuanaitheacht ná ár gcumas leanúint ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn geilleagrach agus a chinntiú ag an am céanna nach mbíonn tionchar diúltach ag ár ngníomhaíochtaí fiontraíochta ar an gcomhshaol.

Tá deiseanna agus dúshláin éagsúla fiontraíochta agus iomaíochais romhainn in Éirinn de bharr an athraithe thapa ar mhargaí agus ar fhorbairt beartais fuinnimh agus comhshaoil. Ó thaobh na hinbhuanaitheachta, tá sé ríthábhachtach go mbeimid in ann leanúint leis an bhfás agus leis an rath in Éirinn gan tionchar diúltach a bheith aige ar an gcomhshaol.

Bhí Forfás ag obair leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i gcaitheamh 2009 le cinntiú go mbíonn ár mbeartas fiontraíochta in Éirinn ag comhlíonadh ár riachtanas comhshaoil, nach mbíonn drochthionchar aige ar ár n-iomaíochas agus go mbeimid in ann leas a bhaint as deiseanna nua atá ag teacht chun cinn. Chuimsigh an obair seo anailís agus comhairle ar cheisteanna a eascraíonn as idirbheartaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus leibhéal an AE maidir le hathrú aeráide, chomh maith le hanailís agus comhairle maidir le beartais fuinnimh, comhshaoil agus bainistíochta dramhaíola.

## Creat Fuinnimh Fadtéarmach

Tá forbairt déanta ag Forfás ar chreat beartais fuinnimh fadtéarmach in Éirinn chun cabhrú le lucht déanta beartas beartas fuinnimh a fhorbairt. In *Irish Energy Tetralemma – A Framework for Fuel Choices for Ireland,* leagtar béim ar an measúnú ar roghanna breosla amach anseo, i dtéarmaí ionchur sa bheartas fuinnimh agus i dtaobh leas a bhaint as deiseanna fiontraíochta a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Rinneadh athbhreithniú ar 11 chineál breosla mar chuid den tionscadal, agus cuireadh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach breosla san áireamh.

Aithnítear go mbeidh ról fós ag breoslaí iontaise, go háirithe gás, i meascán breoslaí na hÉireann amach anseo, go háirithe mar gheall go mbeidh giniúint chúltaca ag teastáil le go mbeidh fáil níos forleithne ar fhuinneamh in-athnuaite, fuinneamh gaoithe go mór mór. Rinneadh rangú ar na breoslaí maidir lena n-éifeacht i leith cuspóirí iomaíocha an iomaíochais a chomhlíonadh, is é sin sláine an tsoláthair, inbhuanaitheacht agus athrú aeráide. Go foriomlán, bíonn an tionchar is mó ag trí ghné ar an rangú coibhéiseach:

- A mhéid agus go bhfuil creat tacúil náisiúnta agus rialála i bhfeidhm;
- Athruithe ar phraghsanna tráchtearraí agus teicneolaíochta sna deich mbliana amach romhainn; agus
- Luas na forbartha teicniúla.

Tá seans láidir ann go mbeidh fuinneamh in-athnuaite iomaíoch go hiomlán ó thaobh costais seachadta fuinnimh de réir mar a thagann barr feabhais ar an teicneolaíocht. Tá Éire suite go maith chun leas a bhaint as deiseanna a thiocfaidh chun cinn. Tá sé beartaithe an t-aschur ón tionscadal seo a fhoilsiú in 2010.

## Toradh Idirbheartaíocht Chomhairle an AE ar Chomhaontú Athrú Aeráide Iar-Kyoto

I mí Eanáir 2008 d'fhógair Coimisiún an Aontais Eorpaigh tograí beartais uaillmhianacha agus conspóideacha chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide. Tugtar an pacáiste 20-20-20 ar na tograí, agus tá sé mar aidhm leo astuithe $CO_2$ ar fud an AE a laghdú le 20 faoin gcéad; go mbeidh 20 faoin gcéad de mhargadh an AE ag cineálacha fuinnimh in-athnuaite; agus éifeachtacht fuinnimh an AE a fheabhsú le 20 faoin gcéad faoi 2020. Is í ceann de phríomhchoincheapa an phacáiste ná go mbeadh ar chuideachtaí íoc as an gcarbón uile a astaíonn siad faoi 2020.

Thug taighde Forfás go luath in 2009 le fios go mbeadh tionchar suntasach ó thaobh costais de aige seo ar ghnóthais na hÉireann agus go mbeadh buntáiste iomaíochta suntasach ag cuideachtaí ó thíortha taobh amuigh den AE. I rith 2009, d'oibrigh Forfás go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus le páirtithe leasmhara eile chun dul i ngleic leis na hábhair imní in Éirinn. Thángthas ar chomhaontú comhréitigh i mí na Nollag 2009. Rinneadh roinnt athruithe ar phacáiste an AE um athrú aeráide a thacóidh lenár n-iomaíochas. Áirítear orthu siúd:

- D'fhéadfaí an spriocdháta maidir le híoc as gach astú carbóin a chur siar seacht mbliana ó 2020 go 2027 i gcás go leor cuideachtaí.
- Níl na gealltanais eatramhacha 2020 chomh dian sin ar fhormhór na gcuideachtaí.

- D'fhéadfaí an próiseas a chur i bhfeidhm ar fud na hEorpa ar bhealach a bheadh chun leasa na hÉireann. Bronnfar liúntais astuithe ar earnálacha leochaileacha bunaithe ar thagarmharcáil i gcoinne na teicneolaíochta is fearr atá ar fáil.
- Shocraigh an AE go bhféadfaí caitheamh níos fabhraí le hearnálacha áirithe dá mbeadh tábhacht straitéiseach i gceist leo don AE agus dá ngearrfadh an pacáiste um athrú aeráide costais an-ard orthu faoina bhféadfadh sé go mbogfaidís chuig tíortha lasmuigh den AE. Tá gach seans ann go mbainfeadh táirgeoirí alúmana, cruaiche, iarainn agus stroighne leas as an réimeas fabhrach. Is é dúshlán na hÉireann ná an earnáil bia agus deochanna a chur leis an liosta seo d'earnálacha leochaileacha.

Mar gheall ar scála beag na hÉireann, tá dearcadh ann gur éirigh go maith le hÉirinn maidir le tionchar a imirt ar an bpacáiste deiridh. Beidh níos mó ama ag gnóthais na hÉireann chun dul in oiriúint don phacáiste agus na hiarmhairtí costais a laghdú de bharr na n-athruithe thuas. Beidh dúshláin shuntasacha ann fós in Éirinn chun ár n-úsáid carbóin a laghdú agus iomaíochas costais a choinneáil faoin bpacáiste comhaontaithe. Mar shampla, faoin scéim leasaithe, beidh ar sholáthraithe leictreachais 100% dá gceadanna um astú $CO_2$ a cheannach faoi 2020. Creideann an Coimisiún Eorpach go dtiocfaidh ardú ar phraghsanna leictreachais de 10 go 15 faoin gcéad ar fud an AE dá bharr.

Rinne Forfás agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta obair chun cás láidir a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach caitheamh go fabhrach leis an earnáil bia agus deochanna, mar gheall ar a tábhacht straitéiseach do gheilleagar na hÉireann. Rinneadh anailís freisin ar na príomhearnálacha eile a mbeidh tionchar ag na tograí um sceitheadh carbóin orthu (.i. stroighin agus alúmana). Thug Forfás faoi anailís bhreise ar na costais a bhaineann le beartas comhshaoil an AE a chomhlíonadh freisin. Déantar cur síos ar an anailís seo sa rannán I dTreo Chóbanhávan thíos.

## I dTreo Chóbanhávan: Saincheisteanna don Fhiontraíocht

Ciallaíonn gealltanais uaillmhianacha a tugadh le déanaí ag leibhéal an AE agus go náisiúnta i leith laghduithe ar astuithe gáis go bhfuil dúshlán gan fasach romhainn in Éirinn iomaíochas a choinneáil agus muid ag feidhmiú i dtimpeallacht ina bhfuil srian ar charbón. Ag teannadh ar Chruinniú Mullaigh um Athrú Aeráide na Náisiún Aontaithe i gCóbanhávan, mhol an AE an sprioc maidir le hastuithe $CO_2$ ar fud an AE a laghdú a leathnú ó 20 faoin gcéad go 30 faoin gcéad.

Tá Forfás ag obair go dlúth le hAonad Comhshaoil na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun dul i ngleic leis na dúshláin d'Éirinn de bharr tograí Choimisiún an Aontais Eorpaigh sa réimse seo. Le freagairt beartais oiriúnach a chinntiú, d'iarr an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar Forfás tabhairt faoi anailís mhionsonraithe chainníochtúil ar na costais géilliúlachta féideartha ag eascairt as athrú go sprioc astuithe 30 faoin gcéad agus na bealaí féideartha le dul i ngleic leo.

**Príomhthorthaí:**

- Bunaithe ar an ardú beartaithe go laghdú 30 faoin gcéad sna hastuithe, beidh soláthraithe cumhachta agus monarchana móra tionsclaíocha a bhfuil baint acu i Scéim Trádála Astaíochtaí (STA) an AE ag caitheamh beagnach €400m in aghaidh na bliana ar an meán chun liúntais astuithe a cheannach idir 2013 agus 2027. Gearrfar suas le 90 faoin gcéad de na costais seo ar an earnáil giniúna cumhachta, agus cuirfear ar aghaidh chuig gach úsáideoir fuinnimh ansin iad. Beidh ar earnálacha cosúil le bia agus

deochanna costais dhíreacha géilliúlachta cuibheasach ard de €9 go €12 milliún ar an meán a íoc in aghaidh na bliana go dtí 2027 áfach.

- Tá an-tábhacht ag baint leis na foirmlí a fhorbrófar chun spriocanna náisiúnta a chinneadh faoi shocruithe an AE maidir le comhroinnt an ualaigh. Is príomhcheist a bheidh ann d'Éirinn aitheantas a bhaint amach ón AE maidir le láidreacht earnáil talmhaíochta na hÉireann agus an deacracht atá ann dá bharr astuithe a laghdú gan costais ollmhóra a bheith i gceist.

Cuireadh anailís Forfás faoi bhráid Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach um Athrú Aeráide agus Slándáil Fuinnimh i mí na Nollag 2009 agus rinneadh na príomh-mholtaí a phlé. D'fhreastail Forfás ar chuid de Chruinniú Mullaigh um Athrú Aeráide na NA i mí na Nollag 2009 mar chomhalta de thoscaireacht na hÉireann. Cé nár thángthas ar chomhaontú maidir le prótacal foirmiúil, baineadh Comhaontú Chóbanhávan amach. Tá measúnú ar bun ag Forfás maidir le tionchar an chomhaontaithe seo in Éirinn agus leanfar ar aghaidh ag déanamh measúnaithe ar thionchar aon chomhaontaithe idirnáisiúnta um athrú aeráide ar fhiontair na hÉireann.

## Tagarmharcáil Bhainistíochta Dramhaíola

Tá fáil ar sheirbhísí agus áiseanna bainistíochta dramhaíola agus na costais a bhaineann leo fós ina cheist iomaíochais don fhiontraíocht in Éirinn. In 2009, rinne Forfás nuashonrú ar a mheasúnú tagarmharcála ar bhainistíocht dramhaíola agus leagadh béim ar na gníomhartha beartais is gá tús áite a thabhairt dóibh le cinntiú go gcomhlíonfar riachtanais bhainistíocht dramhaíola na bhfiontar in Éirinn anois agus amach anseo.

Thaispeáin an measúnú tagarmharcála go bhfuil costas na bainistíochta dramhaíola in Éirinn thar na príomhroghanna cóireála ard fós i gcomparáid le tíortha a bhíonn san iomaíocht linn. Bítear fós ag brath sách mór ar líonadh talún mar chóireáil dramhaíola in Éirinn agus tá rogha teoranta ag cuideachtaí na hÉireann ó thaobh réitigh cóireála uisce fós i gcomparáid lena n-iomaitheoirí.

Leagann an tuarascáil béim ar an neamhchinnteacht reatha maidir le treo an bheartais bainistíochta dramhaíola in Éirinn amach anseo agus aithnítear na gníomhartha seo a leanas maidir le beartas dramhaíola nach mór tús áite a thabhairt dóibh:

- Cinnteacht a chruthú ó thaobh beartais agus rialála de in earnáil na dramhaíola le dreasacht a thabhairt d'infheistíocht phríobháideach i mbonneagar dramhaíola agus le borradh a chur faoi rolladh amach an bhonneagair bainistíochta dramhaíola in Éirinn.
- Comharthaí oiriúnacha maidir le praghsanna a thabhairt don earnáil phríobháideach chun tacú le cuspóirí náisiúnta iomaíochais sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, agus a chinntiú san am céanna go gcomhlíonfar dualgais comhshaoil na hÉireann. Go háirithe, tugann an tuarascáil le fios go gcaithfear a chinntiú nach dtabharfar isteach méaduithe breise ar an tobhach líonta talún in Éirinn go dtí go mbeidh áiseanna cóireála dramhaíola malartacha imleora i mbun feidhme. Meastar freisin go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaimid measúnú faoi na bearta atá ag teastáil le cinntiú go bhfuil praghas iomaíoch ar roghanna cóireála dramhaíola malartacha agus nach bhfuil siad bunaithe ar chostais líonta talún, atá i measc na trí cinn is daoire sna tíortha tagarmharcáilte.
- Tá gá le comhordú a dhéanamh ar phleananna bainistíochta dramhaíola réigiúnacha ag an leibhéal náisiúnta chun infheistíocht sa bhonneagar dramhaíola a mhealladh ar

bhealach a dhéanann barainneachtaí mórscála agus iomaíocht a uasmhéadú, agus a chuireann ar chumas an mhargaidh an leas a chur ar aghaidh chuig gnólachtaí agus teaghlaigh.

Seo a leanas roinnt den bhonneagar bainistíochta dramhaíola sonrach a bhfuil sé mar thosaíocht iad a fhorbairt:

- Acmhainneacht cóireála teirmí chun fuinneamh a aisghabháil ó dhramhaíl chathrach agus thionsclaíoch;
- Acmhainneacht cóireála teirmí nó líonta talún le haghaidh dramhaíl ghuaiseach;
- Cóireáil bhitheolaíoch (múiríniú, díleá anaeróbach) ar fud na hÉireann; agus
- Acmhainneacht athphróiseála d'ábhair a aisghabhtar (m.sh. ábhar athchúrsáilte páipéir, gloine agus plaisteach).

In ainneoin gur cuireadh an tAthbhreithniú Idirnáisiúnta ar Bhainistíocht Dramhaíola i gcrích don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, níl cinnteacht sa mhargadh bainistíochta dramhaíola aon cheo níos gaire. Tá imní léirithe ag Forfás nach bhfuiltear ag díriú ar cheisteanna iomaíochais i moltaí an Athbhreithnithe Idirnáisiúnta. I dtuarascáil le déanaí ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, rinneadh tagairt do na torthaí i dTuarascáil Tagarmharcála Dramhaíola Forfás agus léiríodh imní arís go bhfuil roinnt tograí san Athbhreithniú Idirnáisiúnta nach ndéanfadh iomaíochas idirnáisiúnta fhiontair na hÉireann a fheabhsú, dá nglacfaí leo.

## Comhairle Taighde agus Beartais Leanúnach d'Aonad Comhshaoil na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Leanann Forfás ar aghaidh ag cur tacaíocht taighde agus anailíse beartais ar fáil don Aonad Comhshaoil na Roinne maidir le cúrsaí beartais comhshaoil agus inbhuanaitheachta d'earnáil na fiontraíochta ag úsáid cur chuige bunaithe ar fhianaise. I measc na bpríomhréimsí beartais in 2009, bhí:

- **Seasamh na hÉireann maidir le sceitheadh carbóin a fhorbairt:** Is éard a bhí i gceist leis seo ná measúnú mionsonraithe ar na hearnálacha den tionscal a bhfuil baol ann go n-athlonnóidh siad taobh amuigh d'Éirinn agus den AE mar thoradh ar thograí an AE maidir le Scéim Trádála Astaíochtaí (STA) an AE a d'fhéadfadh roinnt tionscal san AE a chur faoi mhíbhuntáiste iomaíochta.
- **Anailís ar an Treoir Eitlíochta agus an tionchar a bheith aige ar fhiontair:** Tá treoir eitlíochta san áireamh in STA leasaithe an AE, rud a chiallaíonn, in éifeacht, go gcuimseoidh STA an AE iompróirí aerlíne uile na hÉireann. Thug Forfás faoi anailís mhionsonraithe ar an tionchar a bheidh ag an treoir seo ar fhiontair na hÉireann agus scaipeadh an páipéar seo ar na páirtithe leasmhara ábhartha. Faoi láthair, tá Forfás ag obair leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an roinn atá freagrach as an treoir seo a thrasuíomh i nDlí na hÉireann, le cinntiú go mbeidh ábhar imní na bhfiontar Éireannach san áireamh sa mheasúnú ar an tionchar rialála.
- **Beartas an AE maidir leis an modheolaíocht tagarmharcála:** Is éard a bhí i gceist leis seo ná monatóireacht leanúnach ar fhorbairtí beartais an AE maidir le ceadanna a dháileadh faoi STA an AE bunaithe ar an gcur chuige tagarmharcála (a ghlacann áit na

socruithe marthanaithe i gCéimeanna I agus II de STA an AE) agus an seasamh beartais is fearr a cheapadh chun leasa na hÉireann.

- **Beartas an AE maidir le liúntais astuithe carbóin a chur ar ceant:** Rinne Forfás monatóireacht leanúnach ar fhorbairtí beartais an AE maidir le ceadanna a chur ar ceant faoin STA agus an seasamh beartais is fearr a cheapadh chun leasa na hÉireann.

Glacann Forfás páirt i gcruinnithe Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach um Athrú Aeráide agus Slándáil Fuinnimh. Tá Forfás ina bhall buan den Ghrúpa Comhairleach Leithdháilte Náisiúnta do STA an AE atá á chomhordú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC). Tá Forfás ina bhall freisin den Ghrúpa Stiúrtha don Anailís Theicniúil tras-rannach agus de Ghrúpa tras-rannach na mBeart Polasaí Roghnaithe. Glacann Forfás páirt freisin i gCoiste Taighde um Athrú Aeráide na GCC (An Grúpa Oibre Socheacnamaíoch).

# Discover Science & Engineering

Is é Discover Science & Engineering (DSE) clár náisiúnta na hÉireann chun an eolaíocht a chur chun cinn.

Tá sé mar aidhm leis suim a mhúscailt san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic i measc daltaí, múinteoirí agus an phobail i gcoitinne.  Tá DSE á bhainistiú ag Forfás agus cruinnítear le chéile go leor gníomhaireachtaí feasachta eolaíochta agus innealtóireachta a bhí á mbainistiú ag comhlachtaí príobháideacha agus poiblí éagsúla roimhe seo.

# Discover Science & Engineering

Tá sé mar aidhm ag Discover Science & Engineering (DSE) feachtas feasachta dírithe, straitéiseach, agus inchainníochtúil a chur ar fáil. Seo a leanas cuspóirí foriomlána DSE:

- An líon daltaí agus mac léinn a dhéanann staidéar ar na heolaíochtaí fisiceacha agus matamaitic a mhéadú;
- Dearcadh dearfach a chur chun cinn maidir le slite beatha sna heolaíochtaí, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic; agus
- Tuiscint phoiblí níos fearr a bhaint amach maidir leis na heolaíochtaí fisiceacha, innealtóireacht agus matamaitic agus an luach atá acu i sochaí na hÉireann.

Chuaigh an DSE i mbun gníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas i rith 2009:

- Feasacht Ghinearálta
- Eolaíocht sa Bhunscoil
- Eolaíocht sa Mheánscoil

## Feasacht Ghinearálta

### Seachtain Eolaíochta na hÉireann

Tá Seachtain Eolaíochta na hÉireann ar cheann de na himeachtaí is mó de chuid an chláir DSE. Bhí *An Chruthaitheacht agus Nuálaíocht a Spreagadh* mar théama ag Seachtain Eolaíochta 2009 i gcomhréir le Bliain Eorpach na Cruthaitheachta is na Nuála. Cuireadh 500 imeacht ar bun ar fud na tíre i scoileanna, coláistí, ollscoileanna agus leabharlanna.

Mar chuid dá ról foriomlán mar chomhordaitheoir ar an tSeachtain Eolaíochta, cuireann DSE seónna bóthair ar fáil d'ionaid ar fud na tíre. Cuireadh breis agus 80 seó ar fáil in 2009. Reáchtáladh Sraith Léachtaí na Seachtaine Eolaíochta, a bhí dírithe go sainiúil ar dhaltaí dara leibhéal, sa Ghailearaí Eolaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. I measc na n-ábhar a bhí á bplé, bhí an Chruthaitheacht & an Nuálaíocht i nDearadh (*Design Creativity & Innovation*); Coinneáil Suas leis an Luas sa Spás (*Lasting the Pace in Space*); An Todhchaí a Bhrath (*Sensing the Future)*; agus Fuinneamh: Na Dúshláin agus na Deiseanna (*Energy: The Challenges and Opportunities*). Lean Clár na bPáirtithe Corparáideacha don tSeachtain Eolaíochta ag fás in 2009, agus ghlac cuideachtaí ó thionscail éagsúla páirt i ngníomhaíochtaí for-rochtana eolaíochta. Bhí idir chuideachtaí dúchasacha agus ilnáisiúnta páirteach sna gníomhaíochtaí seo. Tháinig siad le chéile faoi bhrat na suime atá acu in eolaíocht, innealtóireacht agus teicneolaíocht a chur chun cinn do dhaoine óga agus don phobal i gcoitinne. In ainneoin buiséad laghdaithe in 2009, leanadh le comhpháirtíochtaí straitéiseacha rathúla le roinnt féilte réigiúnacha.

### DSE Ar Líne

In 2009, lean DSE (Discover Science & Engineering) ag déanamh cumarsáide lena spriocléitheoirí trí mheán ardáin na meán sóisialta amhail Twitter, YouTube agus Bebo.

Leanann sé air ag baint leasa as na huirlisí gréasáin is úrnua agus is ábhartha chun an tairbhe is mó agus is féidir a bhaint as deiseanna chun nascadh agus idirghníomhú le daoine óga. Leanann DSE air ag tabhairt dea-shampla trí dhaoine óga agus múinteoirí a spreagadh chun leas a bhaint as TFC chun eolaíocht a fhoghlaim nó a chur in iúl, go háirithe le tionscadail ar nós SciFest.

Is féile eolaíochta aon lá í SciFest arna cómhaoiniú ag Discover Science & Engineering agus Intel. Cuirtear ar siúl í go réigiúnach sna 14 institiúid teicneolaíochta uile agus tá sí oscailte do dhaltaí dara leibhéal. Tá an fhéile dírithe ar spéis san eolaíocht a spreagadh trí chur chuige imscrúdaitheach i leith na foghlama. Cuireadh tionscnamh blagála ar a dtugtar *Project Blogger* ar fáil do dhaltaí SciFest, chomh maith le daltaí a ghlac páirt i dTaispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT, chun dialann nó blag a choimeád ar líne faoina gcuid tionscadal. Tugann an tionscnamh seo tacaíocht dóibh lena scileanna TFC a fhorbairt, lena scileanna scríbhneoireachta agus cumarsáide a fheabhsú, agus tugann sé deis dóibh comhoibriú lena chéile ar líne agus a gcuid oibre a chur i gcartlann dhigiteach.

### Discover Science Careers

Leanann Discover Science & Engineering air ag gníomhú mar phríomh-urraitheoir agus mar chomhordaitheoir ar an ábhar eolaíochta agus teicneolaíochta ar www.careersportal.ie, láithreán gréasáin Éireannach atá tiomanta do ghairmeacha, a seoladh in 2008. Tá próifílí ar an láithreán gréasáin ar na hearnálacha fostaíochta uile in Éirinn agus tá físeáin ann de roinnt eolaithe agus innealtóirí cáilithe óga ó chlár Ambasadóir Eolaíochta DSE, agus labhraíonn siad go diongbháilte faoi dhul i mbun gairme in eolaíocht, in innealtóireacht nó i dteicneolaíocht. Cruthaíodh www.MyScienceCareer.ie in 2009 chun an corpas méadaitheach d’ábhar maidir le gairmeacha beatha a athlonnú in aon láithreán tiomanta amháin. Is áis úsáideach é an láithreán seo faoi ghairmeacha beatha le haghaidh treoirchomhairleoirí, tuismitheoirí agus daltaí agus cuimsítear gach saghas ábhair ann, mar shampla próifílí eolaithe cáiliúla ó Éirinn, míniúcháin ar chineálacha gairmeacha éagsúla agus gluais de théarmaí maidir le gairmeacha.

### *Big Day Out* na Féile Pádraig

Ghlac Discover Science & Engineering páirt in *Big Day Out* na Féile Pádraig i Márta 2009. Sholáthair DSE ábhar don Chrios Eolaíochta, ina raibh seó eolaíochta chomh maith le roinnt taispeántais idirghníomhacha níos lú. Chuir an t-imeacht seo ar chumas DSE a bheith i gcaidreamh le lucht éisteachta an-éagsúil, teaghlaigh agus daoine óga agus a bpiaraí ina measc.



Taispeántas Eolaithe Óga BT

Sa phictiúr tá An Taoiseach Brian Ó Comhain, TD; Batt O'Keeffe, TD, an tIar-Aire Oideachais agus Eolaíochta agus an tAire Fiontar Trádála agus Nuálaíochta faoi láthair; agus Conor Lenihan, TD, an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta in éineacht leis na buaiteoirí ag Taispeántas Eolaithe Óga BT 2010, John D O'Callaghan (3ú ón taobh clé) agus Liam McCarthy (4ú ón taobh clé) ó Phobalscoil Chionn tSáile lena gcuid tuismitheoirí agus múinteoirí. Tá urraitheoirí an Taispeántais, Peter Brabazon ón gclár DSE ina measc, sa phictiúr freisin.

### Taispeántas Eolaithe Óga BT

Tá DSE ina Urraitheoir Ór ar Thaispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT a bhíonn ar siúl gach bliain i mí Eanáir.  Tugadh faoin obair le haghaidh taispeántas 2010 sa dara leath de 2009 chun an seastán *Discover Sport* a ullmhú, a tharraing aird ar roinnt de na bealaí éagsúla ina bhfuil nasc idir an eolaíocht agus an innealtóireacht agus roinnt de na spóirt is mó éilimh amhail rásaíocht Fhoirmle 1, rugbaí, anailís ar fheidhmíocht daonna agus braiteoirí i spórt.  I measc na bpáirtithe a bhí againn don imeacht seo bhí STEPS to Engineering, T4 – the Technology Subjects Support Service, an Scoil Sláinte agus Feidhmíochta Daonna in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Clarity, Adidas agus Oiliúint Éireann.

## Eolaíocht sa Bhunscoil

### Discover Primary Science

Bhí an clár *Discover Primary Science* (DPS) gníomhach i mbreis agus 3,000 bunscoil in 2009, rud is ionann agus 90 faoin gcéad de na bunscoileanna náisiúnta go léir. Tá 4,502 múinteoirí cláraithe anois chun páirt a ghlacadh in DPS.  Oibríonn an clár go díreach le múinteoirí agus daltaí chun scileanna eolaíochta a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí idirghníomhacha bunaithe ar eolaíocht.  Chuir DPS oiliúint uile-scoile i gcrích le linn na bliana acadúla reatha agus cuireadh oiliúint ar bhreis agus 700 múinteoirí nua.

Tugtar cuireadh do dhaltaí bunscoile tionscadail a chur isteach ar na Dámhachtainí um Fheabhas san Eolaíocht.  Fuarthas iarratais ó 512 scoil ar Dhámhachtainí 2009.  Do bhliain acadúil 2009/2010, athraíodh na critéir do na Dámhachtainí um Fheabhas san Eolaíocht chun cuimsiú na matamaitice sa chlár a léiriú.  Chomhoibrigh DPS le Coláiste Oiliúna Múinteoirí Froebel freisin chun modúl eolaíochta roghnach a sheoladh le haghaidh oideachas múinteoirí. Tháinig deireadh leis an staidéar píolótach seo i Márta 2010.



Dámhachtainí um Fheabhas san Eolaíocht agus sa Mhatamaitic

Sa phictiúr tá daltaí ó rang 4 Kelsey Muresan (11) agus Jessica Boylan (10) leis an Aire Conor Lenihan TD, an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta ag Scoil Náisiúnta Shráid Ghairdinéir i mBaile Átha Cliath ag seoladh Dámhachtainí Discover Science and Engineering um Fheabhas san Eolaíocht agus sa Mhatamaitic 2010.

### Greenwave

Tá an tionscadal Greenwave dírithe ar leanaí bunscoile agus is é a bhíonn i gceist leis ná breathnóireacht agus taifeadadh a dhéanamh ar theacht speiceas éagsúil go hÉireann i rith an Earraigh agus ar bhachlú na gcrann cnó capaill agus na sceach geal. Déanann bunscoileanna ar fud na tíre a gcuid breathnóireachta a thaifeadadh ar líne ag www.greenwave.ie. In 2009 chuimsigh an tionscadal tomhas fisiceach báistí agus tugadh treoracha do gach scoil le míniú dóibh conas a méadar báistí féin a dhéanamh. Leanfaidh Greenwave 2010 le téama an tomhais fhisicigh agus tógfaidh na scoileanna rannpháirteacha uile a n-ainéimiméadar féin chun luas na gaoithe a thomhas ina gceantar áitiúil. In 2010 leanfaidh ár bpáirtí, Met Éireann, air ag tabhairt tacaíochta don tionscadal. Ciallóidh comhoibriú idirnáisiúnta faoi chlár arna mhaoiniú ag an AE go dtabharfar Greenwave chuig scoileanna i suas le 24 tír Eorpacha níos déanaí i mbliana.

## Eolaíocht sa Mheánscoil

### Discover Sensors

Tacaíonn an clár Discover Sensors le húsáid na teicneolaíochta braiteora in imscrúduithe eolaíochta teagmhálacha le daltaí eolaíochta an Teastais Shóisearaigh. Tugann an tionscadal taithí do dhaltaí ar eolaíocht iarbhír sa seomra ranga trí thacú leis an gcur chuige imscrúdaitheach arna chur chun cinn i siollabas eolaíochta an Teastais Shóisearaigh. I measc na bpáirtithe a bhí ag DSE sa tionscadal seo bhí an tSeirbhís Tacaíochta don Dara Leibhéal (SLSS), an Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas (NCTE), an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA), na hionaid oideachais réigiúnacha agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann.

Thosaigh an tionscadal le treoirscéim inar ghlac 90 múinteoirí ó 45 scoil ar fud na hÉireann páirt in 2006/2007. Tá an tionscadal tar éis fás agus forbairt ó shin, bunaithe ar aiseolas, ar mheasúnú agus ar thagarmharcáil i gcoinne dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Tá cohórt de 25 éascaitheoirí ag an gclár Discover Sensors ar múinteoirí eolaíochta iad den chuid is mó. D'oibrigh na héascaitheoirí seo lenár bpáirtithe tionscadail agus lenár gcomhairleoirí oideachais chun creat múinte agus foghlama atá bunaithe ar fhiosruithe a fhorbairt agus a aontú. Tá an creat seo ina phríomhfhócas dár mbabhta reatha de sheisiúin oiliúna i scoileanna. Léiríonn ár n-éascaitheoirí an chaoi a n-úsáideann siad an cur chuige seo lena gcuid daltaí chun tacú leis an gcur chuige imscrúdaitheach. Ghlac beagnach 500 múinteoirí eolaíochta don Teastas Sóisearach páirt ann go dtí seo.

Le haghaidh múinteoirí, glacann Discover Sensors cur chuige cumaiscthe maidir le forbairt ghairmiúil agus tá an rannóg do mhúinteoirí ar www.discoversensors.ie ina cuid lárnach den tionscadal. Comhoibríonn múinteoirí lena chéile tríd an bhfóram agus déanann siad tuairimí a mhalartú.

### Project Blogger

Leanadh le huirlis Project Blogger DSE, www.projectblogger.ie, a fhorbairt in 2009. Is féidir le daltaí úsáid a bhaint as an uirlis chun a mblaganna eolaíochta féin a chruthú inar féidir leo a gcuid taithí ar eolaíocht a roinnt nó tuairisciú ar thionscadail faoi leith. Is féidir leis na daltaí a roghnú cé lena roinneann siad a gcuid blaganna, laistigh nó lasmuigh dá scoil féin. D'fhéadfadh Project Blogger a bheith úsáideach go háirithe le haghaidh comhthionscadal, amhail tionscadail SciFest nó tionscadail do Thaispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT, agus cuireann sé ar chumas múinteoirí cúnamh a thabhairt maidir le tionscadail agus tráchtanna a dhéanamh orthu ar líne. Féadfar leas a bhaint as Project Blogger freisin chun físeáin, íomhánna, pictiúir, graif agus smaointe a bhaineann le tionscadail eolaíochta a bhailiú agus a stóráil in áit amháin.

### Seoladh na hOifige Eorpaí um Acmhainní Oideachais Spáis (ESERO) in Éirinn

I Samhain 2009, sheol Conor Lenihan TD, an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, an Oifig Eorpach um Acmhainní Oideachais Spáis arna tacú ag Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) chun staidéar níos leithne ar eolaíocht a chur chun cinn agus spás á úsáid mar théama i scoileanna. Tá DSE ag dul i bpáirtíocht le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa chun an Oifig Eorpach um Acmhainní Oideachais Spáis (ESERO) a chur ar bun in Éirinn.

Tá an ESERO bunaithe in DSE agus cuirfidh sí gníomhaíochtaí agus ábhair oideachasúla ar fáil a chabhróidh chun suim daoine óga san eolaíocht a mhúscailt trí bhreathnóireacht ar spás agus spástaiscéalaíocht a úsáid mar théama mealltach. Léiríonn an Oifig Eorpach um Acmhainní Oideachais Spáis nuabhunaithe rannpháirtíocht mhéadaitheach na hÉireann sa tionscal spáis. Tá Éire mar an cúigiú tír san Eoraip a chuir Oifig Eorpach um Acmhainní Oideachais Spáis ar bun.

# Seirbhísí Corparáideacha Roinnte

Cuireann Forfás seirbhísí láraithe ar fáil do IDA Ireland, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Oifig Phríomh-Chomhairleoir Eolaíochta an Rialtais i réimsí ina ndéanann Forfás an láimhseáil is éifeachtaí agus is éifeachtúla ar ghníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí nó ina gcuireann dualgais Forfás mar fhostóir dlíthiúil foirne sna gníomhaireachtaí iallach air comhordú agus/nó bainistiú lárnach a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí seo. Cuimsíonn sé seo gnéithe de sheirbhísí airgeadais agus cuntasaíochta; acmhainní daonna; pinsin; bainistíocht maoine agus áiseanna; agus bainistíocht líonra Saorála Faisnéise do na gníomhaireachtaí fiontraíochta agus do roinnt comhlachtaí poiblí eile.

# Seirbhísí Corparáideacha Roinnte

### Pinsin, Pá agus Caidreamh Foirne

Mar fhostóir dlíthiúil foirne ar fud na ngníomhaireachtaí forbartha, déanann Forfás bainistiú lárnach ar scéimeanna pinsean Forfás féin agus na heagraíochtaí a tháinig roimhe (an tÚdarás Forbartha Tionscail, Eolas, an Bord Náisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta, an Bord Tráchtála agus Comhairle Earraí na hÉireann), ar na dualgais chomhlíonta pinsean ghaolmhara, agus ar na scéimeanna árachais agus sochair foirne bhainteacha. Déanann Forfás bainistiú lárnach ar fhiosruithe pinsin áirithe ó bhaill foirne ar fud na ngníomhaireachtaí, déanann sé cúrsaí a bhaineann le pinsin a riar le haghaidh thart ar 1050 pinsinéirí chomh maith lena dtaifid ghaolmhara agus taifid agus fiosruithe ó thart ar 510 iarfhostaithe a bhfuil sochair pinsean iarchurtha acu.

Chomh maith leis sin eagraíonn Forfás, tríd an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, faomhadh lárnach ar athruithe i scálaí pá do ghráid atá in úsáid ar fud na ngníomhaireachtaí; déantar comhordú ar théarmaí ginearálta conarthaí fostaíochta atá in úsáid ar fud na ngníomhaireachtaí; agus déanann sé comhordú freisin ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar fhoirne i ngníomhaireachtaí éagsúla.

### Bainistíocht Áiseanna agus Maoine

Tá ceannléasanna iarfhoirgnimh cheanncheathrún an Údaráis Fhorbartha Tionscail, Teach Pháirc Wilton san áireamh, i seilbh Forfás. I dTeach Pháirc Wilton, forálann Forfás do sholáthar agus bhainistiú lárnach áiseanna, glanadh, cúiréirí, taisteal, teileachumarsáid, lónadóireacht, slándáil, soláthar agus stóráil stáiseanóireachta agus earraí gaolmhara le haghaidh IDA Ireland agus Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Tá Forfás freagrach freisin as bainistiú maoine Theach Pháirc Wilton lena n-áirítear athbhreithnithe cíosa, idirchaidreamh le tionóntaí, toiliú ó thiarnaí talún srl. San áireamh ar a chuid gníomhaíochtaí in 2009 bhí athlonnú Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann go Teach Pháirc Wilton agus athbhreithnithe cíosa ar roinnt foirgneamh. Tugadh faoi oibreacha suntasacha chun éifeachtacht fuinnimh a uasghrádú i dTeach Pháirc Wilton le linn na bliana freisin.

Soláthraíonn Forfás áiseanna agus seirbhísí bainistíochta maoine do Theach Carrisbrook agus do Theach Knockmaun, a raibh siad araon ar léas ag an iar-Údarás Forbartha Tionscadail tráth.

### Airgeadas agus Cuntasaíocht

I réimse an airgeadais agus na cuntasaíochta, cuireann Forfás seirbhísí roinnte ar fáil do ghníomhaireachtaí lena n-áirítear comhordú tuairisceán CBL; comhordú an chórais Ioncam ar Líne (ROS); gnéithe áirithe den phárolla agus íocaíochtaí eile ar son na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí, párolla ar son Fhondúireacht Eolaíochta Éireann; íocaíocht le thart ar 1050 pinsinéirí ó ghníomhaireachtaí éagsúla; comhordú a dhéanamh ar bhailiú na ranníocaíochtaí pinsean ó na gníomhaireachtaí éagsúla (maoinithe agus neamh-mhaoinithe); comhlíonadh dualgas cuntasaíochta FRS 17 i Ráitis Airgeadais Bhliantúla Forfás don ghrúpa; agus táillí maoine agus táillí a bhaineann le háiseanna i dTeach Pháirc Wilton a íoc agus a aisghabháil ó ghníomhaireachtaí eile agus ó thionóntaí.

Tháinig iomlán na bpinsean a íocadh in 2009 go €35 milliún. Maoiníodh é seo le Deontas ón Oireachtas, ranníocaíochtaí fostaithe chuig scéimeanna neamh-mhaoinithe agus ciste pinsean an iar-Údaráis Fhorbartha Tionscail. Ag deireadh 2009 aistríodh ciste pinsean an iar-Údaráis

Fhorbartha Tionscail agus ciste pinsean Chomhairle Earraí na hÉireann go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean faoin Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009. Faoin reachtaíocht seo, comhlíonfar na sochair faoin dá scéim seo go díreach ón Státchiste ón 1 Eanáir 2010 ar aghaidh.

### Árachais

Déanann Forfás comhordú ar sholáthar tras-ghníomhaireachta d'árachais ghinearálta le haghaidh Forfás, IDA Ireland, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, agus Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann. Tá an cur chuige roinnte seo tar éis luach maith ar airgead a thabhairt do na gníomhaireachtaí lena mbaineann thar na blianta.

### Seirbhísí Fáiltithe/Teileafónaí

Cuireann Forfás seirbhísí fáiltithe ar fáil i dTeach Pháirc Wilton do IDA Ireland, d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, d'Fhuinneamh Inbhuanaithe Éireann agus d'Oifig Phríomh-Chomhairleoir Eolaíochta an Rialtais. Cuireann Forfás seirbhís teileafónaí láraithe ar fáil chomh maith do IDA Ireland, d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus d'Oifig Phríomh-Chomhairleoir Eolaíochta an Rialtais.

### Líonra Saorála Faisnéise

Bainistíonn Forfás seirbhís faisnéise agus comhairle maidir leis an líonra saorála faisnéise le haghaidh 17 n-eagraíocht ar son na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Is iad seo a leanas na heagraíochtaí atá sa líonra sin:

- Forfás
- IDA Ireland
- Fiontraíocht Éireann
- Fondúireacht Eolaíochta Éireann
- Forbairt Shionainne
- FÁS
- Skillnets Limited
- An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí
- Comhairle Cheardaíochta na hÉireann
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Údarás na Gaeltachta
- Fáilte Éireann
- An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais
- An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
- An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
- An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann
- Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

# Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB)

Tá ról tábhachtach ag creidiúnú i gcinntiú go mbíonn rochtain ag táirgí agus seirbhísí Éireannacha ar mhargaí an AE agus ar mhargaí domhanda araon. Tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh ar chreidiúnú le déanaí de réir mar a leanann rialaitheoirí náisiúnta ag brath ar mheasúnú comhréireachta mar mheicníocht chun tacú le forfheidhmiú reachtaíochta agus chun inniúlacht a dheimhniú. Is rannán de Forfás é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú. Is é an t-aon sínitheoir in Éirinn do na comhaontuithe iltaobhacha don Eoraip trí Chomhoibriú Creidiúnaithe na hEorpa (EA) agus ar fud an domhain trí Chomhoibriú Creidiúnaithe Saotharlainne Idirnáisiúnta (ILAC) agus an Fóram Creidiúnaithe Idirnáisiúnta (IAF).

## Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB)

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) comhlacht náisiúnta na hÉireann laistigh de líonra Eorpach de chomhlachtaí creidiúnaithe agus is Rannán de Forfás é. Déanann INAB measúnú ar chomhlachtaí deimhniúcháin, ar shaotharlanna agus ar chomhlachtaí cigireachta ó thaobh comhréireachta de, in aghaidh caighdeán atá comhchuibhithe go hidirnáisiúnta lena ndeimhnítear go léiríonn na comhlachtaí seo inniúlacht agus cumas feidhmíochta agus a gcuid oibre á déanamh acu.

Toisc go bhfuil INAB ina bhall de chomhaontuithe idirnáisiúnta, cinntítear go nglactar ar fud an domhain le teastais dheimhnithe agus torthaí scrúduithe arna ndéanamh in Éirinn, rud a laghdaíonn na bacainní teicniúla ar thrádáil idirnáisiúnta. Is sínitheoir é INAB do na comhaontuithe iltaobhacha don Eoraip trí Chomhoibriú Creidiúnaithe na hEorpa (EA) agus ar fud an domhain trí Chomhoibriú Creidiúnaithe Saotharlainne Idirnáisiúnta (ILAC) agus an Fóram Creidiúnaithe Idirnáisiúnta (IAF).

## Feidhmeanna Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB)

Tá cúig fheidhm ar leith ag INAB, agus comhlíontar gach ceann acu de réir caighdeáin agus / nó rialacháin shonracha Eorpacha agus idirnáisiúnta.

- Creidiúnú do Shaotharlanna
- Creidiúnú do Chomhlachtaí Deimhniúcháin
- Creidiúnú do Chomhlachtaí Cigireachta
- Dea-chleachtas Saotharlainne
- An Comhlacht Inniúil Náisiúnta le haghaidh Scéim um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht (EMAS) an AE

### Creidiúnú do Shaotharlanna

#### Tástáil agus Calabrú do ISO/IEC 17025:2005

Má bhronnann INAB creidiúnú ISO/IEC 17025:2005 ar shaotharlann tugann sé aitheantas foirmiúil ar inniúlacht na saotharlainne sin chun tástálacha sainiúla a dhéanamh. Le linn 2009, rinne INAB 118 iniúchadh ar an láithreán de shaotharlann creidiúnaithe/iarrthóirí laistigh den Chlár um Chreidiúnú Saotharlann agus mar thoradh ar sin coimeádadh 94 creidiúnú saotharlainne; bronnadh creidiúnú ar 8 saotharlann nua; agus bronnadh síntí scóipe thar raon disciplíní.

#### Creidiúnú do Shaotharlanna Míochaine do ISO/IEC 15189:2007

Choimeád INAB cúig chreidiúnú saotharlann mhíochaine don chaighdeán idirnáisiúnta ISO/IEC 15189:2007 le linn 2009. Sa bhreis ar sin, agus iad ag leanúint orthu ag tacú le riachtanais na Roinne Sláinte agus Leanaí agus Bhord Leigheasra na hÉireann maidir le creidiúnú ISO 15189 san earnáil sláinte, mar thoradh ar reachtaíocht náisiúnta do shaotharlanna míochaine agus ar fhorbairtí i gcreidiúnú seirbhísí ospidéil go ginearálta, rinne INAB 79 iniúchadh ar an láithreán

d'eagraíochtaí creidiúnaithe agus eagraíochtaí iarrthóirí agus bhronn sé creidiúnú ISO/IEC 15189:2007 ar 34 saotharlann ospidéil in 2009.

Fuair INAB 34 iarratas eile ar chreidiúnú ón earnáil seo le linn 2009 freisin agus mar sin tá sé fós mar an réimse is mó fáis ó thaobh éileamh ar chreidiúnú de.

### Creidiúnú do Chomhlachtaí Deimhniúcháin

Bronnann INAB creidiúnú ar chomhlachtaí deimhniúcháin a dhéanann táirgí a dheimhniú, córais bainistíochta a dheimhniú agus daoine a dheimhniú. Bronnann sé creidiúnú ar chomhlachtaí deimhniúcháin maidir le deimhniú córas bainistíochta comhshaoil (EMS) go EMAS - Scéim um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht an AE.

Ansin bronnann na comhlachtaí deimhniúcháin seo deimhniú ar eagraíochtaí go sraith caighdeán ISO 9000 (córais bainistíochta cáilíochta); go ISO 14001 (córais bainistíochta comhshaoil); go EN 16001:2009 (córais bainistíochta fuinnimh); go ISO 27001 (bainistíocht slándála faisnéise); agus déanann siad táirgí agus daoine a dheimhniú; agus fíoraíonn siad astaíochtaí gáis cheaptha teasa faoi chreidiúnú INAB.

Rinne INAB 47 iniúchadh ar an láithreán de chomhlachtaí deimhniúcháin creidiúnaithe/iarrthóirí le linn 2009.

### Scéim um Thrádáil Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa

Bhunaigh INAB clár creidiúnaithe, i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), agus chuir sé i bhfeidhm é in 2006 chun tacú le forfheidhmiú scéim an AE um thrádáil astaíochtaí gáis cheaptha teasa atá leagtha amach sa Treoir Eorpach 2003/87/CE. Cuireann an Treoir seo na gealltanais a bunaíodh faoi Phrótacal Kiótó san áireamh agus soláthraíonn an scéim creidiúnaithe uirlis úsáideach do thionscal Éireannach agus don rialaitheoir chun comhlíonadh na Treorach a fhíorú. Rinneadh leasú ar an Treoir um Thrádáil Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa (2003/101/CE) i Samhain 2008 chun gníomhaíochtaí eitlíochta a chuimsiú sa scéim um thrádáil ceadúnais astaíochtaí gáis cheaptha teasa laistigh den AE. Tháinig an Treoir 'Eitlíochta' nua seo (2008/101/CE) i bhfeidhm i bhFeabhra 2009.

Cuireann an Treoir Eitlíochta dualgas ar oibreoirí (AE agus neamh-AE) aerárthaí le sciatháin dhobhogtha nó sciatháin rothlacha os cionn 5,700 kg (12,566 punt) a eitlíonn go dtí tíortha an AE nó amach uathu chun páirt a ghlacadh i Scéim um Thrádáil Astaíochtaí an AE a thosóidh in 2012.

Thosaigh riachtanais chomhlíonta eile le haghaidh oibreoirí eitlíochta in 2009 agus mar sin tá oibreoirí eitlíochta tar éis pleananna monatóireachta agus tuairiscithe a chur isteach chuig an GCC. Ní mór tuarascálacha fíoraithe maidir le hastaíochtaí a chur isteach chuig an GCC roimh an 31 Márta 2011.

Is é an GCC an t-údarás inniúil ainmnithe chun an Treoir a chur i bhfeidhm in Éirinn. Leanann INAB de bheith mar an comhlacht creidiúnaithe atá freagrach as fíoraitheoirí a chreidiúnú chun fíorú a dhéanamh ar na tuarascálacha astaíochtaí de réir na reachtaíochta ábhartha.

### Deimhniú Córais Bhainistíochta

Tugadh an Caighdeán Eorpach um Chórais Bhainistíochta Fuinnimh, EN16001 isteach in 2009 agus rinne INAB bainistiú ar aistriú a thrí chomhlacht deimhniúcháin creidiúnaithe chun

deimhniú cuideachtaí Éireannacha i leith an chaighdeáin seo a chumasú. Is uirlis é an Caighdeán Bainistíochta Fuinnimh seo a chuireann ar chumas eagraíochtaí cur chuige córasach a ghlacadh i leith fheabhsú leanúnach an fheidhmithe fuinnimh le laghdú iarmhartach i gcostais fuinnimh. Táthar ag súil go bhfásfaidh an caighdeán córas seo ina chaighdeán idirnáisiúnta um chórais bhainistíochta fuinnimh in 2010.

Sa bhreis ar sin, choinnigh INAB comhlacht deimhniúcháin mar sholáthraí seirbhíse deimhniúcháin don scéim creidiúnaithe ríomhthráchtála i dtaca le Treoir an AE ar ríomhthráchtáil. Choinnigh INAB ceithre chomhlacht deimhniúcháin eile in 2009 freisin chun córais bhainistíochta cáilíochta a dheimhniú, agus dhá chomhlacht deimhniúcháin chun córais bhainistíochta comhshaoil a dheimhniú.

### Deimhniú Táirgí

Leanann deimhniú táirgí bia de bheith ina réimse fáis shuntasaigh a bhfuil tábhacht náisiúnta a baint leis. Cuireann miondíoltóirí bia na Breataine dualgas ar tháirgeoirí bia Éireannacha ag soláthar táirgí do mhargadh an RA a gcuid táirgí bia a bheith deimhnithe faoi réir shonraíocht an British Retail Consortium (BRC). Chomh maith leis sin cuireann miondíoltóirí bia dualgas ar tháirgeoirí bia Éireannacha ag soláthar táirgí do mhargaí idirnáisiúnta a gcuid táirgí bia a bheith deimhnithe le riachtanais EUREPGAP/GLOBALGAP a chomhlíonadh.

In 2009, choinnigh INAB do dhá comhlacht deimhniúcháin, agus svíníodh an creidiúnú dóibh, a dhéanann scéimeanna deimhnithe cáilíochta bia a sholáthar le haghaidh táirgí bia de réir riachtanas idirnáisiúnta, chomh maith le scéimeanna náisiúnta deimhnithe cáilíochta bia, amhail scéimeanna Bhord Bia agus Bhord Iascaigh Mhara. Leanfaidh deimhniú táirgí bia ar aghaidh mar réimse fáis don INAB amach anseo.

Shainigh an Roinn Talmhaíochta agus Bia creidiúnú INAB maidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta orgánacha in Éirinn a dheimhniú, de réir Threoir an AE ar Fheirmeoireacht Orgánach. Bhronn INAB deimhniú ar chomhlacht deimhniúcháin amháin don scéim seo in 2009 agus tá an dara hiarrthóir á phróiseáil aige faoi láthair.

### Creidiúnú do Chomhlachtaí Cigireachta

Bronnann INAB creidiúnú ar chomhlachtaí a gcuimsítear ina gcuid oibre iniúchadh ar ábhair, táirgí, suiteálacha, monarchana, próisis, nósanna imeachta oibre nó seirbhísí agus a gcomhréireacht le riachtanais a aimsiú agus tuairisciú ina dhiaidh sin ar thorthaí na ngníomhaíochtaí sin. Choinnigh an INAB na naoi gcreidiúnú do chomhlachtaí cigireachta sa chóras in 2009. Bronnadh síntí ar scóip chomhlachtaí cigireachta creidiúnaithe i réimsí na n-iniúchtaí bia agus innealtóireachta.

Rinne INAB 15 iniúchadh ar an láithreán ar chomhlachtaí cigireachta creidiúnaithe/iarrthóirí le linn 2009.

### Dea-chleachtas Saotharlainne

Is é INAB an t-údarás monatóireachta náisiúnta chun iniúchadh agus fíorú a dhéanamh ar Dhea-chleachtas Saotharlainne faoi I.R. Uimh. 4 de na Rialacháin (GLP) ó na Comhphobail Eorpacha 1991. Ag deireadh 2008 bhí Ráitis Chomhlíonta GLP faoin gclár seo ag ceithre shaoráid tástála. Rinneadh dhá iniúchadh ar an láithreán ar shaoráidí GLP comhlíontacha in 2009.

### Comhlacht Inniúil Náisiúnta le haghaidh EMAS

Tá INAB ina chomhlacht inniúil sainithe in Éirinn maidir le clárú láithreán a ghlacann páirt i Scéim um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht (EMAS) an AE. Le linn 2009, choinnigh INAB seacht n-eagraíocht atá cláraithe le EMAS, a rinne fíoraitheoirí creidiúnaithe EMAS a gcuid córas bainistíochta comhshaoil a fhíorú de réir na Scéime um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht atá leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Fuair INAB iarratas amháin ar chlárú don scéim seo in 2009.

## Rialachán 765/2008

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa tar éis Rialachán AE (765/08) a aontú a sholáthróidh creat dlíthiúil, den chéad uair, chun seirbhísí creidiúnaithe a sholáthar ar fud na hEorpa. Leagann an Rialachán amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus faireachán margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú. Glacadh go foirmiúil leis an Rialachán an 9 Iúil 2008, agus tá feidhm aige ón 1 Eanáir 2010. Baineann sé le creidiúnú saotharlann, comhlachtaí cigireachta agus comhlachtaí deimhniúcháin a chuireann seirbhísí measúnaithe comhréireachta creidiúnaithe ar fáil ar bhonn deonach nó mar thaca le reachtaíocht. Leagtar amach ann na hoibleagáidí le haghaidh ballstát, comhlachtaí measúnaithe comhréireachta, comhlachtaí creidiúnaithe agus chomhoibriú Creidiúnaithe na hEorpa (EA).

Cuireann an Rialachán dualgas ar bhallstáit creidiúnú a aithint mar an modh roghnaithe chun inniúlacht comhlachtaí measúnaithe comhréireachta a léiriú. Cuirfidh an chreat dlíthiúil maidir le seirbhísí creidiúnaithe a bunaíodh leis an Rialachán seo feabhas ar an muinín i measúnú comhréireachta agus spreagfaidh sí aitheantas frithpháirteach do theastas agus thorthaí measúnuithe comhréireachta.

## Comhaontuithe Iltaobhacha

Choinnigh INAB a bhallraíocht de na comhaontuithe iltaobhacha don Eoraip trí chomhoibriú Creidiúnaithe na hEorpa (EA) agus ar fud an domhain trí Chomhoibriú Creidiúnaithe Saotharlainne Idirnáisiúnta (ILAC) agus an Fóram Creidiúnaithe Idirnáisiúnta (IAF).

## Feasacht ar Chreidiúnú

D'fhan feasacht ar chreidiúnú agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara ina dtosaíochtaí le linn 2009. Rinneadh dhá eagrán de nuachtlitir INAB a tháirgeadh agus a dháileadh in 2009 agus lean INAB air ag cur feabhais ar ábhar a láithreáin gréasáin. Rinne INAB trí shuirbhé in 2009, agus bhí dhá cheann díobh dírithe ar chliaint agus bhí an ceann eile le haghaidh measúnóirí INAB go sainiúil.

# Baill Bhord INAB 2009

| | |
|---|---|
|  | **Tom O'Neill, Cathaoirleach[2]**<br>**Ceannaire Láithreáin, Pfizer, An tOileán Beag** |

| | |
|---|---|
| Michael Maloney[3] | Stiúrthóir Gairneoireachta, Leas-Chathaoirleach, An Bord Bia |
| An Dr Andrew Hodgson,[4] | Haemaiteolaí Comhairleach, Ospidéal Ginearálta Shligigh |
| An Dr Nuala Bannon | Cigire, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil |
| Martin O'Halloran | Príomhfheidhmeannach, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Vagn Anderson | Bainisteoir Gnóthaí Idirnáisiúnta, Comhlacht Creidiúnaithe na Danmhairge (DANAK) |
| Pat O'Mahony | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Bord Leigheasra na hÉireann |
| John Shine[5] | An Stiúrthóir um Chleachtais Tomhaltóirí, An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí |
| An tOllamh Alan Reilly[6] | Príomhfheidhmeannach, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann |
| Dermot Hayes[7] | Ceimiceoir Stáit, an tSaotharlann Stáit |
| Tom Dempsey | Iar-Bhainisteoir INAB |
| An Dr Adrienne Duff | (de bhrí oifige) Bainisteoir INAB |

2 Ceapadh Tom O'Neill ina Chathaoirleach ar INAB i ndiaidh don Dr Máire C. Walsh imeacht ar scor in 2009

3 Ceapadh Michael Moloney ina Leas-Chathaoirleach in Iúil 2009

4 D'imigh an Dr Fiona Kenny ar scor ó Bhord INAB in Iúil 2009 agus tháinig an Dr Andrew Hodgson ina háit

5 Ceapadh John Shine go Bord INAB in Iúil 2009

6 Ceapadh an tOllamh Reilly go Bord INAB in Eanáir 2010

7 Ceapadh Dermot Hayes go Bord INAB in Eanáir 2010

D'imigh an Dr John O'Brien ar scor ó Bhord INAB i Meán Fómhair 2009

# Rialachas Corparáideach

# Rialachas Corparáideach

Bunaíodh Forfás faoin Acht um Fhorbairt Tionscail 1993 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha na nAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 go dtí 2008 agus faoi choimirce an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá Forfás tar éis nósanna imeachta a chur ar bun lena chinntiú go gcomhlíonfar na sainriachtanais seo a leanas:

## An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

De réir fhorálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, soláthraíonn Baill Bhord Forfás ráiteas faoi leasanna gach bliain don Rúnaí agus cuirtear cóipeanna ar fáil do Rúnaí an Choimisiúin, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

Chomh maith leis sin, cloíonn baill foirne Forfás a bhfuil poist ainmnithe acu leis an dá Acht.

## Saoráil Faisnéise (SF)

Le héifeacht ó Eanáir 2001, tá Forfás clúdaithe faoi fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Bunaíodh trí cheart reachtúla leis na hAchtanna seo:

- Ceart dlíthiúil do gach duine chun rochtain a fháil ar fhaisnéis atá ag comhlachtaí poiblí;
- Ceart dlíthiúil do gach duine faisnéis atá ag comhlacht poiblí maidir leis/léi a bheith leasaithe má tá sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- Ceart dlíthiúil chun cúiseanna le cinntí arna nglacadh ag comhlacht poiblí a théann i bhfeidhm air/uirthi a fháil amach.

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá Forfás tiomanta do bheartas de chomhdheiseanna agus glacann sé cur chuige dearfach maidir le comhionannas san eagraíocht.

Feidhmímid roinnt scéimeanna, a thugann roghanna don fhoireann maidir lena gcuid riachtanas gairme agus pearsanta a chomhlíonadh, ar nós poist a roinnt, saoire staidéir, cláir oideachais agus sosanna gairme.

Cloíonn Forfás lena oibleagáidí reachtúla faoi na hAchtanna um Chomhionannas 1998 agus 2004. Tá beartas ar Chosaint na Dínite san Ionad Oibre i bhfeidhm agus cuireadh in iúl don fhoireann go léir é.

## An tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988

Chuir Forfás struchtúir chomhairliúcháin Fo-Bhoird ar bun chun tacú le cumarsáid agus struchtúr comhairleach na heagraíochta. Chuir an lucht bainistíochta agus an fhoireann araon fáilte roimh an bhFóram Comhpháirtíochta mar phróiseas dearfach.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus Rialacháin an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta) 2007, tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag Forfás a chuimsíonn na gnéithe a théann i bhfeidhm ar leas na foirne agus na gcuairteoirí. Déantar an doiciméad seo a nuashonrú ar bhonn leanúnach.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 mar a leasaíodh le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

**Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 (an tAcht), a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.**

Tá cleachtais íocaíochta Forfás, de réir mar a éilítear san Acht, tuairiscithe thíos don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.

1. Tá sé mar bheartas ag Forfás a chinntiú go ndéantar na sonraisc uile a íoc go pras. Tá nósanna imeachta sainiúla ar bun a chuireann ar a chumas na sonraisc uile a rianú agus a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí roimh an spriocdháta. Déantar sonraisc a chlárú gach lá agus déantar íocaíochtaí a eisiúint de réir mar is gá chun comhlíonadh tráthúil a chinntiú.
2. Cuimsítear sa chóras rialaithe inmheánaigh na rialuithe agus nósanna imeachta a mheastar a bheith riachtanach chun comhlíonadh an Achta a chinntiú. Cuimsítear rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaire i gcóras rialaithe inmheánaigh na heagraíochta atá deartha lena chinntiú go ndéanfar sonraisc agus conarthaí a aithint le haghaidh íocaíochta laistigh de na dátaí íocaíochta ordaithe arna sainiú san Acht. Tá na rialuithe seo deartha chun dearbhú réasúnta, agus ní iomlán, a sholáthar i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta. Cuireann Roinn na gCuntas tuarascáil ar fáil ina n-aithnítear sonraisc gan íoc agus déantar athbhreithniú ar an tuarascáil seo go rialta.

Tá an lucht bainistíochta sásta gur chlóigh Forfás le forálacha an Achta i ngach gné ábhartha.

Ní raibh aon fhorbairtí ábhartha ón 1 Eanáir 2010.

## Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009

I ndiaidh an athbhreithnithe ar an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2009, rinne Forfás athbhreithniú ar a nósanna imeachta lena chinntiú go bhfuil sé ag cloí le forálacha an Chóid Athbhreithnithe.

### Nochtadh Leasanna Bhaill an Bhoird

De réir an Chóid Chleachtais Athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009, ní mór do Bhaill Bhord Forfás, nuair a cheaptar don Bhord iad agus le linn a dtréimhse in oifig, sonraí a sholáthar faoi leasanna a d’fhéadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist leo nó a d’fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar an mball maidir lena c(h)uid feidhmeanna a chomhlíonadh mar bhall den Bhord.

## Tinreamh an Bhoird

| Ball an Bhoird | | Táillí € | Tinreamh (Reáchtáladh 10 gcruinniú in 2009) |
|---|---|---|---|
| Eoin O'Driscoll | | 22,400 | 10 |
| Martin Cronin | (ar scor Lúnasa 2009) | 7,817 | 6 |
| Jane Williams | (ceaptha i Meán Fómhair 2009) | 3,944 | 4 |
| Pat Barry | | 13,067 | 9 |
| Frank Gannon | | Nialas | 6 |
| Sean Gorman | | Nialas | 7 |
| William O'Brien | | 13,067 | 5 |
| Barry O'Leary | | Nialas | 5 |
| Frank Ryan | | Nialas | 9 |
| An Dr Don Thornhill | | 13,067 | 8 |
| Paul O'Toole | (ceaptha Meitheamh 2009) | Nialas | 4 |
| Ann Heraty | (a d'éirigh as i bhFeabhra 2009) | 2,333 | 0 |

## Costais an Bhoird

Ba é €1,068 méid iomlán na gcostas a íocadh le baill Bhord Forfás in 2009, a chuimsigh an méid seo a leanas:

| | € |
|---|---|
| Míleáiste | 302 |
| Traenacha, Tacsaithe & Costais Dhearbhaithe | 766 |

## Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba é ráta pá Phríomhfheidhmeannach Forfás in 2009 ná:

1 Eanáir 2009 go 5 Lúnasa 2009: €222k in aghaidh na bliana (Ráta na Scéime Pinsin Ranníocaigh)

7 Meán Fómhair 2009 – 31 Nollaig 2009: €211 in aghaidh na bliana (Ráta na Scéime Pinsin Neamh-Ranníocaigh) móide ranníocaíocht 12% le Plean Pinsean Pearsanta

## Cairt Chustaiméirí

Leagann Cairt Chustaiméirí Forfás amach tiomantas na heagraíochta do sheirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dá custaiméirí. Tá an chairt seo le fáil ar www.forfás.ie. Cuimsíonn an Chairt seo nós imeachta chun plé le gearáin. Ní bhfuarthas gearán ar bith in 2009.

## Éifeachtacht Fuinnimh

I ngach réimse a bhaineann le húsáid fuinnimh agus seirbhísí dá fhoirgnimh, déanann Forfás a dhícheall na modhanna is éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de agus na modhanna is fearr don chomhshaol a chur i bhfeidhm. I gcomhréir le riachtanais rialála léiríonn Forfás Teastas Fuinnimh Léiritheach ina limistéar fáiltithe. Cuireadh uasghrádú ar na córais soilsithe i dTeach Pháirc Wilton i gcrích in 2009 i gcomhréir le Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann, agus bhí feabhsuithe intomhaiste le feiceáil san éifeachtacht fuinnimh fhoriomlán mar thoradh air sin.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Táim tar éis iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Forfás don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 faoin Acht um Fhorbairt Tionscail 1993.

Cuimsítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach iontu, na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas um Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

## Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá Forfás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Fhorbairt Tionscail 1993 agus as rialtacht idirbheart a chinntiú.  Ullmhaíonn Forfás na ráitis airgeadais de réir Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn.  Tá freagrachtaí cuntasaíochta Bhaill an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Bhaill an Bhoird.

Tá mé freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na riachtanas dlíthiúil agus rialála agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (An RA agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim faoi cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir nó nach dtugann, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé ar coimeádadh leabhair chuntais chearta nó nár coimeádadh, i mo thuairim.  Chomh maith leis sin, tugaim mo thuairim ar cibé an réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais nó nach réitíonn.

Tuairiscím faoi chás ábhartha ar bith inar úsáideadh airgead do chuspóir eile seachas an ceann a bhí beartaithe dó, nó mura ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú.

Tuairiscím freisin mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a bhí riachtanach chun m'iniúchadh a dhéanamh.

Déanaim athbhreithniú ar cibé an léiríonn an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil Forfás ag cloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit nó nach léiríonn, agus tuairiscím ar aon chás ábhartha ina bhfuil a mhalairt fíor, nó má tá an ráiteas míthreorach nó ar neamhréir le faisnéis eile a tháinig mé uirthi le linn m'iniúchta ar na ráitis airgeadais.  Níl orm breathnú ar cibé an gclúdaíonn an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais gach riosca agus rialú airgeadais nó nach gclúdaíonn, ná ní gá dom tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an bhfuil sé comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais iniúchta nó nach bhfuil. Breathnaím ar na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagann sé chun m'fheasa go bhfuil míráitis dhealraitheacha nó neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais inti.

## Bonn na Tuairime Iniúchta

Ag cleachtadh m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (An RA agus Éire) a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchta agus trí thagairt a dhéanamh do na breathnuithe speisialta a bhaineann le heagraíochtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Cuimsítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise ar ábhartha í do na méideanna agus don nochtadh agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais a bhí san áireamh sna ráitis airgeadais. Cuimsítear ann freisin measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus féachaint an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí Forfás, an gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus an nochtar go leordhóthanach iad.

Rinne mé pleanáil ar m'iniúchadh agus thug mé faoi d'fhonn an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a fháil a mheas mé a bheith riachtanach chun fianaise leordhóthanach a chur ar fáil dom le dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise, nó neamhrialtachta nó earráid eile. Le teacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht freisin ar leordhóthanacht fhoriomlán na faisnéise a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais.


### Béim ar Ábhar - Caiteachas Neamhéifeachtach

Gan mo thuairim a cháiliú, cuirim i gcuimhne go gcuimsítear caiteachas neamhéifeachtach ar chíos agus ar chostais ghaolmhara de thart ar €1,470,000 i gcaiteachas tuairiscithe Forfás don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009. Tarlaíonn an caiteachas neamhéifeachtach toisc gur fágadh spás oifige gan úsáid ar feadh cuid den bhliain. Rinne eagraíochtaí réamhtheachtaí na socruithe léasachta gaolmhara agus sannadh do Forfás iad ina dhiaidh sin.

## Tuairim

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar staid ghnóthaí Forfás amhail ar an 31 Nollaig 2009 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar chríoch an dáta sin.

Is é an tuairim atá agam ná gur choinnigh Forfás leabhair chuntais chuí. Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.



John Buckley

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

10 Bealtaine 2010

# Ráiteas Airgeadais

# Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Bhaill an Bhoird

## Do Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2009

Ceanglaíonn Alt 7(2) den chéad Sceideal leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 ar Forfás i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le ceadú an Aire Airgeadais, gach cuntas cuí agus gnách a choimeád ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé.

Tá sé de cheanglas ar Forfás le linn dó na ráitis airgeadais sin a ullmhú:

- beartais chuntasaíochta fheiliúnacha a roghnú agus iad a chuir i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh Forfás ar aghaidh ag feidhmiú;
- aon imeacht ábhartha ó Chaighdeáin Chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.


Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a nochtfaidh le cruinneas réasúnta, am ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 7(2) den Chéad Sceideal den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993. Tá na leabhair chuntais sin le fáil ag ceanncheathrú na Gníomhaireachta, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus ar an ábhar sin ní mór dó bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Ar son an Bhoird:



Eoin O'Driscoll

Cathaoirleach



Jane Williams

Príomhfheidhmeannach

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithnímse, thar ceann Bhord Forfás, go bhfuil freagracht orainn as a chinntiú go ndéantar Córas éifeachtach Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais a chothabháil agus a oibriú sa Ghníomhaireacht.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta, nach absalóideach í, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go n-aithneofaí iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Tá céimeanna glactha ag an mbord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm mar seo a leanas:

- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun a sócmhainní a chosaint;
- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas mar seo a leanas:

- Nádúr, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá mar bhaol don chomhlacht a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- Measúnú a dhéanamh ar an dealraitheacht go dtarlódh na rioscaí aitheanta;
- Oibriú i gcomhar leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ar spriocanna Forfás agus tacaíocht á tabhairt do straitéisí Forfás chun na spriocanna sin a ghnóthú.

Tá an Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais bunaithe ar chreatlach faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear go háirithe air:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe mar aon le buiséad bliantúil a ndéanann an Bord athbhreithniú air agus comhaontú faoi;
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais os coinne meastachán;
- Spriocanna a leagadh síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- Smachta foirmiúla bainistíochta tionscadal.


Tá feidhm iniúchta inmheánaigh foinsithe allamuigh ag Forfás, a oibríonn de réir na Creatlaí um Chód an tSárchleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn go díreach don Choiste Iniúchóireachta. Cuireann an anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht nochta dó bonn eolais ar fáil d'obair an iniúchta inmheánaigh agus bunaítear pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla ar an anailís sin. Formhuiníonn an Coiste Iniúchóireachta an anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh. Tagann an Coiste Iniúchóireachta le

chéile gach ráithe chun athbhreithniú a dhéanamh leis an Iniúchóir Inmheánach ar thoradh a n-iniúchtaí agus chun leordhóthanacht agus éifeachtacht leanúnach an Chórais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais a dheimhniú.

Tacaítear le monatóireacht agus le hathbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais trí obair an iniúchóra inmheánaigh agus an Coiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh agus ar an rialú atá i bhfeidhm ag bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de Forfás. Is iad na bainisteoirí sin atá freagrach as forbairt agus cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais agus as tagairtí a rinne an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

Dearbhaímse go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2009.

Sínithe ar son an Bhoird



Eoin O’Driscoll

Cathaoirleach

# Beartais Chuntasaíochta

## Na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1995, 1998, 2003 agus 2009

Bunaíodh Forfás, an bord um chomhordú agus um chomhairle ar bheartais maidir le forbairt thionsclaíoch agus eolaíocht & teicneolaíocht in Éirinn, an 1 Eanáir 1994, faoi fhorálacha an Achta um Fhorbairt Tionscail 1993, mar a leasaíodh le reachtaíocht ina dhiaidh sin. Is é an comhlacht trína ndéantar cumhachtaí a shannadh d'Fhiontraíocht Éireann, chun tionscal dúchasach a chur chun cinn, agus do IDA Ireland, chun infheistíocht isteach a chur chun cinn.

Chomh maith lena phríomhfheidhm maidir le comhairle agus comhordú, tá an fhreagracht ar Forfás freisin as costais pinsean na foirne atá ar scor ó Forfás, IDA Ireland, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus roinnt iarghníomhaireachtaí, faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1998 agus 2003, mar atá leagtha amach i Nóta 8 de na Ráitis Airgeadais seo.

### 1. Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm a d'fhaomh an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le toiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Fhorbairt Tionscail 1993. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhraithe, ach amháin má luaitear a mhalairt thíos agus tá siad de réir cleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go ginearálta. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais, arna moladh ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

### 2. Ioncam a Aithint

Léiríonn an t-ioncam ón Deontas Oireachtais an fáltas airgid iarbhír sa bhliain.

### 3. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Cuimsítear sna Sócmhainní Seasta sócmhainní seasta inláimhsithe atá faoi úinéireacht Forfás agus luaitear iad mar costas lúide dímheas carntha. Déantar dímheas a ríomh chun costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolréanna úsáideacha measta mar seo a leanas:

- Trealamh Ríomhaireachta: 3 Bliana
- Mótarfheithiclí: 4 Bliana
- Daingneáin agus Feistis: 5 Bliana

Gearrtar dímheas i mbliain a gceannaithe agus ní ghearrtar é i mbliain a ndiúscartha. Déantar daingneáin, feistis, agus trealamh ríomhaireachta faoi bhun na tairsí caipitlithe €1,000 a áireamh i gCuntas Ioncaim agus Caiteachais na bliana sin ina gceannaítear iad.

### 4. Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil na cistí gan amúchadh a úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a fháil.

## 5. Airgeadraí Eachtracha

Déantar fiachais agus sócmhainní airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha a aistriú de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Déantar ioncaim agus costais a aistriú de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart bunúsach.

## 6. Féichiúnaithe

Déantar drochfhiacha aitheanta a dhíscríobh de réir mar a thagann siad chun cinn agus déantar foráil faoi leith sna cásanna ina meastar nach dócha go ndéanfaí iad a aisghabháil.

## 7. Costais Pinsean

Bhí ceithre scéim pinsean á fheidhmiú ag Forfás i gcaitheamh na bliana 2009 a raibh sochar sainithe neamh-mhaoinithe acu. Maoinítear iad gach bliain ar bhonn íoc mar a úsáidtear ón airgead atá ar fáil dóibh, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail na foirne. Chomh maith leis sin, íoctar aisce scoir agus pinsean bliantúil, arna shocrú ar scor, as dhá scéim a bhfuil sochar sainithe cistithe acu. Maoinítear méaduithe pinsean infheidhmithe do bhaill na scéimeanna seo ar bhonn íoc mar a úsáidtear ón airgead arna sholáthar ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Aistríodh sócmhainní an dá scéim pinsean maoinithe chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean ar 31 Nollaig 2009 faoi réir an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009. Tá na scéimeanna pinsean a bhaineann leis an dá chiste sin i bhfeidhm i gcónaí i gcás na mball reatha. Cuirfidh an Státchiste maoiniú iomlán ar fáil chun íocaíochtaí pinsean na scéimeanna sin a shásamh, amhail ar an 1 Eanáir 2010, trí Dheontas bliantúil an Oireachtais.

Léiríonn costais pinsean na sochair pinsean arna dtuilleamh ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsean foirne a choimeádann Forfás. Aithnítear méid atá comhfhreagrach don táille pinsean mar ioncam chomh fada is atá sé in-aisghabhála, agus déantar é a fhritháireamh le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a chomhlíonadh.

